

**The North/South Language Body  
Annual Report and Accounts  
for the year ended 31 December 2020**

**An Foras Teanga  
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais  
don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020**

**Tha Boord o Leid  
An Account o the Darg  
for the year hinmaist 31 Decemmer 2020**

**Foras na Gaeilge**  
63-66 Sráid Amiens  
Baile Átha Cliath 1  
+353 (0)1 6398400

[www.forasnagaeilge.ie](http://www.forasnagaeilge.ie)  
[eolas@forasnagaeilge.ie](mailto:eolas@forasnagaeilge.ie)

**Foras na Gaeilge**  
Teach an Gheata Thiar  
2-4 Sráid na Banríona  
Béal Feirste  
BT1 6ED  
+44 (0)28 9089 0970

**Foras na Gaeilge**  
An Chrannóg  
Na Doirí Beaga  
Gaoth Dobhair  
Dún na nGall  
+353 (0)74 9560113 / 9560114

**Foras na Gaeilge**  
(Clár na Leabhar Gaeilge)  
Ráth Chaim  
Áth Buí  
Co. na Mí  
+353 (0)46 9430419

**Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (ÁIS)**  
Aonad 3  
Páirc Ghnó Dhún Seachlainn  
Dún Seachlainn  
Co. na Mí  
+353 (0)1 6616522

**The Ulster-Scots Agency**  
The Corn Exchange  
31 Gordon Street  
Belfast  
BT1 2LG  
+44 (0)28 9023 1113

[www.ulsterscotsagency.com](http://www.ulsterscotsagency.com)  
[info@ulsterscotsagency.org.uk](mailto:info@ulsterscotsagency.org.uk)

**The Ulster-Scots Agency**  
William Street  
Raphoe  
Co. Donegal  
+353 (0)74 9173876

**An Foras Teanga Thuaidh/Theas - North/South Language Body**  
**Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais - Annual Report and Accounts**  
**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 - For the year ended 31 December 2020**

*Curtha faoi bhráid Chomhthionól Thuaisceart Éireann*  
*Faoin Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann),*  
*1999, Sceideal 1, Iarscríbhinn 2, Cuid 7, Airteagail 1.3 agus 2.6 ag an Roinn Pobal.*

*Laid before the Northern Ireland Assembly under North/South Co-operation (Implementation*  
*Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 Schedule 1, Annex 2, Part 7, paragraphs 1.3 and 2.6*  
*by the Department for Communities.*

*16 Feabhra 2023/16 February 2023*



**The North / South Language Body  
Annual Report and Accounts  
for the year ended  
31 December 2020**

**An Foras Teanga  
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais  
don bhliain dar  
críoch 31 Nollaig 2020**

**Tha Boord o Leid  
An Accont o tha Darg  
for the year hinmaist 2020**

*The Language Body is a North / South Implementation Body sponsored by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (DTCAGSM) and the Department for Communities (DfC). It was established on the 2nd of December 1999 under the British-Irish Agreement which set up the implementation bodies and was underpinned by the British-Irish Agreement Act 1999 and the North / South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999. It reports to the North / South Ministerial Council (NSMC).*

*The Language Body comprises Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency. Foras na Gaeilge has the principal function of the promotion of the Irish language on an all-island basis. The principal function of the Ulster-Scots Agency is the promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island.*

*Further information and Board Minutes are available on the agencies' websites:*

*[www.forasnagaeilge.ie](http://www.forasnagaeilge.ie)*

*[www.ulsterscotsagency.com](http://www.ulsterscotsagency.com)*

*Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh / Theas é an Foras Teanga agus tá sé urraithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) agus an Roinn Pobal (RP). Bunaíodh é an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh na comhlachtaí forfheidhmithe, comhaontú a bhfuil an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann agus an North / South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 mar bhonn faoi. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT).*

*Tá an Foras Teanga comhdhéanta d'Fhoras na Gaeilge agus de Ghníomhaireacht na hUltaise. Is é príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Is é príomhfheidhm Ghníomhaireacht na hUltaise eolas níos fearr faoi Ultais agus úsáid agus saincheisteanna cultúir Ultach-Albanacha a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.*

*Tá breis eolais agus Miontuairiscí Boird ar fáil ar shuíomh gréasáin na ngníomhaireachtaí:*

*[www.forasnagaeilge.ie](http://www.forasnagaeilge.ie)*

*[www.ulsterscotsagency.com](http://www.ulsterscotsagency.com)*

## **Contents**

<b>Board Members of The Language Body</b>	<b><i>4</i></b>
<b>Joint Introduction</b>	<b><i>5</i></b>
<b>Report of Foras na Gaeilge</b>	<b><i>6</i></b>
<b>Report of The Ulster-Scots Agency</b>	<b><i>46</i></b>
<b>Financial Statements</b>	<b><i>70</i></b>

## **Clár**

<b>Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga</b>	<b>4</b>
<b>Comhréamhrá</b>	<b>5</b>
<b>Tuairisc Fhoras na Gaeilge</b>	<b>6</b>
<b>Tuairisc Tha Boord o Ulstèr-Scotch</b>	<b>46</b>
<b>Ráitis Airgeadais</b>	<b>70</b>



# Board Members of the Language Body

The following served as Board Members during 2020

## *Joint-Chairpersons*

Pól Ó Gallchóir / *Term ended 12/12/2020*

Keith Gamble\*

Julie Andrews\*

Iain Carlisle\*

Sorcha Ní Chéide

Maighréad Ní Chonghaile

Mairéad Farrell / *Resigned 08/02/2020*

Niall Ó Gallochobhair

Conor McGuinness

Barra Ó Muirí (*Deputy Chair, Foras na Gaeilge*)

David McNarry\*

Máire Ní Neachtain

Wuraola Majekodunmi / *Appointed 27/11/2020*

Dáithí Mac Cárthaigh / *Appointed 27/11/2020*

Neasa Ní Chiaráin / *Appointed 27/11/2020*

Liam Rushe / *Appointed 16/12/2020*

Liadh Ní Riada / *Appointed 16/12/2020*

Kevin Ó hEadhra / *Appointed 16/12/2020*

Caoimhín Mac Giolla Mhín / *Appointed 16/12/2020*

Doiminic Ó Brolcháin / *Appointed 16/12/2020*

*\*Denotes Board membership of The Ulster-Scots Agency; unmarked denotes Board membership of Foras na Gaeilge.*

# Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga

Bhí na daoine seo leanas ina gComhaltaí Boird le linn 2020

## *Comh-Chathaoirligh*

Pól Ó Gallchóir / *Deireadh le téarma 12/12/2020*

Keith Gamble\*

Julie Andrews\*

Iain Carlisle\*

Sorcha Ní Chéide

Maighrhead Ní Chonghaile

Mairéad Farrell / *d'éirigh as 08/02/2020*

Niall Ó Gallochobhair

Conor McGuinness

Barra Ó Muirí (*Leas-Chathaoirleach, Foras na Gaeilge*)

David McNarry\*

Máire Ní Neachtain

Wuraola Majekodunmi / *Ceaptha 27/11/2020*

Dáithí Mac Cárthaigh / *Ceaptha 27/11/2020*

Neasa Ní Chiaráin / *Ceaptha 27/11/2020*

Liam Rushe / *Ceaptha 16/12/2020*

Liadh Ní Riada / *Ceaptha 16/12/2020*

Kevin Ó hEadhra / *Ceaptha 16/12/2020*

Caoimhín Mac Giolla Mhín / *Ceaptha 16/12/2020*

Doiminic Ó Brolcháin / *Ceaptha 16/12/2020*

*\*Léiríonn ballraíocht de Bhord na hUltaise; léiríonn easpa réiltín ballraíocht d'Fhoras na Gaeilge.*

## Thegither Forethocht • Joint Introduction • Comhréamhrá

The year 2020 was one of great challenge, as people across these islands and around the world were confronted by the Covid-19 pandemic, requiring us all to adjust to a rapidly changing public health situation, while at the same time working to maintain service delivery and as much normality as possible in very abnormal circumstances. The agencies of the Language Body, the Ulster-Scots Agency and Foras na Gaeilge, were no exception.

The Ulster-Scots Agency adapted quickly across all areas of its work, moving to remote working whilst maintaining contact with and support for our stakeholders. We used technology to enable all our staff to continue working and maintain services to the community, adopting flexible approaches that enabled us to move a substantial amount of cultural programming online and ensure that our funding support continued to flow smoothly to those who needed it.

Despite the difficulties the Agency was able to commence exciting new partnership projects with Union Theological College, the Linen Hall Library and the Presbyterian Church in Ireland, as well as continuing to work with local councils to take forward projects such as the Andrew Jackson Cottage interpretation. Ulster-Scotch Leid Week / Ulster-Scots Language Week continued to grow, delivering a successful series of online events, and our social media channels attracted unprecedented numbers throughout the year due to the increased focus on the digital realm.

Thanks to our colleagues in the Department for Communities, following an intervention from Minister Ní Chuilín, the Agency was awarded additional funding of £850k via the Indigenous Language and Culture COVID Support Scheme to provide vital support to Ulster-Scots groups struggling to survive the social and economic consequences of the pandemic, in what was the largest funding programme ever delivered for the Ulster-Scots sector.

The Agency maintained its presence in schools by carrying on work remotely. Tutors were able to provide Zoom lessons and recorded video media for their pupils. The Agency continued to assist the development of capacity within the Ulster-Scots community at grassroots level through our funding of the Monreagh Ulster-Scots Heritage Centre and the Ulster-Scots Community Network who continued to provide guidance on funding opportunities, governance, and training needs to the community throughout the year. This led to groups getting access to £634K of grant funding from a range of sources during the year.

In Foras na Gaeilge's case, while the COVID-19 pandemic continued to impact on the organisation's work agenda and those of our grantees, all necessary collaborative efforts were made in order to adapt plans and arrangements.

Foras na Gaeilge's largest investment in 2020 - an investment of some €8.5m - was in the community sector. This equates to €1 out of every €2 of Foras na Gaeilge's budget and was channelled mainly through the six Irish Language Lead-Organisations, the Irish Language Community Scheme as well as youth, education and arts projects.

President of Ireland Micheál D. Ó hUiginn launched the first major Irish dictionary for sixty years, *Concise English Irish Dictionary*. The publication is much in demand, with more than 5,000 copies sold within the first six months after its launch on the 30th of October 2020. In the field of lexicography and terminology, there was an increase in the number of users of Foras na Gaeilge sites: 2.4 million users on focloir.ie (a rise of 13% since 2019), 2.4 million users on teanglann.ie (a rise of 26% from 2019) and 560,000 users on téarma.ie (a rise of 17% since 2019).

In the field of language planning, plans for the next seven years were approved for one Gaeltacht service town and five networks throughout the island.

Book sales from Áis rose by 5.3% compared to 2019 and 200,000 books were distributed to more than 250 bookshops throughout the island and abroad. The twelve publishing houses who receive support through the Publications Scheme published some seventy-two books in 2020. The site leitheoiri.ie was established in association with *Comhar* to sustain and develop a reading public for Irish publications.

Some 21.6 million impressions are evidence of the major impact the #LeChéile cross-platform campaign had on the online community. The number of views on Foras na Gaeilge accounts increased by 468% as a result of this campaign, which supported the community in their use of Irish at home during lockdown.

On behalf of the Language Body we would like to thank all those, in the agencies and beyond, who contributed to our work in this difficult year, which despite all the hurdles has continued to improve awareness of and participation in the Irish language and Ulster-Scots language, heritage and culture on the island of Ireland and further afield, particularly via the digital space.

*Keith Gamble*  
Chairman  
The Ulster-Scots Agency

*Barra Ó Muiri*  
Deputy Chairperson  
Foras na Gaeilge

## Comhréamhrá • Joint Introduction • Thegither Forethocht

Bliain fhíordhúshlánach a bhí in 2020, inar ghá do dhaoine sna hoileáin seo agus ar fud na cruinne dul i ngleic leis an bpaindéim COVID-19 agus inar ghá dúinn uile rudaí a chur in oiriúint do thoscaí sláinte poiblí a bhí ag athrú go tapa ach fós féin inar ghá iarracht a dhéanamh seachadadh seirbhísí agus an gnáthshaol a thabhairt slán a oiread agus ab fhéidir in ainneoin na dtoscaí fíor-mhínormálta. Níor thaise do ghníomhaireachtaí an Fhorais Teanga, Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge, é.

Chuaigh Gníomhaireacht na hUltaise i dtaithí go tapa inár réimsí éagsúla oibre go léir ar an athrú go cianobair agus ag an am céanna ag síneadh amach chun tacú lenár bpáirtithe leasmhara go léir. D'úsáideamar an teicneolaíocht lenár bhfoireann uile a chumasú chun leanúint ar aghaidh ag obair agus ag soláthar seirbhísí don phobal, agus ghlacamar le bealaí oibre solúbtha a chuir ar ár gcumas cuid shubstaintiúil dár gclár oibre cultúrtha a bhogadh ar líne ag cinntiú dá réir go raibh maoiniú ag dul go réidh a fhad leo siúd a raibh sé ag teastáil uathu.

In ainneoin na ndeacrachtaí bhí an Gníomhaireacht ábalta tionscadail chomhpháirtíochta iontacha a thosú le Coláiste Diagachta an Aontais, Leabharlann Halla an Línéadaigh agus an Eaglais Phreispitéireach in Éirinn. Leanann an Gníomhaireacht ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le comhairlí áitiúla chun tionscadail amhail léirmhíniú Theachín Andrew Jackson a thabhairt chun tosaigh. Lean Ulster-Scotch Leid Week / Seachtain na hUltaise ag méadú agus seachadadh sraith rathúil d'imeachtaí ar líne agus mheall ár meáin shóisialta líon daoine nach bhfacthas riamh roimhe i rith na bliana mar gheall ar an mbéim níos mó ar an réimse digiteach.

A bhui lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Pobal, tar éis idirghabháil ón Aire Ní Chuilín, bronnadh £850k tríd an Scéim Tacaíochta COVID do Theanga agus Cultúr Dúchais chun tacaíocht a raibh géarghá léi a thabhairt doghrúpaí Ultach-Albanach a bhí ag streachailt le hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha na paindéime, an t-clár maoinithe ba mhó riamh a cuireadh ar fáil don earnáil Ultach-Albanach.

Choinnigh an Gníomhaireacht a láithreach i scoileanna trí roinnt oibre a dhéanamh ó chian. Bhí teagascóirí ábalta ceachtanna Zoom a chur ar fáil agus thairfead siad meáin físe dá ndaltaí. Lean an Gníomhaireacht de bheith ag cabhrú le cumas a fhorbairt i bpobal na hUltaise ag an mbonnleibhéal trínár maoiniú d'Ionad Oidhreachta Ultaise na Móine Riabhaí agus do Líonra Pobail na hUltaise a lean ar aghaidh ag tabhairt teorach maidir le deiseanna maoinithe, rialachas, agus riachtanais oiliúna i rith na bliana. De thoradh air seo bhí rochtain ag grúpaí ar £634k de mhaoiniú deontais ó réimse foinsí i mbliana.

I gcás Fhoras na Gaeilge, cé gur lean an coróinvireas ag imirt tionchair ar chlár oibre na heagraíochta agus ar chlár oibre ár ndeontaithe uile, rinneadh gach comhoibriú ba ghá le pleananna agus socruithe a choigeartú.

Ba í an infheistíocht ba mhó a rinne Foras na Gaeilge in 2020 - infheistíocht arbh fhiú €8.5 milliún í - an caiteachas in earnáil an phobail. Is ionann sin agus €1 as gach €2 de bhuiséad Fhoras na Gaeilge agus is trí na sé Cheanneagraíocht Ghaeilge, an Scéim Pobal Gaeilge, chomh maith le scéimeanna óige, oideachais agus ealaíon a díriodh í.

Sheol Uachtarán na hÉireann Micheál D. Ó hUiginn an chéad mhórfhoclóir Gaeilge le seasca bliain, *Concise English Irish Dictionary*. Tá an-éileamh ar an bhfoilseachán agus díoladh níos mó ná 5,000 cóip laistigh den chéad sé mhí ó seoladh é ar an 30 Deireadh Fómhair. I réimse na foclóireachta agus na téarmaíochta, tháinig méadú ar líon úsáideoirí shuíomhanna Fhoras na Gaeilge: 2.4 milliún úsáideoir ar focloir.ie (ardú 13% ó 2019), 2.4 milliún úsáideoir ar teanglann.ie (ardú 26% ó 2019) agus 560,000 úsáideoir ar teama.ie (ardú 17% ó 2019).

I réimse na pleanála teanga, ceadaíodh pleananna do chúig líonra agus do bhaile seirbhíse Gaeltachta amháin ar fud an oileáin le haghaidh na seacht mbliana amach romhainn.

Tháinig ardú 5.3% ar dhíolachán leabhar Áis i gcomparáid le 2019 agus dáileadh 200,000 leabhar ar níos mó ná 250 siopa leabhar ar fud oileán na hÉireann agus thar lear. D'fhoilsigh an dá fhoilsitheoir déag Gaeilge a fhaigheann tacaíocht trí Scéim na Foilsitheoireachta dhá leabhar agus seachtó in 2020. Bunaíodh an suíomh gréasáin leitheoiri.ie i gcomhar le *Comhar* le pobal léitheoireachta na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt.

Léiríonn 21.6 milliún imprisean go ndeachaigh feachtas trasardáin #LeChéile go mór i bhfeidhm ar an bpobal ar líne. Tháinig méadú 468% ar líon na n-amharc ar chuntais Fhoras na Gaeilge mar thoradh ar an bhfeachtas seo a thacaigh leis an bpobal Gaeilge a úsáid sa bhaile le linn na dianghlasála.

Thar ceann an Fhorais Teanga ba mhaith linn ár mhuíochas a ghabháil leosan ar fad laistigh de na gníomhaireachtaí agus lasmuigh a chabhraigh lenár gcuid oibre i rith na bliana dúshlánaí seo inar éirigh linn in ainneoin na hainneoinne feasacht ar agus rannpháirtíocht san Ultais, san oidhreacht agus sa chultúr Ultach-Albanach agus sa Ghaeilge a mhéadú ar oileán na hÉireann agus thar lear, go háirithe tríd an spás digiteach.

Barra Ó Muirí  
Deputy Chairperson  
Foras na Gaeilge

Keith Gamble  
Chairman  
The Ulster-Scots Agency



**Tuairisc Fhoras na Gaeilge**

**Report of Foras na Gaeilge**



# **Contents**

<b>Introduction</b>	<b>8</b>
<b>Status</b>	<b>10</b>
<b>Acquisition</b>	<b>16</b>
<b>Use</b>	<b>23</b>
<b>Communication</b>	<b>35</b>
<b>Policy, Planning &amp; Research</b>	<b>38</b>
<b>Remuneration Report</b>	<b>42</b>

## **Clár**

<b>Réamhrá</b>	<b>8</b>
<b>Stádas</b>	<b>10</b>
<b>Sealbhú</b>	<b>16</b>
<b>Úsáid</b>	<b>23</b>
<b>Cumarsáid</b>	<b>35</b>
<b>Polasaí, Pleanáil &amp; Taighde</b>	<b>38</b>
<b>Tuairisc ar Luach Saothair</b>	<b>42</b>



# Introduction

2020 was an exceptional and difficult year for the health sector and for individuals throughout the world. In the Irish language sector, those working in the areas of community, education, business and the arts had to overcome challenges when the global COVID-19 pandemic struck in the first quarter of 2020. While the coronavirus impacted on the agenda of all Foras na Gaeilge employees and grantees, all necessary collaborative efforts were made in order to adapt plans and arrangements. The year's highlights include the areas and projects below:

- Foras na Gaeilge's largest investment in 2020 was in the community sector. A significant investment of €8.5 million was made in community (€1 out of every €2 of Foras na Gaeilge's budget) through the six Irish Language Lead-Organisations, the Irish Language Community Scheme as well as youth, education and arts projects.
- President of Ireland Micheál D. Ó hUiginn launched the first major Irish dictionary for sixty years, *Concise English Irish Dictionary*. The publication is much in demand, with more than 5,000 copies sold since September 2020.
- In the field of lexicography and terminology, there was an increase in the number of users of Foras na Gaeilge sites: 2.4 million users on focloir.ie (a rise of 13% since 2019), 2.4 million users on teanglann.ie (a rise of 26% from 2019) and 560,000 users on téarma.ie (a rise of 17% since 2019).
- In the field of language planning, plans for the next seven years were approved for one Gaeltacht service town and five networks throughout the island.
- Book sales from Áis rose by 5.3% compared to 2019 and 200,000 books were distributed to more than 250 bookshops throughout the island of Ireland and abroad.
- The twelve publishing houses who receive support through the Publications Scheme published some seventy-two books in 2020.
- The site léitheoirí.ie was established in association with *Comhar* to sustain and develop a reading public for Irish publications.
- Some 21.6 million impressions are evidence of the major impact the #LeChéile cross-platform campaign had on the online community. The number of views on Foras na Gaeilge accounts increased by 468% as a result of this campaign, which supported the community in their use of Irish at home during lockdown.

Our Chief Executive Seán Ó Coinn has expressed his pride in our grantees and Foras na Gaeilge staff for how they supported each other while dealing with coronavirus restrictions imposed during 2020. I agree wholeheartedly. The team continued to work remotely nine months after the start of lockdown and what they have achieved gives me much encouragement for the year ahead. The Irish-language community throughout the island have demonstrated their resilience and ability to support each other and to act together as a language community, even as a virtual one. I would like to thank the six Irish language Lead Organisations for their efforts and dedication during this year and for their support for Irish language communities throughout the island.

As an Acting Chair, I warmly welcome board appointments made by the North/South Ministerial Council on behalf of the two governments: Liadh Ní Riada, Kevin Ó hEadhra, Caoimhín Mac Giolla Mhín, Doimínic Ó Broilcháin, Liam Rushe, Waraola Majekodunmi, Dr Neasa Ní Chiaráin, and Dáithí Mac Cárthaigh, and the reappointment of Sorcha Ní Chéide and Máire Ní Neachtain. The Members' expertise and experience will greatly enhance the board's work during 2021. I wish to give a particular word of thanks to our outgoing chairperson, Pól Ó Gallchóir, for his guidance, his insight and his support for Foras na Gaeilge since 2017.

*Barra Ó Muiri  
Acting Chairperson  
Foras na Gaeilge*

# Réamhrá

Bliain eisceachtúil agus chrua a bhí in 2020 do réimse na sláinte agus do chách ar fud na cruinne, ach bhí dúshlán le sárú ag réimsí an phobail, an oideachais, an ghnó agus na n-ealaíon in earnáil na Gaeilge nuair a bhuail paidéim dhomhanda COVID-19 sa chéad ráithe de 2020. Cé go raibh tionchar ag an gcoróinvíreas ar chlár oibre gach fostaí agus gach deontáí de chuid Fhoras na Gaeilge, rinneadh gach comhoibriú le socruithe agus pleananna a chur in oiriúint do na srianta. Áirítear na réimsí agus tionscadail thíos i measc bhuaicphointí na bliana:

- Is i réimse an phobail a rinne Foras na Gaeilge an infheistíocht is mó in 2020. Rinneadh timpeall €8.5 milliún d'infheistíocht shuntasach sa phobal (€1 as gach €2 de bhuiséad Fhoras na Gaeilge) trí na sé Cheanneagraíocht Ghaeilge, an Scéim Pobal Gaeilge, chomh maith le scéimeanna óige, oideachais agus ealaíon.
- Sheol Uachtarán na hÉireann Micheál D. Ó hUiginn an chéad mhórfhoclóir Gaeilge le seasca bliain, *Concise English Irish Dictionary*. Tá an-éileamh ar an bhfoilseachán agus tá níos mó ná 5,000 cóip díolta ó mhí Mheán Fómhair 2020.
- I réimse na foiclóireachta agus na téarmaíochta, tháinig méadú ar líon úsáideoirí shuíomhanna Fhoras na Gaeilge: 2.4 milliún úsáideoir ar focloir.ie (ardú 13% ó 2019), 2.4 milliún úsáideoir ar teaglann.ie (ardú 26% ó 2019) agus 560,000 úsáideoir ar tearma.ie (ardú 17% ó 2019).
- I réimse na pleanála teanga, ceadáíodh pleananna do chúig líonra agus do bhaile seirbhíse Gaeltachta amháin ar fud an oileáin le haghaidh na seacht mbliana amach romhainn.
- Tháinig ardú 5.3% ar dhíolachán leabhar Áis i gcomparáid le 2019 agus dáileadh 200,000 leabhar ar níos mó ná 250 siopa leabhar ar fud oileán na hÉireann agus thar lear.
- D'fhoilsigh an dá fhoilsitheoir déag Gaeilge a fhaigheann tacaíocht trí Scéim na Foilsitheoireachta dhá leabhar agus seachtó in 2020.
- Bunaíodh léitheoirí.ie i gcomhar le *Comhar* le pobal léitheoireachta na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt.
- Léiríonn 21.6 milliún imprisean go ndeachaigh feachtas trasardáin #LeChéile go mór i bhfeidhm ar an bpobal ar líne. Tháinig méadú 468% ar líon na n-amharc ar chuntais Fhoras na Gaeilge mar thoradh ar an bhfeachtas seo a thacaigh leis an bpobal Gaeilge a úsáid sa bhaile le linn na dianghlasála.

Tá sé ráite ag an bPríomhfheidhmeannach Seán Ó Coinn go raibh sé thar a bheith bródúil as ár ndeontaithe agus as foireann Fhoras na Gaeilge as an tacaíocht a thug siad dá chéile le dul i ngleic le srianta an choróinvírís le linn 2020 agus aontaím go láidir leis. Bhí an fhoireann fós ag feidhmiú ó chian naoi mí i ndiaidh thus na dianghlasála agus tugann an méid a baineadh amach i mbliana misneach agus dóchas dom don bhliain atá romhainn. Léirigh pobal na Gaeilge ar fud an oileáin go bhfuil an acmhainneacht acu agus an teacht aniar iontu mar phobal le tacú le chéile, le gníomhú mar phobal, agus le bheith mar phobal teanga, más pobal fíorúil féin é. Is mian liom focal ar leith buíochais a thabhairt do na sé Cheanneagraíocht Ghaeilge as a ndua agus as a ndúthracht le linn na bliana seo agus as an tacaíocht a thug siadsan do phobail Ghaeilge ar fud an oileáin.

Mar Chathaoirleach Gníomhach, fáiltím go mór roimh na ceapacháin boird a rinne an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas thar ceann an dá rialtas: Liadh Ní Riada, Kevin Ó hEadhra, Caoimhín Mac Giolla Mhín, Doiminic Ó Brolcháin, Liam Rushe, Wuraola Majekodunmi, an Dr Neasa Ní Chiaráin, agus Dáithí Mac Cárthaigh, agus roimh athcheapadh Shorcha Ní Chéide agus Mháire Ní Neachtain. Cuirfidh saineolas agus taithí na gComhaltaí go mór le gnó an bhoird in 2021. Is mian liom focal ar leith buíochais a thabhairt dár gCathaoirleach, Pól Ó Gallchóir, ar tháinig deireadh lena thréimhse ar an mBord, as a stiúir, as a léargas agus as a thacaíocht d'Fhoras na Gaeilge ó 2017.

*Barra Ó Muiri  
Cathaoirleach Gníomhach  
Foras na Gaeilge*

# Buaicphointí Highlights

# 2020

Pobal  
**c.€8.5m**  
Community

c.€8.5m curtha ar fáil do phobail  
c.€8.5m provided to communities

€1 as gach €2 i dtreo pobal  
€1 of every €2 towards  
communities

1/2

Comhpháirtíocht le 6  
cheanneagraíocht Ghaeilge  
agus ag tacú le 22 pobal  
Gaeilge ar fud an oileáin

Partnership with 6  
lead organisations and  
supporting 22 Irish  
language communities  
throughout the island



89

gcampa samhraidh ó thuaidh  
agus ó dheas ceadaithe  
summer camps north and  
south approved



Ní neart  
go cur  
le chéile

Imrisean  
**21.6m**  
Impressions

**56,000**  
idirghníomhaíocht · interactions

**254,800**  
radharc · views



# COLMCILLE 1500

Comóradh 1500 bliain  
Colmille seolta  
1500 year commemoration  
of Colmcille launched


## 2020 2027

Pleananna teanga  
7 mbliana aontaithe anois  
do 5 Líonra Gaelge  
7 year language plans  
agreed for 5 Irish  
language networks

## #Foclóir

An *Concise English-Irish Dictionary*  
foilsithe. Seolta ag Uachtarán na  
hÉireann Micheál D. Ó hUiginn.  
5,000 cóip díolta

The *Concise English-Irish Dictionary*  
published. Launched by President  
of Ireland Micheál D. Ó hUiginn.  
5,000 copies sold



### 5,000


1.8m focal · words

30,000 iontráil · entries

85,000 ciall · senses

200,000

frása agus abairt shamplach  
phrases and example  
sentences



## 72


leabhar le 12 foilsitheoir foilsithe trí  
Scéim na Foilsitheoireachta  
books by 12 publishers published  
through the Publishing Scheme

## 21

leabhar Gaelge ar ghearrliostaí  
na nGradam Foilsitheoireachta i  
gcomhar le hOireachtas na Gaelge  
books on the Publishing Awards  
shortlists in collaboration with  
Oireachtas na Gaelge

## 5.3% ↑

ÁIS: Díolachán leabhair  
ardaithe 5.3% ar 2019  
ÁIS: Book sales increased  
5.3% on 2019



# **CORPORATE OBJECTIVE 1: STATUS**

## *Enhancing the status of the Irish language*

### **Enhancing the status of Irish through cooperation and partnership**

€832,457 was granted to the Lead Organisation, Conradh na Gaeilge, to carry out a programme of work in the area of awareness raising, language protection and representation (on behalf of the language community with state authorities).

A one-year plan was agreed with Conradh na Gaeilge. This plan was monitored and reported on in each quarter.

Among Conradh na Gaeilge's main projects were:

### **Seachtain na Gaeilge/Irish Language Week**

Despite difficulties with COVID-19, hundreds of thousands of people took part in Seachtain na Gaeilge 2020. Events took place around the world, including special events for International Women's Day, Social Media Day and New Communities Day. For International Women's Day, an event was organised in association with the GAA. Social Media Day saw an event for schools in the Mansion House, featuring special workshops. For New Communities Day, a panel of speakers was organised with the New Irish communities in the Drogheda area. For the first time in recent years there was an event with politicians and local schools in Stormont.

Some 900,000 people took part in Seachtain na Gaeilge in 2020.

The festival strategy was developed for the year 2021 and a start was made on arrangements from May 2020.

### **The Dúshlán Competition 2020**

This third level competition was organised by Conradh na Gaeilge, with 800 students taking part.

### **Peig.ie**

Significant developments have been made on the Peig.ie site. The directory is back on the site with 217 registered organisations. Development work has been undertaken to provide local versions of the site and significantly improve its speed in order to enhance user experience.

As a result of COVID-19, some 4,000 online events were registered in 2020. There was regular contact with other Lead Organisations and with other groups in Ireland and around the world to gather information on events. Information on more than 1,000 events and over fifty Irish-language and other services was shared during the year through the daily PEIG newsletter, which attracted 300,000 hits. This represents an ongoing increase in the number of hits on the site (203,000 in 2017; 300,000 in 2018 Bliain na Gaeilge, 250,000 in 2019 and 300,000 in 2020).

The aim was to have 4,000 users registered for the newsletter, through email or on WhatsApp (1,677 in 2017; 2,380 in 2018; 2,849 in 2020); 5,000 followers on Facebook (2,600 in 2017; 3,788 in 2018; 4,421 in 2019 and 4,783 in 2020); and 5,000 on Twitter (1,887 in 2017; 3,026 in 2018; 4,412 in 2019; 5,140 in 2020) 5,000 on Instagram (2,150 in 2019; 3,328 in 2020).

# CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 1: STÁDAS

## *Stádas na Gaeilge a neartú*

**Cur le stádas na Gaeilge trí chomhoibriú agus trí chomhpháirtíocht**  
Ceadaíodh €832,457 don Ceanneagraíocht Conradh na Gaeilge chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit).

Aontaíodh plean bliana le Conradh na Gaeilge a ndearnadh tuairisciú agus monatóireacht ráithiúil air.

I measc na bpríomhthionscadal de chuid Chonradh na Gaeilge bhí siad seo:

### **Seachtain na Gaeilge**

In ainneoin deacrachtaí le COVID-19 ghlac na céadta míle duine páirt i Seachtain na Gaeilge 2020. Bhí imeachtaí ar siúl ar fud an domhain, ina measc imeachtaí speisialta do Lá Idirnáisiúnta na mBan, Lá na Meán Sóisialta agus Lá na bPobal nua. Do Lá Idirnáisiúnta na mBan eagraíodh imeacht in éineacht le CLG, do Lá na Meán Sóisialta eagraíodh imeacht do scoileanna i dTeach an Ard-Mhéara le ceardlanna speisialta, agus do Lá na bPobal nua eagraíodh painéal cainte i nDroichead Átha le pobal na nÉireannach nua sa cheantar. Den chéad uair le blianta anuas bhí imeacht le polaiteoirí agus scoileanna áitiúla in Stormont.

Bhí 900,000 duine páirteach i Seachtain na Gaeilge in 2020.

Forbraíodh straitéis don fhéile don bhliain 2021 agus tosaíodh ar na socrúithe ó Bhealtaine 2020 ar aghaidh.

### **An Comórtas Dúshlán 2020**

Reáchtáil Conradh na Gaeilge an comórtas seo, comórtas don tríú leibhéal ar ghlac 800 mac léinn páirt ann.

### **Peig.ie**

Rinneadh forbairtí suntasacha ar shuíomh peig.ie agus tá an t-eolaire ar ais ag feidhmiú ar an suíomh le 217 gcomhlacht cláraithe air. Tá obair fhorbartha déanta ar leaganacha áitiúla den suíomh a chur ar fáil agus luas an tsuímh feabhsaithe go mór le cur le heispéiris an úsáideora.

Cláraíodh 4,000 imeacht ar líne in 2020 toisc cúrsaí COVID-19. Bhí teagmháil rialta leis na Ceanneagraíochtaí eile, grúpaí eile in Éirinn agus ar fud an domhain chun eolas a bhailiú maidir le himeachtaí. Roinneadh eolas faoi níos mó ná 1,000 imeacht, níos mó ná caoga seirbhís Gaeilge agus eile i rith na bliana trí nuachtlitir laethúil PEIG a tharraing 300,000 buille, a léiríonn ardú leanúnach tagtha ar líon na mbuillí ar an suíomh (203,000 in 2017; 300,000 in 2018 Bliain na Gaeilge, 250,000 in 2019 agus 300,000 in 2020).

Ba é 4,000 an sprioclíon clárúchán don nuachtlitir idir ar ríomhphost agus ar WhatsApp (1,677 in 2017; 2,380 in 2018; 2,849 in 2020); 5,000 leantóirí ar Facebook (2,600 in 2017; 3,788 in 2018; 4,421 in 2019 agus 4,783 in 2020); agus 5,000 ar Twitter (1,887 in 2017; 3,026 in 2018; 4,412 in 2019; 5,140 in 2020) 5,000 ar Instagram (2,150 in 2019; 3,328 in 2020).

### **Advocacy with public representatives**

In September, more than seventy politicians from the Irish Government jurisdiction took part in the SEAS advocacy event. A similar event was organised in the Executive jurisdiction in November and was attended by more than thirty representatives from five political parties, along with some independents. There have been ongoing meetings with politicians on legislation, strategies, sector funding, education and other matters in both jurisdictions throughout the year.

In the Executive jurisdiction, meetings were held with the Minister for Finance, the Minister for Infrastructure, the Community Minister, the Deputy First Minister and the Secretary of State. In the South, meetings were held with both Ministers in DTCAGSM and the Minister for Housing.

### **Some significant results**

In the Irish Government jurisdiction, a major public engagement campaign was organised, involving forums in thirty-five electoral areas. Pledges were won from the political parties regarding our four demands in the run-up to the general election and progress has been made following on from that:

- Demand 1, an additional €17.5 million in funding for the Irish language and the Gaeltacht was promised in 2021;
- Demand 2, a Senior Minister who has ability in Irish and is able to work as a Minister of State;
- Demand 3, 2030 to be laid down in the Language Bill as a deadline for reaching a 20% target for Irish language proficiency among new recruits to the public service, a demand originally made by Conradh na Gaeilge;
- Demand 4, that the Programme for Government should include a policy for Irish in the education system, from preschool to third-level (although further pressure is needed to secure action on this).

In the Executive jurisdiction, the demands were:

- Demand 1, the new agreement *New Decade, New Approach* – legislation, a strategy and increased funding for Irish;
- Demand 2, a new policy on bilingual signage in Belfast City Council;
- Demand 3, £610,000 in relief funding from the Irish Language Communities Scheme for community groups during the COVID-19 pandemic.

### **Support and advice for the public service**

Gaelchultúr is providing specialised training courses for the public sector and public sector staff in both jurisdictions, helping them to adequately serve the Irish-speaking community.

Progress has been made on telephone responders in the local authorities, thanks to the opportunities Gaelchultúr provides to the public sector. They succeeded in putting together a new course for local authority receptionists and telephone responders. The first course was run in May and repeated in October. A total of 27 people attended these courses.

### **The Accreditation System for Translators**

Foras na Gaeilge established the Accreditation system in 2006, in association with an Gúm, an Coiste Téarmaíochta and the Translation Department of the Houses of the Oireachtas.

This is a robust accreditation system, which demands awareness of the complexity of the various dialects, modern and technical registers, and the prose used in official communication. It ensures the highest standards in the

### **Abhcóideacht le hionadaithe poiblí**

Eagraíodh an t-imeacht abhcóideachta SEAS le níos mó ná seachtó polaiteoir i ndlíne Rialtas na hÉireann i mí Mheán Fómhair. Eagraíodh SEAS i ndlíne an Fheidhmeannais i mí na Samhna agus d'fhreastail breis is tríocha ó chúig pháirtí agus neamhspleách amháin air agus bhí cruinnithe leanúnacha ann le polaiteoirí maidir le reachtaíocht, straitéisí, maoiniú na hearnála, cúrsaí oideachais agus eile sa dá dhlíne tríd an mbliain.

Eagraíodh cruinnithe leis an Aire Airgeadais, leis an Aire Bonneagair, leis an Aire Pobail, leis an LeasChéad-Aire, leis an Rúnaí Stáit i ndlíne an Fheidhmeannais; agus cruinnithe leis an mbeirt Airí sa RTCEGSM agus leis an Aire Tithíochta i ndlíne Rialtas na hÉireann.

### **Roinnt de na príomhthorthaí a baineadh amach**

Eagraíodh feachtas mór le rannpháirtíocht leathan ón bpobal, e.g. eagraíodh fóraim do chúig thoghcheantar is tríocha roimh an olltoghchán i ndlíne Rialtas na hÉireann. Baineadh amach gealltanais ó na páirtithe roimh an olltoghchán maidir lenár gceithre éileamh agus rinneadh dul chun cinn orthu ó shin:

- Éileamh 1, €17.5 milliún sa bhreis do mhaoiniú na Gaeilge agus na Gaeltachta geallta in 2021;
- Éileamh 2, Aire Sinsearach a bheith ann a bhfuil cumas sa Ghaeilge aige/aici agus atá ábalta feidhmiú mar Aire Stáit;
- Éileamh 3, spriobhliain de 2030 curtha sa Bhille Teanga leis an bhforáil, molta ag an gConradh ón tús, go mbeidh 20% earcaíocht do dhaoine inniúil ar an nGaeilge san earnáil phoiblí amach anseo;
- Éileamh 4, polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal a bheith san áireamh sa Chlár Rialtais (ach tá gá le tuilleadh brú le go bhfeidhmeoidh siad air seo).

I dlíne an Fheidhmeannais ba iad na héilimh:

- Éileamh 1, an comhaontú úr *New Decade, New Approach / Ré Nua, Cur Chuige Nua* - reachtaíocht, straitéis agus maoiniú breise don Ghaeilge;
- Éileamh 2, polasaí úr comharthaíochta dátheangai i gComhairle Cathrach Bhéal Feirste;
- Éileamh 3, maoiniú faoisimh £610,000 faoin Scéim Pobal Gaeilge do ghrúpaí pobail le linn phaindéim COVID-19.

### **Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil don earnáil phoiblí**

Tá Gaelchultúr ag soláthar sainchúrsaí oiliúna don earnáil phoiblí, le cabhrú seirbhísí a thairiscint do phobal na Gaeilge agus d'fhoireann na hearnála poiblí sa dá dhlíne ionas go mbeidh siad in ann freastal cuí a dhéanamh ar an bpobal céanna.

Tá dul chun cinn déanta maidir le lucht freagratha gutháin sna húdaráis de bharr na ndeiseanna a chuireann Gaelchultúr ar fáil d'fhostaithe san earnáil phoiblí. D'éirigh leo cúrsa nua a chur le chéile d'fháilteoirí agus do lucht freagratha gutháin sna húdaráis áitiúla. Reáchtáladh an chéad chúrsa i mí Bealtaine agus anisn arís i mí Dheireadh Fómhair. D'fhreastail 27 duine san iomlán ar na cúrsaí seo.

### **An Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí le cur isteach**

Chuir Foras na Gaeilge tús leis an gCóras Creidiúnaithe in 2006 i gcomhar leis an nGúm, an Coiste Téarmaíochta agus Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais.

Is córas láidir creidiúnaithe é seo, ina n-áirítear castacht na gcanúintí éagsúla, béarlaí nua-aimseartha agus teicniúil, agus prós agus cumarsáid oifigiúil. Cinntítear, mar sin, na caighdeáin is airde i dtionscal an aistriúcháin agus



translation industry and protects the reputation of able translators. The Accreditation System plays a key role in the ongoing development of the language. To date, 220 translators have been accredited.

The Translation and Interpretation Unit of the National University of Ireland, Galway, conducted the Accreditation exam for the Seal of Accreditation on behalf of Foras na Gaeilge on 5 December. Forty-nine candidates took part.

### **Irish Language Officers Scheme**

Virtual monitoring visits were carried out in councils involved in the Irish Language Officers Scheme, to ensure progress and support. Work plans were agreed with the relevant councils and opinions on future requirements were sought.

Foras na Gaeilge has been in regular contact with Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge (COFG or 'the Society of Irish Language Officers') in recent years. Regular meetings are organised between Foras na Gaeilge staff members and the Steering Committee of COFG to discuss the Cumann's development and work. Funding was provided to the Cumann in 2020, which enables them to carry out additional work, such as the development of a new website.

### **Providing support to the translation sector and enhancing its professionalism**

#### **Help line for the public sector**

Freagra is providing help and advice to the Irish-speaking community and to those who deal with translation and terminology in their work. Most enquiries come from the public service, government departments, state bodies, local authorities and educational institutions. The service is also used by teachers, primary and post-primary students. Other users include a wide range of society here and abroad. Enquiries come from Great Britain, other European countries, the United States, Canada, Asia and Australia.

#### **Aistear**

Funding was provided for [www.aistear.ie](http://www.aistear.ie) so that they can continue to provide training and resources for translators, editors and those involved with written Irish. The Aistear serves a particular user profile, i.e. translators and editors.

#### **Helping to raise awareness of Irish in the private business sector**

An awareness campaign on the value and role of the Irish language in the context of the private business sector continued, providing the business community with advice, translation and proofreading services. Participants included the Marketing Institute of Ireland, the Irish Hospitality Institute, Tayto, chambers of commerce and enterprise boards.

An information service, in tweet format, helped promote the use of Irish in the business sector ([www.twitter.com/gnoasgaeilge](http://www.twitter.com/gnoasgaeilge) and [@gnoasgaeilge](https://twitter.com/gnoasgaeilge)). The service had over 1,280 followers by the end of 2020.

Thirty-seven specific resources serving the business sector are available free of charge from the order section of the Foras na Gaeilge website. A selection of adhesive signs, badges, leaflets and other items is part of the package to increase the visibility of the Irish language in a business environment. In 2020, ninety-eight orders were dealt with and 25,995 items were made available for businesses in eighteen counties.

cosnaítear cáil na n-aistritheoirí cumasacha, agus tá ról lárnach ag an gCóras Creidiúnaithe i bhforbairt leanúnach na teanga. Tá 220 aistritheoir creidiúnaithe faoin gcóras go dtí seo.

Is é an tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a reáchtáil an scrúdú le haghaidh an tSéala Creidiúnaithe thar ceann Fhoras na Gaeilge ar an 5 Nollaig agus ghlac naoi nduine is daichead páirt ann.

### **Scéim na nOifigeach Gaeilge**

Tugadh cuairteanna monatóireachta fíorúla ar na comhairlí cuí atá páirteach i Scéim na nOifigeach Gaeilge le dul chun cinn a dheimhniú agus le tacaíocht a chur ar fáil. Aontaíodh pleananna oibre leis na comhairlí ábhartha agus bailíodh tuaraimí maidir le riachtanais sa todhchaí.

Tá Foras na Gaeilge i dteagmháil rialta le Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge (COFG) le blianta beaga anuas. Eagraítear cruinnithe rialta idir bailí fhoireann Fhoras na Gaeilge agus Coiste Stiúrtha COFG chun cúrsaí forbartha agus obair an Chumainn a phlé agus cuireadh maoiniú ar fáil don Chumann in 2020, a chuireann ar a gcumas obair bhreise a dhéanamh, ar nós láithreán gréasáin nua a fhorbairt, mar shampla.

### **Tacaíocht a chur ar fáil d'earnáil an aistriúcháin agus cur le gairmiúlacht na hearnála**

#### **Líne chabhrach don earnáil phoiblí**

Tá Freagra Nua Teo. ag cur seirbhís agus comhairle ar fáil do phobal na Gaeilge agus do dhreamanna a bhíonn ag plé le haistriúchán agus téarmaíocht. Tagann formhór na bhfiosraithe ón tseirbhís phoiblí, ranna rialtais, comhlachtaí stáit, údaráis áitiúil agus institiúidí oideachais. Baineann múinteoirí, daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile úsáid as an tseirbhís. I measc úsáideoirí eile tá réimse leathan den phobal anseo agus thar lear. Tagann fiosruithe ón mBreatain Mhór, tíortha eile san Eoraip, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Áise agus an Astráil.

#### **Aistear**

Cuireadh maoiniú ar fáil do [www.aistear.ie](http://www.aistear.ie) chun gur féidir leo leanúint le hoiliúint agus acmhainní a chur ar fáil d'aistritheoirí, d'eagarthóirí agus do dhaoine a bhí ag plé leis an nGaeilge scríofa. Tá aistear ag freastal ar sprioclucht léitheoireachta, i.e. aistritheoirí agus eagarthóirí.

#### **Tacú le hardú feasachta Gaeilge san earnáil gnó phríobháidigh**

Leanadh den fheachtas feasachta ar luach agus ar fheidhm na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála gnó phríobháidigh. Cuireadh seirbhísí comhairle, aistriúcháin agus profléitheoireachta ar fáil don lucht gnó. Ina measc bhí Institiúid Margaíochta na hÉireann, Institiúid Aíochta na hÉireann, Tayto, na cumainn tráchtála gnó agus na boird fiontair.

Soláthraíodh seirbhís eolais i bhfoirm tvúiteanna dírithe ar úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála gnó ([www.twitter.com/gnoasgaeilge](http://www.twitter.com/gnoasgaeilge) agus [@gnoasgaeilge](https://twitter.com/gnoasgaeilge)) ag a raibh breis agus 1,280 leantóir faoi dheireadh 2020.

Tá seacht sain-áis agus tríocha tacaíochta don earnáil gnó forbartha agus ar fáil saor in aisce ón gcóras féinordaithe ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge. Tá rogha de chomharthaí féinghreamaitheacha, de shuaitheantais, de bhileoga agus d'earraí tacaíochta eile mar chuid den phacáiste chun cur le hinfeictheacht na Gaeilge i dtimpeallacht gnó. In 2020, déileáladh le naoi n-ordú is ochtú agus cuireadh 25,995 áis ar fáil do ghnólachtaí in ocht gcontae dhéag.

Business sponsorship projects included the 2020 All Ireland Marketing Awards, organised by the Marketing Institute of Ireland. Energia was the winner of the Marketing Through Irish Award category.

A fund of €48,225 was provided under the Business Support Scheme in 2020. This provided funding, on a matching-funds basis, to forty-three companies in fifteen counties nationwide.

### **The operation of partnership structures with the Lead Organisations**

The implementation of the Lead Organisations plans has been continuously monitored through monitoring meetings, progress reports and updates at meetings of the Partnership Forum. All the overall targets agreed at the beginning of the year were met.

The process of evaluating the partnership structures continued, with the appointment of new consultants to undertake the review.

### **Raising the status of Irish among young people**

#### **Gaelbhrtach**

Foras na Gaeilge approved a grant of €120,000 to Lead Organisation Gael Linn for the Gaelbhrtach project. 199 schools took part (104 primary and ninety-five post-primary schools) in the school year 2019/2020. 162 schools were on a waiting list (104 primary schools and fifty eight at post-primary) and will be accepted as spaces become available on the project in the future. 105 schools received a flag and/or certificate for the 2019/2020 school year. The website was enhanced in response to COVID-19 and a series of workshops, videos and podcasts were published on the site. The Department of Education also provided funding to the value of €120,000 for the project during 2020.

#### **Gael Linn**

Throughout 2020, Gael Linn continued to support an Gréasán, a support network for Irish language teachers. The website [www.angreasan.ie](http://www.angreasan.ie) was launched and updated regularly during the year with resources and information. There was a particular focus on distance learning and teaching.

### **Raising the status of Irish in the community**

Conradh na Gaeilge received €832,547 in funding to carry out a programme of work in the area of awareness raising, language protection and representation on behalf of the language with state authorities. A series of public awareness-raising sessions and successful campaigns were held throughout the island.

### **The Drama Companies Scheme**

This scheme is for Irish language drama companies who aim to foster, develop and provide Irish language drama to the arts sector, the Irish language community, the wider community and the education sector. In addition, this scheme focuses on the development of audiences for drama events. Funding was made available to seventeen companies under the scheme.

As a result of COVID-19, groups had to implement new plans and find alternative ways to make the year's programme of events available online or virtually. Sixteen companies successfully did so while one group did not proceed with events for the year.

I measc na dtionscadal urraíochta gnó bhí na Duaiseanna Margaíochta Uile-Éireann 2020, á n-eagrú ag Institiúid Margaíochta na hÉireann. Ba é Energia buaiteoir na catagóire Gradam Margaíochta le Gaeilge.

Tríd an Scéim Tacaíochta Gnó in 2020 cuireadh ciste €48,225 ar fáil i bhfoirm deontais ar bhonn maoiniú meaitseála do thrí ghnólacht is daichead i gcúig chontae dhéag ar fud na tíre.

### **Feidhmiú na struchtúr comhpháirtíochta leis na Ceanneagraíochtaí**

Rinneadh monatóireacht leanúnach ar fheidhmiú phleananna na gCeanneagraíochtaí trí chruinnithe monatóireachta, tuairisci ar dhul chun cinn agus nuashonruithe ag cruinnithe den Fhóram Comhpháirtíochta. Baineadh amach na mórspriocanna ar fad a aontaíodh ag tús na bliana. Leanadh den phróiseas luachála ar na struchtúir chomhpháirtíochta, agus ceapadh sainchomhairleoirí nua le tabhairt faoin athbhreithniú.

### **Stádas na Gaeilge a ardú i measc daoine óga**

#### **Gaelbhrtach**

Cheadaigh Foras na Gaeilge deontas ar luach €120,000 don Ceanneagraíocht Gael Linn don tionscadal Gaelbhrtach. Bhí 199 scoil páirteach (104 bunscoil agus cúig iar-bhunscoil is nócha) sa bhliain scoile 2019/2020). Bhí 162 ar an liosta feithimh (104 scoil ag an mbunleibhéal agus ocht gcinn is caoga ag an iar-bhunleibhéal) agus glactar leo de réir mar a bheidh spásanna ar fáil ar an tionscadal sa todhchaí. Fuair 105 scoil brat agus/nó teastas don scoilbhliain 2019/2020. Mar gheall ar COVID-19 rinneadh forbairt ar an suíomh gréasáin agus cuireadh sraith ceardlann, físeán agus podchraoltaí ar an suíomh. Chuir an Roinn Oideachais maoiniú ar luach €120,000 ar fáil don tionscadal le linn 2020 freisin.

#### **Gael Linn**

Lean Gael Linn ag tabhairt tacaíochta don Ghréasán, an gréasán tacaíochta do mhúinteoirí Gaeilge le linn 2020. Seoladh an suíomh gréasáin [www.angreasan.ie](http://www.angreasan.ie) agus rinneadh uasdátú rialta air le linn na bliana le háiseanna agus le heolas, go háirithe maidir leis an gcianfhoghlaim agus leis an gcianteagasc.

### **Stádas na Gaeilge a ardú i measc an phobail**

Tugadh €832,547 de mhaoiniú do Chonradh na Gaeilge chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit). Reáchtáladh sraith de sheisiúin phoiblí ardaithe feasachta agus feachtais rathúla ar fud an oileáin.

#### **Scéim na gCompántas Drámaíochta**

Díríonn an scéim seo ar chompántais drámaíochta Gaeilge a bhfuil sé mar aidhm acu drámaíocht na Gaeilge a chothú, a fhorbairt, agus a chur ar fáil d'earnáil na n-ealaíon, do phobal na Gaeilge, don mhórphobal, agus don earnáil oideachais. Lena chois sin, is ar fhorbairt pobail freastail agus féachána imeachtaí drámaíochta a dhíríonn an scéim seo. Cuireadh maoiniú ar fáil do sheacht gcompántas déag faoin scéim.

De bharr COVID-19 bhí ar ghrúpaí pleananna nua a chur i bhfeidhm agus teacht ar bhealaí eile chun clár imeachtaí na bliana a chur ar fáil ar líne nó go fíorúil, agus d'éirigh le sé chompántas déag é sin a dhéanamh go sásúil ach bhí grúpa amháin ann nach éirigh leis imeachtaí na bliana a chur i gcrích

### **Festivals Scheme**

This scheme is aimed at nurturing and promoting, through the medium of Irish or bilingually, the Irish language arts, indigenous arts and heritage as an integral part of a given festival, and providing a platform for the Irish language community, the wider community and the arts sector. Funding was provided for fifty-six festivals under this scheme. COVID-19 obliged groups to make changes to their programme of events and to put together revised programmes. Even so, some thirty-four festivals were held online or virtually. Twenty-two festivals decided not to proceed with the year's festivals as they did not have suitable resources at their disposal.

### **Scheme for Major Art Events**

This scheme focuses on major events which aim to foster and promote the Irish language and Irish language-based arts, either through the medium of Irish or bilingually as an integral part of a major event. The scheme also focuses on Irish language social networks, the general public and the arts sector on an all-island and international basis. Six major events were funded under this scheme. COVID-19 resulted in three major events being cancelled. The organising groups demonstrated that they had organised and prepared their major arts events for the year and expressed disappointment that they had no choice but to cancel them. Three groups decided to prepare other events and made plans so that they can continue some of the events using digital systems and online content.

### **Publishing Scheme**

Clár na Leabhar Gaeilge provides funding support under the Publishing Scheme to help Irish language publishers in the areas of production, development and marketing, based on the delivery of a comprehensive annual plan. This scheme is a major supporter of the publishing sector, who produce high quality books in a variety of literary genres for readers of books in Irish.

Clár na Leabhar Gaeilge provided funding assistance to twelve publishers under the 2020 scheme. Seventy-six books in various literary genres were published. This funding has also enabled various marketing and development activities.

The publishers for whom funding was approved under the Publishing Scheme in 2020 are as follows:

- Cumann na Sagart
- An tSnáthaid Mhór
- Cló Iar-Chonnacht
- Coiscéim
- Éabhlóid
- Foilseacháin Ábhair Spioradálta
- Futa Fata
- LeabhairCOMHAR
- Leabhar Breac
- Arlen House
- MLÓG (ML Education and Innovation [MLEI])
- Oidhreacht Chorca Dhuibhne

### **Scéim na bhFéilte**

Díríonn an scéim seo ar na healaíona Gaeilge, ar na healaíona dúchasacha agus ar oidhreacht na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach, mar dhlúthchuid d'fhéile, agus ar ardán a chur ar fáil do phobal na Gaeilge, don mhórphobal agus d'earnáil na n-ealaíon. Cuireadh maoiniú ar fáil do shé fhéile is caoga faoin scéim seo. De bharr COVID-19 bhí ar ghrúpaí athruithe a dhéanamh ar chlár imeachtaí agus clár leasaithe a chur le chéile agus d'éirigh le ceithre fhéile is tríocha imeachtaí a chur ar fáil ar líne nó go fíorúil. Bheartaigh dhá fhéile is fiche gan dul ar aghaidh le féilte na bliana de bhrí nach raibh na foinsí feiliúnacha ar fáil acu.

### **Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon**

Díríonn an scéim seo ar mhór-imeachtaí a bhfuil sé d'aidhm acu an Ghaeilge agus na healaíona teangabhunaithe Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach mar dhlúthchuid de mhóriméacht. Lena chois sin díríonn an scéim ar na gréasáin shóisialta Ghaeilge, ar an mórphobal agus ar earnáil na n-ealaíon ar bhonn uile-oileáin agus go hidirnáisiúnta. Cuireadh maoiniú ar fáil do shé mhóriméacht faoin scéim seo. Cuireadh trí mhóriméachtaí ar ceal de bharr COVID-19. Léirigh grúpaí díomá mar bhí eagrúchán agus ullmhúchán déanta acu do na mhóriméachtaí ealaíon don bhliain ach ní raibh aon rogha ag cuid acu ach iad a chur ar ceal. Bheartaigh trí ghrúpa eile imeachtaí agus pleananna a réiteach ionas go mbeadh siad in ann leanúint le cuid de na himeachtaí trí chórais dhigiteacha a úsáid agus ábhar a chur ar líne nó go fíorúil.

### **Scéim na Foilsitheoireachta**

Faoi Scéim na Foilsitheoireachta cuireann Clár na Leabhar Gaeilge tacaíocht maoinithe ar fáil d'fhoilsitheoirí na Gaeilge sna réimsí táirgeachta, forbartha agus margaíochta bunaithe ar phlean cuimsitheach bliana a bheith curtha ar fáil acu. Tacaíonn an scéim seo go mór le hearnáil na foilsitheoireachta leabhair ar ardchaighdeán faoi réimsí litríochta éagsúla a fhoilsiú agus a chur ar fáil don phobal léitheoireachta Gaeilge.

Thug Clár na Leabhar Gaeilge cúnaimh maoinithe do dhá fhoilsitheoir déag faoi scéim na bliana 2020 agus foilsíodh sé leabhar is seachtó faoi réimsí liteartha éagsúla. Cuireadh gníomhaíochtaí margaíochta agus forbartha éagsúla i gcrích chomh maith mar thoradh ar an maoiniú sin.

Is iad seo a leanas na foilsitheoirí ar faomhadh maoiniú dóibh faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2020:

- Cumann na Sagart
- An tSnáthaid Mhór
- Cló Iar-Chonnacht
- Coiscéim
- Éabhlóid
- Foilseacháin Ábhair Spioradálta
- Futa Fata
- LeabhairCOMHAR
- Leabhar Breac
- Arlen House
- MLÓG (ML Education and Innovation [MLEI])
- Oidhreacht Chorca Dhuibhne

A selection of books published under the Publishing Scheme was assessed and feedback was provided to the publishers.

## **IMRAM**

Clár na Leabhar Gaeilge, under the Literature Projects Scheme, provided funding for IMRAM's Irish language literature activities in 2020. A wide range of events were held, including prose, poetry and music for Irish speakers throughout the island. Publishers and authors of the Irish language had the opportunity to put their work on centre stage. These events provided an important platform for writing and Irish language writers. These included:

- An online literary film festival.
- A production of a play entitled *Mo Bhagáiste* in the Comhcheol Arts & Wellness Centre. This was a one-man, bilingual play written by Pól Ó Gallchóir with himself in the part of Seosamh Mhic Gianna. It was based on Mac Grianna's renowned autobiography, *Mo Bhealach Féin*. Mac Grianna was a talented writer from Rann na Feirste, which was among the strongest Gaeltacht areas at the time. Unfortunately, Mac Grianna was silenced by the onset of mental illness.
- *Crann* ('Tree'), by Richard Berengarten, is a symphonic hymn that draws upon the Tree of Life in the Kabala and also upon the central place that trees occupy in spiritual traditions throughout the world. Nick Roth has recently adapted Gabriel Rosenstock's Irish language version for voice choir featuring the singers Caitriona O'Leary, Michelle O'Rourke and Olesya Zdorovetska. Various areas of natural beauty were chosen as locations while *Crann* was being filmed.

## **Status of the Irish Language in the Education Systems**

Goals relating to advocacy were agreed through the Partnership Forum and achieved with the education departments North and South. This was done by agreeing priorities with Gael Linn and Gaeloideachas, and monitoring the implementation of their plans.

€650,183 was made available to the Lead Organisation Gael Linn to carry out their educational programme in the English medium and adult sectors, and to provide students with opportunities to use the Irish language.

€708,562 was made available to the Lead Organisation Gaeloideachas to carry out their programme in the field of Irish-medium/immersion education and pre-school education.

## **Representation in the education sector**

Foras na Gaeilge representatives serve on various boards and committees relating to education on an all-island basis. They have participated in meetings organised by various bodies, including Comhairle na Gaelscolaíochta, the National Council for Curriculum and Assessment, and an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Foras na Gaeilge is participating in the Advisory Group on Gaeltacht Education which is involved in the implementation of the Policy on Gaeltacht Education.

Rinneadh measúnú ar rogha de leabhair a foilsíodh faoi Scéim na Foilsitheoireachta agus cuireadh aiseolas ar fáil do na foilsitheoirí ina leith.

## **IMRAM**

Chuir Clár na Leabhar Gaeilge maoiniú ar fáil d'imeachtaí litríochta Gaeilge de chuid IMRAM in 2020 faoi Scéim na dTionscadal Litríochta. Reáchtáladh réimse leathan imeachtaí ina chuimsítear próis, filíocht agus ceol do chainteoirí Gaeilge ar fud an oileáin. Bhí deis ag foilsitheoirí agus údair na Gaeilge a gcuid saothar a chur i lár an aonaigh. Thug na himeachtaí seo ardán iontach tábhachtach do scríbhneoireacht agus do scríbhneoirí na Gaeilge. Ina measc bhí:

- Féile ar líne de scannáin liteartha
- Léiriúcháin den dráma *Mo Bhagáiste* san ionad Comhcheol Arts & Wellness, dráma aonair dátheangach, arna scríobh ag Pól Ó Gallchóir agus é féin i bpáirt Sheosaimh Mhic Gianna, bunaithe ar dhírbeathaisnéis cháiliúil Mhic Grianna, *Mo Bhealach Féin*. Scríbhneoir tréitheach ab ea Mac Grianna as Rann na Feirste, ceann de na ceantair ba Ghaelaí ag an am, ach chuir meabhairghalar an Griannach ina thost, faraor.
- *Crann*. Iomann siansach don chrann agus gach gné de is ea Tree de chuid Richard Berengarten, dán fada ina dtarraingítear ar Chrann na Beatha sa Chabála, agus an t-ionad lárnach atá ag an gcrann i dtraidisiúin spioradálta ar fud an domhain. Tá Nick Roth tar éis an leagan Gaeilge de a rinne Gabriel Rosenstock a chur in oiriúint do chór guthanna leis na hamhránaithe Caitriona O'Leary, Michelle O'Rourke agus Olesya Zdorovetska. Roghnaíodh suíomhanna scéimhe ar fud na tíre agus an scannánú á dhéanamh ar *Crann*.

## **Stádas na Gaeilge sna córais oideachais**

Baineadh amach spriocanna a aontaíodh tríd an bhFóram Comhpháirtíochta a bhaineann le hábhcóideacht leis na ranna oideachais thuaidh agus theas trí thosaíochtaí a aontú le Gael Linn agus le Gaeloideachas, agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú a gcuid pleananna.

Cuireadh €650,183 ar fáil don Cheanneagraíocht Gael Linn chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aoisigh, agus deiseanna úsáide do dhaltai scoile.

Cuireadh €708,562 ar fáil don Cheanneagraíocht Gaeloideachas chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge.

## **Ionadaíocht san earnáil oideachais**

Tá ionadaithe ainmnithe ag Foras na Gaeilge ar bhoird agus ar choistí éagsúla a bhaineann le cúrsaí oideachais ar bhonn uile-oileáin agus bhí na hionadaithe rannpháirteach sna cruinnithe éagsúla, is iad sin Comhairle na Gaelscolaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Tá Foras na Gaeilge rannpháirteach sa Ghrúpa Comhairleach um Oideachas Gaeltachta a bhfuil baint aige le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.



## **CORPORATE OBJECTIVE 2: ACQUISITION**

*Supporting the learning, acquisition and consolidation of Irish by increasing the number of learning opportunities at each level and enhancing the quality of teaching*

### **Promoting acquisition through cooperation and partnership**

€708,562 was made available to the Lead Organisation Gaeloideachas to carry out their programme in the field of Irish-medium/immersion education and pre-school education.

A grant of £272,486 was approved for St. Mary's University College Belfast, enabling the Aisaonad to provide facilities for the Irish-medium sector. Additional funding to the value of £62,082 was approved to provide resources for preschools, design of a new website and reprints of existing publications during 2020.

€1,078,615 in funding was approved for Lead Organisation Glór na nGael to implement their programme in the area of community and economic development.

€650,183 was made available to the Lead Organisation Gael Linn to carry out their work programme in the field of education in the English-medium and adult sectors, and also to provide students with opportunities to use the Irish language.

### **Gaeloideachas**

This Lead Organisation carried out extensive work in the following domains:

#### **Lobbying**

Media interviews were conducted on subjects such as new schools, Irish language units, patronage, exemption and in particular in relation to a legal case over the lack of a secondary school in Dublin 6. Other subjects included information technology, an Irish-medium education policy and the work of the organisation. Statistics on the sector were published on [www.gaeloideachas.ie](http://www.gaeloideachas.ie) [www.gaeloideachas.ie](http://www.gaeloideachas.ie)

#### **Provision**

Gaeloideachas was active in supporting the current provision but, because of COVID-19, no new provision opened in 2020. However, discussions continue on opening a new preschool in Manorhamilton and investigations are being carried out into the establishment of new preschools in Cork, Wexford, Bearnna and Dublin. In addition, Douglas NS, Kerry, has moved into an all-Irish system and is now known as Gaelscoil Naomh Séamas.

Regarding Coláiste Lú, a meeting was held between stakeholders and legal staff and the various options were discussed.

#### **Support for the Irish-medium Sector**

'Tea and Discussion' sessions were held on Zoom for preschool directors and teachers.

Below are some details relating to the organisation's information service:

- 12,515 sessions
- 8,895 users
- 40,718 hits

## CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 2: SEALBHÚ

*Tacú le foghlaim, sealbhú agus daingniú na Gaeilge trí chur le líon na ndeiseanna foghlama ag gach leibhéal agus cur le caighdeán teagaisc*

### **Cur le sealbhú na Gaeilge trí chomhoibriú agus trí chomhpháirtíocht**

Cuireadh €708,562 ar fáil don Cheanneagraíocht Gaeloideachas chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge.

Ceadáíodh deontas ar luach £272,486 do Choláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, le haghaidh an Áisaonaid chun áiseanna a sholáthar d'earnáil na Gaelscolaíochta. Ceadáíodh maoiniú breise ar luach £62,082 chun áiseanna don náiscolaíocht, dearadh ar an suíomh nua agus athchlónna a dhéanamh le linn 2020.

Ceadáíodh €1,078,615 de mhaoiniú don Cheanneagraíocht Glór na nGael chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse forbairt pobail agus geilleagair.

Cuireadh €650,183 ar fáil don Cheanneagraíocht Gael Linn chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aoisigh, agus deiseanna úsáide do dhaltai scoile.

### **Gaeloideachas**

Rinne an Cheanneagraíocht seo go leor oibre sna réimsí seo thíos:

#### **Stocaireacht**

Rinneadh agallamh leis na meáin maidir le scoileanna nua, aonaid, pátrúnacht, díolúine, go háirithe maidir leis an gcás dlí nach bhfuil meánscoil i mBaile Átha Cliath 6, teicneolaíocht na faisnéise, polasaí don oideachas lán-Ghaeilge agus obair na heagraíochta. Foilsíodh staitisticí faoin earnáil ar [www.gaeloideachas.ie](http://www.gaeloideachas.ie)

#### **Soláthar**

Bhí Gaeloideachas gníomhach ag tacú leis an soláthar reatha ach de dheasca COVID-19 níor oscail aon soláthar nua in 2020. Mar sin féin, tá plé leanúnach ar bun maidir le naíonra nua a oscailt i gCluainín Uí Ruairc, tá fiosrúcháin á ndéanamh maidir le naíonraí nua a bhunú i gCorcaigh, Loch Garman, Bearna agus Baile Átha Cliath. Lena chois sin tá Douglas NS, Ciarraí, mar a bhí aistriú go córas lán-Ghaeilge – Gaelscoil Naomh Séamas anois atá uirthi.

Maidir le Coláiste Lú, reáchtáladh cruinniú idir na páirtithe leasmhara agus an fhoireann dlí agus pléadh na roghanna.

#### **Tacaíocht don earnáil lán-Ghaeilge**

Eagraíodh seisiún Tae & Plé eagraithe ar Zoom do stiúrthóirí agus múinteoirí naíonra.

Seirbhísí eolais na heagraíochta

- 12,515 sheisiún.
- 8,895 úsáideoir.
- 40,718 n-amas.

- A bilingual parents' newsletter with 412 subscribers, an increase of 19. The Irish only newsletter has 149 subscribers, an increase of 121 (**note:** 2019 is the basis for comparison of all these figures).
- A preschools newsletter with 398 subscribers, an increase of 13.
- A primary schools newsletter with 673 subscribers, an increase of 66.
- A post-primary newsletter with 283 subscribers, an increase of 21.
- A newsletter dealing with Special Educational Needs (SEN) with 799 subscribers, an increase of 49.
- 5926 'likes' on Facebook, an increase of 443.
- 3803 Twitter followers, an increase of 339.
- 1636 Instagram followers, an increase of 346.

### **Newsletters**

- Three editions of a newly-established weekly newsletter entitled *Moladh na Seachtaine*. It has 1670 subscribers, an increase of 361.
- Three editions of the preschool newsletter. It has 412 subscribers, an increase of 13.
- Two editions of the primary schools newsletter. It has 699 subscribers, an increase of 64.
- Two editions of a post-primary newsletter with 296 subscribers, an increase of 26.

### **Representation**

- Four Zoom workshops were organised with Gaeltacht schools on the theme of Irish and socialisation.
- There was active participation at the meeting of the Advisory Committee on Gaeltacht Education Policy on 7 July.
- Irish-medium education was recognised for its work in the area of SEN.
- A submission was made to a public consultation by the Joint Committee on Education and Skills regarding education and the sustainability of islands.
- On the subject of school entries, a letter was issued to the Minister for Education and Skills on the situation in preschools and the negative impact on continuity.
- Advice and documentation were made available to Dublin Diocese to help them deal with the question of school entries.
- An Cumann Gael-Litearthachta ('The Society for Literacy in Irish') is developing a questions and answers leaflet for parents.
- The Dyslexia Association of Ireland launched an information leaflet during a Zoom event. More than 600 participants registered over two nights.
- A questions and answers leaflet for parents on the subject of dyslexia has been published on the website.
- Gaeloideachas has developed a year-long development plan for the SEN area, including a seminar for teachers and parents on a range of SEN issues.

- Nuachtlitreacha na dtuismitheoirí, 412 shíntiúsóir (dátheangach), ardú naoi nduine dhéag agus 149 síntiúsóir (Gaeilge amháin), ardú 121 duine (**nóta:** is é 2019 an bonn comparáide do na figiúirí uile seo).
- Nuachtlitir na naíonraí, 398 síntiúsóir, ardú trí dhuine dhéag
- Nuachtlitir an bhunleibhéil, 673 síntiúsóir, ardú sé dhuine is seasca.
- Nuachtlitir an iar-bhunleibhéil, 283 shíntiúsóir, ardú duine is fiche.
- Nuachtlitir maidir le riachtanais speisialta oideachais (RSO), 799 síntiúsóir, ardú naoi nduine is daichead.
- 5926 'is maith liom' ar Facebook. ardú 443.
- 3803 leantóir ar Twitter, ardú 339 nduine.
- 1636 leantóir Instagram, ardú 346 dhuine.

### Nuachtlitreacha

- Nuachtlitir sheachtainiúil nua cruthaithe *Moladh na Seachtaine*, trí eagrán di foilsithe, 1670 síntiúsóir, ardú 361.
- Nuachtlitir na naíonraí, trí eagrán, 412 shíntiúsóir, ardú trí dhuine dhéag.
- Nuachtlitir an bhunleibhéil, dhá eagrán, 699 síntiúsóir, ardú ceithre dhuine is seasca.
- Nuachtlitir an iar-bhunleibhéil, dhá eagrán, 296 shíntiúsóir, ardú sé dhuine is fiche.

### Ionadaíocht

- Eagraíodh ceithre cheardlann Zoom ar an téama sóisialú na Gaeilge le scoileanna Gaeltachta.
- Freastalaíodh go gníomhach ar chruinniú an Choiste Comhairligh Pholasaí Oideachais Gaeltachta ar an 7 Iúil.
- Tugadh aitheantas do Ghaeloideachas as a chuid oibre sa réimse RSO.
- Cuireadh aighneacht faoi bhráid an Chomhchoiste Oideachais agus Scileanna maidir le hinmharthanacht na n-oileán agus cúrsaí oideachais mar a bhaineann le comhairliúchán poiblí.
- Maidir le hiontrálacha scoile, eisíodh litir chuig an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le cás na naíonraí agus an drochthionchar ar an leanúnachas.
- Cuireadh comhairle agus cáipéisí chuig Deoise Bhaile Átha Cliath mar chúnaimh dóibh i leith cheist na n-iontrálacha scoileanna.
- Tá bileog ceisteanna agus freagraí á forbairt do thuismitheoirí ag Cumann Gael-Litearthachta.
- Seoladh bileog le Cumann Disléicse na hÉireann ag imeacht Zoom. Cláraíodh breis is 600 thar dhá oíche.
- Cuireadh bileog ceisteanna agus freagraí do thuismitheoirí ar dhísléicse ar an suíomh.
- D'fhorbair Gaeloideachas plean forbartha bliana don réimse RSO, ar a n-áirítear seimineár do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí ar réimse éagsúla saincheisteanna RSO.
- Críochnaíodh agus scaipeadh Polasaí faoi Aonaid Ghaeilge ar phátrúin, pobail na scoileanna, páirtithe oideachais, ranna stáit agus eile.
- Réitíodh bileog stocaireachta do na forógraí olltoghcháin agus scaipeadh í ar gach iarrthóir agus páirtí polaitiúil. Sa bhreis air sin,

- An Irish Language Units Policy was completed and circulated to patrons, schools communities, education partners, state departments and others.
- A leaflet designed to inform the manifestos of various political parties was prepared and circulated to all candidates and parties. Gaeloideachas is also mentioned in Conradh na Gaeilge’s campaigning materials, among other organisations.
- A letter was sent to the Minister for Education on the need to address the issue of preschool and school entries.
- A letter was sent to all parties in the new government canvassing for a senior Minister for the Irish Language.
- Many discussions are underway with state bodies and stakeholders regarding the sector as a whole, the sector’s overall workforce development plan, guidelines on standards, funding for the sector and more.
- Meetings were held with:
  - The Transitions Stakeholder Group
  - The National Early Years Forum
  - The National Voluntary Childcare Collaborative
  - Professionalisation Subgroup (PSG) of the Early Years Framework (EYF)
  - Workforce Development Plan Stakeholder Group (Department of Children and Youth Affairs)

### **An tÁisaonad**

An tÁisaonad worked in association with an Gúm, Foras na Gaeilge, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) and other parties to achieve the best results for the Irish-medium education sector north and south. Work included:

- CLEITE – ten books were trialled in eight schools North and South. Feedback from these schools, which are noted for their good practice, was considered and the design and layout for each book was jointly agreed and made known to the publishers. Ten books were made available and Band 4 was completed in 2020.
- Comhairle na Gaelscolaíochta – a number of meetings were held with Comhairle na Gaelscolaíochta on how best to fund the increasing needs of the Irish-medium education sector. Comhairle na Gaelscolaíochta reported that they had raised the question of increasing funding for the Áisaonad with the Department of Education in previous meetings. A number of other meetings were held with Comhairle na Gaelscolaíochta to promote and consolidate the role of An tÁisaonad and gather additional funding so that it can meet the ever-growing needs described by those in the sector.
- Scríobh Leabhar (‘Write a Book’) – this competition was promoted differently in 2020 than in other years. Pupils wrote the books at home and were not able to exchange them with students from other schools.
- IMSGOL (‘Irish Medium Steering Group for Online Learning’) – due to the COVID-19 emergency, a new layout was used for meetings. Meetings of IMSGOL were planned but were cancelled while intensive lockdown measures were in place. However, a series of remote meetings was held to ensure the maximum level of cooperation between sectoral groups and deliver optimal service of pupils unable to attend school.
- COVID-19 – the COVID-19 emergency was a unique challenge for the sector and for the Áisaonad. The main focus was to ensure that service be continued on a remote basis. Subsequently, a new plan was developed and agreed with Foras na Gaeilge to ensure that the

bhí Gaeloideachas luaite ar ábhair stocaireachta Chonradh na Gaeilge i measc na n-eagraíochtaí eile.

- Cuireadh litir stocaireachta chuig an Aire Oideachais maidir le cás na naíonraí agus iontrálacha scoileanna.
- Cuireadh litir stocaireachta chuig gach páirtí sa rialtas nua maidir le haire sinsearach don Ghaeilge.
- Tá go leor plé ar bun le forais stáit agus páirtithe leasmhara maidir leis an earnáil trí chéile maidir le plean forbartha do lucht saothair na hearnála, treoirlínte maidir le dea-chaighdeán, agus comhairliúcháin maidir le maoiniú don earnáil agus eile.
- Bhí cruinnithe ann le:
  - Grúpa Páirtithe Leasmhara um Aistrithe (*Transitions Stakeholder Group*).
  - Fóram Náisiúnta na Luathbhlianta
  - An Comhar Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí
  - Foghrúpa um Ghairmiúlú de Chreat na Luathbhlianta (*Professionalisation Subgroup (PSG) of the Early Years Framework (EYF)*)
  - An Grúpa Páirtithe Leasmhara um Plean Forbartha an Lucht Oibre (*Workforce Development Plan Stakeholder Group (RLGO)*)

### **An tÁisaonad**

D'oibrigh an tÁisaonad i gcomhar leis an nGúm, Foras na Gaeilge, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus páirtithe eile leis an toradh is fearr a bhaint amach d'earnáil na Gaelscolaíochta thuaidh agus theas. I measc na hoibre bhí:

- CLEITE – rinneadh deich leabhar a thriail in ocht scoil dea-chleachtas thuaidh-theas. Rinneadh an t-aiseolas ó na scoileanna seo a mheas agus comhaontaíodh ar an dearadh agus leagan amach agus cuireadh iad ar fáil do na foilsitheoirí do gach leabhar. Cuireadh deich leabhar ar fáil agus cuireadh Banda 4 i gcrích in 2020.
- Comhairle na Gaelscolaíochta – reáchtáladh roinnt cruinnithe le Comhairle na Gaelscolaíochta maidir leis an dóigh is fearr le riachtanais mhéadaitheacha earnáil na Gaelscolaíochta a mhaoiniú. Chuir Comhairle na Gaelscolaíochta in iúl gur thóg siad ceist maidir le hardú maoinithe don Áisaonad leis an Roinn Oideachais i gcruinnithe a bhí acu leo roimhe. Reáchtáladh roinnt cruinnithe eile le Comhairle na Gaelscolaíochta leis an dóigh a dtiocfaí ról an Áisaonaid a chur chun cinn agus a dhaingniú agus tuilleadh maoinithe a fháil dó le go mbeadh sé in ann freastal ar na riachtanais a chuir an earnáil in iúl go sonraíoch, riachtanais atá ag fás de shíor.
- Scríobh Leabhar – cuireadh an comórtas seo chun cinn ar dhóigh dhifriúil in 2020 ná i mblianta eile. Rinne daltaí scríobh na leabhar sa bhaile agus ní raibh siad ábalta iad a mhalartú le daltaí ó scoileanna eile.
- IMMSGOL, Grúpa Stiúrtha Gaelscolaíochta don Fhoghlaim Ar Líne (*Irish Medium Steering Group for Online Learning*) – mar gheall ar éigeandáil COVID-19, reáchtáladh na cruinnithe le leagan amach nua. Bhí cruinnithe de IMMSGOL beartaithe ach cuireadh ar ceal iad cionn is go raibh bearta dianghlasála i bhfeidhm. Ina n-áit, áfach, reáchtáladh sraith de chiancruinnithe leis an uasmhéid comhoibríthe idir grúpaí earnála a chinntiú chun an freastal is fearr a dhéanamh ar dhaltaí nach raibh ábalta freastal ar an scoil
- COVID-19 – dúshlán uathúil a bhí in éigeandáil COVID-19 don earnáil agus don Áisaonad. Ba é an príomhfhócas cinnte a dhéanamh de go leanfaí den tseirbhís nuair a bhí an obair á cur i gcrích ó chian. Ina dhiaidh sin, cuireadh plean nua le chéile agus comhaontaíodh é

most urgent needs of the pupils were met while they were not in school.

### **Glór na nGael**

Fifty-four community committees registered with schemes ran by Glór na nGael during 2020:

- Forty-two committees registered for the Glór na nGael Competition.
- Seventeen committees registered with the 'Céimeanna' scheme.
- Seven third level Irish Language Societies registered with the 2020 'Cumann Gaelach' competition.
- The Glór na nGael team carried out 296 engagements with community groups during 2020, advising and supporting these groups.
- 'Glór an Fhómhair' consisted of four online talks on matters relating to community development for Irish Language committees.
- The Seosamh Mac Donncha Foundation is organised in conjunction with the GAA to promote the language at local club level. Some 196 societies were registered in 2020.
- The Glór na nGael team undertook 531 engagements with GAA clubs during 2020, advising and supporting these clubs in promoting the Irish language at club level.
- With the help and advice of the Glór na nGael team, five GAA clubs compiled thirty language plans based on the results of the 2020 national survey.
- Glór na nGael released a new app in November to provide information, resources, guidance and news on the promotion of the Irish language in GAA clubs.
- Glór na nGael published forty-eight videos during 2020 as resources for GAA clubs.

The Teanga Tí ('Language of the Home') scheme saw the following major developments during 2020:

- The launch of a website, [www.teangati.ie](http://www.teangati.ie), full of advice and resources for families raising children with Irish.
- Twenty-six newsletters have been sent to a database of 1,412 subscribers.
- A good practice book for play groups was published.
- A book of fun activities for children was published.
- Two workshops were organised on the subject of raising children with Irish. One took place in Donegal with twelve parents participating and the other in Co. Down with seven parents taking part.
- Two weekends were organised for families raising children with Irish.
- Thirty-two 'Teanga Tí' groups were registered.
- A further twenty-seven Teanga Tí groups were registered in school communities around the island.
- During lockdown, the following virtual events replaced physical ones:
  - 194 online videos were produced and broadcast featuring crafts, cookery, storytelling and exercise.
  - 16 quizzes were broadcast.

le Foras na Gaeilge lena chinntiú go raibh freastal ar riachtanais ba phráinní na ndaltaí ann nuair nach raibh siad ar scoil.

### **Glór na nGael**

Chláraigh ceithre choiste pobail is caoga le scéimeanna Ghlór na nGael le linn 2020:

- Dhá choiste is daichead a chláraigh le haghaidh Chomórtas Ghlór na nGael.
- Seacht goiste dhéag a chláraigh leis an scéim Céimeanna.
- Chláraigh seacht gcumann Ghaelacha sna coláistí tríú leibhéal le Comórtas na gCumann Gaelach 2020.
- Rinne foireann Ghlór na nGael 296 ghníomh timireachta ar choistí pobail le linn 2020, ag tabhairt comhairle agus tacaíochta do na grúpaí sin.
- Glór an Fhómhair – eagraíodh ceithre chaint ar líne ar ábhair forbartha pobail le haghaidh choistí Gaeilge.
- Maidir le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, a eagraítear i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael leis an teanga a chur chun cinn ag leibhéal clubanna áitiúla, cláraíodh 196 gcumann in 2020.
- Rinne foireann Ghlór na nGael 531 ghníomh timireachta le clubanna CLG le linn 2020, ag tabhairt comhairle agus tacaíochta do na clubanna sin agus iad ag cothú na Gaeilge ag leibhéal an chlub.
- Le cuidiú agus comhairle ó fhoireann Ghlór na nGael, scríobh cúig chlub CLG agus tríocha plean teanga bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé náisiúnta le linn 2020.
- D’fhoilsigh Glór na nGael aip nua i mí na Samhna le heolas, áiseanna, treoir agus nuacht maidir le cur chun cinn na Gaeilge i gclubanna CLG a chur ar fáil.
- D’fhoilsigh Glór na nGael ocht bhfiseán is daichead le linn 2020 mar áis do chlubanna CLG.

Rinneadh forbairtí móra ar an scéim Teanga Tí le linn 2020:

- Seoladh suíomh gréasáin, [www.teangati.ie](http://www.teangati.ie), lán de chomhairle agus d’aacmhainní do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge.
- Seoladh sé nuachtlitr is fiche chuig bunachar sonraí ina bhfuil 1,412 teagmhálaí.
- Foilsíodh leabhar dea-chleachtais do ghrúpaí súgartha.
- Foilsíodh leabhar siamsaíochta do pháistí.
- Eagraíodh dhá cheardlann maidir le tógáil clainne le Gaeilge. Tharla ceann acu i nDún na nGall le dháréag tuismitheoirí agus an ceann eile i gContae an Dúin le seachtar tuismitheoirí.
- Eagraíodh dhá dheireadh seachtaine do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge.
- Cláraíodh dhá grúpa agus tríocha Teanga Tí sa phobal.
- Cláraíodh seacht ngrúpa is fiche Teanga Tí breise i scoilphobail timpeall an oileáin.
- In áit na n-imeachtaí fisiciúla, le linn na dianghlasála:
  - léiríodh agus craoladh 194 fiseáin ar líne idir cheardaíochta, cócaireachta, scéalaíochta agus aclaíochta.
  - craoladh 16 tráth na gceist.



- 15 bingo games were broadcast live on Facebook.
- Ionad na Gaeilge, National University of Ireland, Galway, completed a study on families raising their children with Irish outside of the Gaeltacht.
- A six-week awareness campaign on raising children with Irish was organised on Instagram, Facebook and Twitter.

The field of entrepreneurship saw the following developments:

- 2020 saw the publication of *Liathróid Aclaíochta Gaeilge; Os mo Chionn* (an Irish language version of *Hedbanz*), *Tríonna* (an Irish language version of *30 Seconds*) and an Irish version of the international board game *Cluedo* (with the support of Foras na Gaeilge and COGG).
- [www.udar.ie](http://www.udar.ie) has created a new publicity and sales platform for young entrepreneurs.
- A scheme has been announced which will provide small support grants for young entrepreneurs to develop Irish-language goods from design to production.

### **Promoting the teaching of Irish**

Through the Summer Camps Scheme, Foras na Gaeilge provided grants to eighty-nine camps throughout the island to the value of €185,761. Due to COVID-19, Foras na Gaeilge decided that only funding for virtual camps would be available. Forty-nine virtual camps were funded in 2020.

### **Scríobh Leabhar ('Write a Book')**

The Scríobh Leabhar project is sponsored by Clár na Leabhar Gaeilge. It is run in conjunction with various education centres throughout Ireland. Scríobh Leabhar gives primary school children the opportunity to write, design, and publish their own books in Irish. It promotes reading and writing in Irish among young children.

Three education centres took part in the Project in the school year 2019-20:

- Carrick-on-Shannon Education Centre
- West Cork Education Centre
- Laois Education Centre

2,300 children took part in the project during the school year 2019-20. The pandemic led to a drop in participation figures from education centres and schools. No books from the 2019-20 school year were placed on the site due to COVID-19. A selection of the books written as a result of the project so far is available on [www.scriobhleabhar.ie](http://www.scriobhleabhar.ie).

The 2020-21 project did not take place due to COVID-19. A proposal to move [www.scriobhleabhar.ie](http://www.scriobhleabhar.ie) to Foras na Gaeilge was made in 2021, with the aim of strengthening the project's identity and branding.

## **An Gúm**

### **The Séideán Sí primary school project**

Three workbooks related to novels for third to sixth class were made available online. Two commissioned works were published last year, a verse version of Red Riding Hood for beginners classes and a novel for sixth class entitled *An Gadaí Dubh*. Editing began on three other commissioned works. A new version of the site [www.seideansi.ie](http://www.seideansi.ie) has been launched and more

- craoladh 15 cluiche biongó beo ar Facebook.
- Chríochnaigh Ionad na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, stáidéar ar theaghlach atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.
- Eagraíodh feachtas feasachta sé seachtaine ar thógáil clainne le Gaeilge ar Instagram, Facebook agus Twitter.

Rinneadh na forbairtí seo a leanas i gcúrsaí fiontraíochta:

- Le linn 2020 foilsíodh *Liathróid Aclaíochta Gaeilge*; Os mo Chionn (*Hedbanz* as Gaeilge), *Trionna (30 Seconds)* as Gaeilge) agus an cluiche idirnáisiúnta *Cluedo* as Gaeilge (le tacaíocht Fhoras na Gaeilge agus COGG).
- Cruthaíodh ardán poiblíochta agus díolacháin ar [www.udar.ie](http://www.udar.ie) d'fhiontraíthe óga.
- Fógraíodh scéim miondeontas tacaíochta d'fhiontraíthe óga le hearraí Gaeilge a fhorbairt ó dhearadh go táirgeacht.

### **Múineadh na Gaeilge a chur chun cinn**

Trí Scéim na gCampaí Samhraidh chuir Foras na Gaeilge deontais ar fáil le haghaidh naoi gcampa is ochtó ar fud an oileáin ar luach €185,761. Mar gheall ar COVID-19, ghlac Foras na Gaeilge cinneadh gur maoiniú do champaí fíorúla amháin a bheadh ar fáil. Tugadh maoiniú do naoi gcampa fhíorúla is daichead in 2020.

### **Scríobh Leabhar**

Is tionscadal é Scríobh Leabhar atá urraithe ag Clár na Leabhar Gaeilge. Reáchtálfar an tionscadal i gcomhar le hionaid oideachais éagsúla ar fud na hÉireann. Tugann Scríobh Leabhar deis do pháistí bunscoile a gcuid leabhar féin a scríobh, a dhearadh, agus a fhoilsiú as Gaeilge. Cuireann sé léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge chun cinn i measc páistí óga.

Bhí trí ionad oideachais páirteach sa tionscadal sa scoilbhliain 2019-20:

- Ionad Oideachais Chora Droma Rúisc
- Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí
- Ionad Oideachais Laoise

Bhí 2,300 páiste páirteach sa tionscadal i rith na scoilbhliana 2019-20. Bhí titim sna figiúirí rannpháirteachais ó na hionaid oideachais agus na scoileanna le tuiscint mar thoradh ar an bpaindéim. Níor cuireadh aon leabhar ón scoilbhliain 2019-20 ar an suíomh mar gheall ar COVID-19. Tá rogha de na leabhair a scríobhadh faoin tionscadal go dtí seo ar fáil ar [www.scriobhleabhar.ie](http://www.scriobhleabhar.ie).

Níor réachtáladh an tionscadal do 2020-21 de dheasca COVID-19. Forbraíodh moladh maidir le [www.scriobhleabhar.ie](http://www.scriobhleabhar.ie) a aistriú chuig [www.forasngaeilge.ie](http://www.forasngaeilge.ie) in 2021 ar mhaithe le féiniúlacht agus brandáil an tionscadail a láidriú.

### **An Gúm**

#### **An tionscadal bunscoile Séideán Sí**

Cuireadh trí leabhar saothair a bhain le húrscéalta rang a trí go rang a sé ar fáil ar líne. Foilsíodh dhá shaothar a ndearnadh coimisiúnú orthu anuraidh, mar atá, leagan véarsaíochta do na bunranganna de *Cochailín Dearg* agus úrscéal do rang a sé, *An Gadaí Dubh*. Cuireadh tús leis an eagarthóireacht ar thrí shaothar choimisiúnaithe eile.

functions have been added. A test version of the app for infant classes was provided and confirmed as satisfactory.

PDF copies of reading books for class one and two were made available online, along with PDF versions of *Lámhleabhar an Oide* and *Leabhar Saothair an Dalta* for all classes. PDF versions of novels and some posters for advanced classes were provided. The following works were published for preschool and primary school pupils:

- *Ar Thóir Focal le Róbó, Sa Bhaile Mór, Faoin Tuath*, three joint editions for preschool children with a particular emphasis on building vocabulary.
- *Cá bhfuil Bran?* A new edition in a new format.
- *Ag Dul i dTír* by Miriam Molony with illustrations by Steve Doogan. A class novel for advanced classes. The second in a series of novels that deals with emigration in the aftermath of the Great Famine.
- *Lúba* by Alan Titley with illustrations by John White. A lively novel about young people struggling with the challenges of life. It was launched virtually during the Oireachtas and was the subject of a social media publicity campaign.

## **Supporting the provision of teaching and learning resources**

### **An Gúm**

Among the materials published were:

#### **Primary schools**

*Féach Thart: Tíreolaíocht Rang 6* – eleven series of slides were published online along with seven chapters of the workbook.

*Mata go Deo* – PDF versions of all books in the series were made available online.

*Líon an Dúlra* – four issues of this environmental newsletter were published, one in each quarter.

#### **Post-primary schools**

Work began on editing a maths textbook for Leaving Cert.

Two further chapters of the Leaving Cert art textbook were made available online.

*Teicneolaíocht Ábhar: Adhmad* – editing continued on this work.

*Téacsleabhar Foirgníochta don Ardeist* – editing continued on this work.

Editing continued on the Irish version of the important work, *L'Adventura de Said*.

### **Lexicography**

The printed version of New English-Irish Dictionary, *Concise English-Irish Dictionary*, was published in May and over 5,000 copies had been sold by the end of the year.

The book was officially launched by President Micheál D. Ó hUigínn during an online event in October 2020. Among the well-known guests who took part in the event were Mary McAleese, Dara Ó Briain and Micheál Ó Muircheartaigh.

A major publicity campaign was carried out in the fourth quarter of the year. The dictionary was mentioned in more than twenty-five newspapers (including *the Irish Times* and *the Irish Independent*), the staff of the

Seoladh leagan nua den suíomh [www.seideansi.ie](http://www.seideansi.ie) agus cuireadh breis feidhmeanna leis. Cuireadh leagan tástála den Aip le haghaidh ranganna na naíonán ar fáil agus deimhníodh go raibh sé sásúil.

Cuireadh cóipeanna PDF de leabhair léitheoireachta rang a haon agus rang a dó ar fáil ar líne móide leaganacha PDF de *Lámhleabhar an Oide* agus *Leabhar Saothair an Dalta* do na ranganna uile. Cuireadh leaganacha PDF d'úrscéalta na n-ardranganna chomh maith le roinnt póstaer ar fáil leis.

Foilsíodh na saothair seo a leanas do dhaltáí réamhscoile agus bunscoile:

- *Ar Thóir Focal le Róbó, Sa Bhaile Mór, Faoin Tuath*, trí chomheagrán dírithe ar leanáí réamhscoile agus béim ar leith iontu ar chur le stór focal an pháiste.
- *Cá bhfuil Bran*, eagrán nua i bhformáid nua.
- *Ag dul i dtír* le Miriam Molony, Steve Doogan a mhaisigh. Úrscéal ranga do na hardranganna. An dara leabhar i sraith a bhaineann le scéal na himirce tar éis an Ghorta Mhóir.
- *Lúba* le Alan Tittley, John White a mhaisigh. Úrscéal spleodrach a bhaineann le sracadh an duine óig le dúshláin an tsaoil. Seoladh é go fíorúil le linn an Oireachtais agus ritheadh feachtas poiblíochta ar na meáin shóisialta faoi.

## **Tacú le soláthar áiseanna teagaisc agus foghlama**

### **An Gúm**

I measc an ábhair a foilsíodh bhí:

#### **An bhunscolaíocht**

*Féach Thart: Tíreolaíocht Rang 6* – foilsíodh aon sraith déag de shleamhnáin ar líne móide seacht gcaibidil den leabhar saothair.

*Mata go Deo* – cuireadh leaganacha PDF de na leabhair uile sa tsraith ar fáil ar líne.

*Líon an Dúlra* – foilsíodh ceithre eagrán den nuachtlitir timpeallachta seo, ceann in aghaidh na ráithe.

#### **An iar-bhunscolaíocht**

Tosaíodh ar an eagarthóireacht ar an téacsleabhar matamaitice don Ardteist.

Cuireadh dhá chaibidil sa bhreis den téacsleabhar ealaíne don Ardteist ar fáil ar líne.

*Teicneolaíocht Ábhar: Adhmad* – leanadh den eagarthóireacht ar an saothar seo.

*Téacsleabhar Foirgníochta don Ardteist* – leanadh den eagarthóireacht ar an saothar seo.

Leanadh den eagarthóireacht ar eagrán Gaeilge den mhórshaothar *L'Adventura de Said*.

#### **An fhoiclóireacht a fhorbairt**

Foilsíodh an leagan clóite den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge, an *Concise English-Irish Dictionary*, i mí Bealtaine agus bhí breis is 5,000 cóip de díolta faoi dheireadh na bliana.

Sheol an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín an leabhar go hoifigiúil in ócáid ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2020. I measc na ndaoine mór le rá a ghlac páirt san ócáid bhí Máire Mhic Ghiolla Íosa, Dara Ó Briain agus Micheál Ó Muircheartaigh.

dictionary conducted radio interviews on RTÉ Radio 1, Newstalk and RTÉ Raidió na Gaeltachta, there was an item on RTÉ News At One, RTÉ News At Nine and RTÉ News: Six One. Reviews of the dictionary were published in *Comhar*, *the Irish Examiner*, *Tuairisc*, *Nós* and *An Timire*.

### **Terminology**

Twelve meetings of the Terminology Committee were held in 2020 – physical meetings in the first quarter and virtual meetings in the rest of the year.

The National Terminology Database continued to be accessible to the public on [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie). Two tender competitions were announced for hosting, developing and editing the National Terminology Database for 2021-2023. The competitions were completed by the end of 2020.

The Terminology Committee approved or amended over 8,500 terms, including terms from the *New English-Irish Dictionary*, which were made available on the public website [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie).



*At an event to celebrate the launch of the dictionary in 2020, from left: Seán Ó Coinn, CEO of Foras na Gaeilge, Dr Pádraig Ó Mianáin, Editor of the dictionary, Jack Chambers TD, Minister of State DTCAGSM, An Taoiseach Micheál Ó Máirtín TD and Wuraola Majekodunmi, Foras na Gaeilge Board Member.*

Rinneadh mórfeachtas poiblíochta sa cheathrú ráithe den bhliain. Luadh an foclóir i mbreis is cúig nuachtán is fiche (an *Irish Times* agus an *Irish Independent* san áireamh), rinne foireann an fhoclóra agallaimh raidió ar RTÉ Radio 1, Newstalk agus RTÉ Raidió na Gaeltachta, bhí mír faoin bhfoclóir ar RTÉ News At One, RTÉ News At Nine agus ar RTÉ News: Six One. Foilsíodh léirmheasanna ar an bhfoclóir in *Comhar*, an *Irish Examiner*, *Tuairisc*, *Nós* agus *An Timire*.

### **An téarmaíocht a fhorbairt**

Tionóladh dhá chruinniú dhéag den Choiste Téarmaíochta in 2020 – cruinnithe fisiciúla sa chéad ráithe, cruinnithe fíorúla sa chuid eile den bhliain.

Bhí rochtain leanúnach ag an bpobal ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie). Fógraíodh dhá chomórtas tairisceana d'óstáil, forbairt agus eagarthóireacht ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta don tréimhse 2021-2023 agus cuireadh na comórtais sin i gcrích faoi dheireadh 2020.

Rinne an Coiste Téarmaíochta faomhadh nó leasú ar bhreis agus 8,500 téarma, lena n-áirítear téarmaí ón bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge, agus cuireadh na téarmaí sin ar fáil ar an suíomh poiblí [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie).



*Ag ócáid le seoladh an Fhoclóra a cheiliúradh in 2020, ó chlé: Príomhfheidhmnéannach Fhoras na Gaeilge Seán Ó Coinn, eagarthóir an Fhoclóra an Dr Pádraig Ó Mianáin, Jack Chambers TD, Aire Stáit RTCEGSM, An Taoiseach Micheál Ó Mairtín TD, agus Wuraola Majekodunmi, Comhalta Boird de chuid Fhoras na Gaeilge.*

## **CORPORATE OBJECTIVE 3: USE**

*To increase the use of Irish throughout the island of Ireland*

### **Increasing the use of Irish through cooperation and partnership**

Opportunities to use Irish were provided (school-based opportunities and opportunities for adults and young people) by providing funding to the Lead Organisations on the basis of agreed priorities.

### **Oireachtas na Gaeilge**

Foras na Gaeilge selected Oireachtas na Gaeilge as the Lead Organisation responsible for the development of networks for young people and for providing opportunities to use the Irish language. Work undertaken by Oireachtas na Gaeilge in this area included a virtual Oireachtas na Samhna. Seventy-eight official events took place over ten days, as well as twenty-eight broadcasts on national media. Some twenty-eight organisations/institutions/bodies organised events in association with Oireachtas na Gaeilge.

*Media Awards* – 250 viewers watched this virtual event and thirteen awards were given.

*Literary competitions* – 693 people watched this virtual awards ceremony. Prize money of €26,500 was awarded. Some 223 writers were competing in the various competitions.

*Na Gradaim Fhoilsitheoireachta* – a virtual event. Three competitions were held in 2020. The Réics Carló Award was presented to Futa Fata publishing house for *An Féileacán agus an Rí* by Máire Zeph. The Leabhar Breac publication *Ar Luch agus ar Dhuine*, a skilful translation by Colmcille Ó Monacháin, won Gradam de Bhaldráithe. Móinín was awarded Gradam Uí Shúilleabháin for the book *Máchail* by Ré Ó Laighléis.

There were partnerships with other events such as Sean-Nós na Fearsaide, Féastaí Sráide Parkrun Abú, Steip na Seachtaine, Tráth na gCeist, Amhrán na Seachtaine and Bí Cruthaitheach.

### **To promote and sustain the use of Irish on a regional and local basis**

Targets agreed with successful candidates under the Irish Language Communities Scheme have been met through continuous monitoring of the scheme's implementation and the provision of training opportunities for development officers. Twenty-two local committees throughout the island have been funded through the Irish-language Communities Scheme, Foras na Gaeilge's major support scheme through which a network of twenty-two Irish language development officers are employed in the committees' areas to implement a community development programme throughout the year. A consultation process on the future of the scheme was conducted and extensions until 2021 have been approved for grantees taking part in the current round of scheme, at which point agreement will have been made regarding re-announcement.

The agreed goals of local initiatives have been achieved with other grantees, including Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Cultúrlann Uí Chanáin, and the East Belfast Mission. Cultúrlann McAdam Ó Fiaich in Belfast and Cultúrlann Uí Chanáin in Derry received a three-year grant from January 2018 in a new support scheme. An agreed work programme was also implemented during 2020. This scheme was re-announced in 2020 and both cultural centres were again successful.

# CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 3: ÚSÁID

*Úsáid na Gaeilge a mhéadú ar fud oileán na hÉireann*

## **Cur le húsáid na Gaeilge trí chomhoibriú agus trí chomhpháirtíocht**

Deimhníodh gur soláthraíodh deiseanna úsáidte Gaeilge bunaithe ar thosaíochtaí aontaithe (deiseanna scoilbhunaithe, deiseanna d'aoisigh agus deiseanna do dhaoine óga) trí mhaoiniú a chur ar fáil do na Ceanneagraíochtaí go háirithe.

## **Oireachtas na Gaeilge**

Roghnaigh Foras na Gaeilge Oireachtas na Gaeilge mar Cheanneagraíocht freagrach as forbairt deiseanna úsáidte Gaeilge agus gréasán do dhaoine óga. I measc na hoibre ar thug Oireachtas na Gaeilge fúithi sa réimse oibre seo bhí: Oireachtas na Samhna Fíorúil. Reáchtáladh ocht n-imeacht oifigiúla is seachtó thar dheich lá, ocht gceoladh is fiche ar na meáin náisiúnta agus bhí ocht n-eagraíocht/institiúid/comhlacht is fiche ag eagrú imeachtaí i bpáirt le hOireachtas na Gaeilge.

*Na Gradaim Chumarsáide* – ócáid fhíorúil, 250 a bhreathnaigh ar an ócáid agus bronnadh trí ghradam déag.

*Comórtas liteartha* – ócáid fhíorúil, bronnadh duaischiste €26,500, bhí trí chomórtas liteartha agus fiche agus 223 iomaitheoir ann. D'fhéach 693 dhuine ar an ócáid bhronnta fhíorúil.

*Na Gradaim Fhoilsitheoireachta* – ócáid fhíorúil, reáchtáladh trí chomórtas sa bhliain 2020. Is ar an teach foilsitheoireachta Futa Fata a bronnadh Gradam Réics Carló don saothar *An Féileacán agus an Rí* le Máire Zeph. Bronnadh Gradam de Bhaldraithe ar Leabhar Breac don saothar *Ar Luch agus ar Dhuine*, aistriúchán cumasach a rinne Colmcille Ó Monacháin. Is ar an Teach Foilsitheoireachta Móinín a bronnadh Gradam Uí Shúilleabháin don saothar *Máchail* le Ré Ó Laighléis.

Rinneadh páirtnéireacht le himeachtaí eile ar nós Sean-Nós na Fearsaide, Féastaí Sráide Parkrun Abú, Steip na Seachtaine, Tráth na gCeist, Amhrán na Seachtaine agus Bí Cruthaitheach.

## **Úsáid réigiúnach agus logánta na Gaeilge a fhorbairt agus a chothú**

Deimhníodh gur baineadh amach na spriocanna aontaithe leis na hiarrthóirí rathúla faoin Scéim Pobal Gaeilge, a bhaineann le húsáid na Gaeilge, trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime agus deiseanna oiliúna a chur ar fáil do na hoifigigh forbartha. Tá dhá choiste áitiúla is fiche ar fud an oileáin maoinithe tríd an Scéim Pobal Gaeilge, mórscéim tacaíochta Fhoras na Gaeilge trína bhfuil gréasán de dhá oifigeach forbartha Gaeilge is fiche fostaithe i gceantair na gcoistí Gaeilge le clár forbartha pobail a chur i bhfeidhm ar feadh na bliana. Reáchtáladh próiseas comhairliúcháin ar thodhchaí na scéime agus tá sínithe ama ceadaithe le deontaithe an bhabhta reatha den scéim go 2021 go n-aontófar ar athfhógairt.

Deimhníodh gur baineadh amach na spriocanna aontaithe de thionscadail logánta le deontaithe eile, ina measc Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Cultúrlann Uí Chanáin, agus Misean Oirthear Bhéal Feirste. Forbraíodh scéim úr tacaíochta inar éirigh le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste agus Cultúrlann Uí Chanáin i nDoire deontas trí bliana a ghnóthú ó Eanáir 2018 ar aghaidh agus cuireadh clár oibre aontaithe i bhfeidhm le linn 2020 chomh maith. Athfhógraíodh an scéim sin in 2020 agus d'éirigh leis an dá chultúrlann arís.



### **Cross-community work**

The multi-annual grant to the East Belfast Mission in support of 'Turas' (an Irish language initiative for the Protestant community) was also continued. In addition, funding was provided for a programme of activities at Gaeláras Mhic Ardghail in Newry during 2020.

With of our funding for the East Belfast Mission, Foras na Gaeilge is the main support for such cross-community work. This particular project has been successful and it's worth mentioning that cross-community events also feature in some of the activities carried out under the Irish Language Communities Scheme, the Irish Language Officers Scheme, the Cultúrlann Scheme and the annual plans drawn up by the Lead Organisations.

### **The Community Radio Scheme**

The Community Radio Scheme was re-announced in 2019 and another multi-annual grant from 2020 was approved for both successful applicants, Raidió na Life in Dublin and Raidió Fáilte in Belfast. Raidió na Life is based in Foras na Gaeilge's headquarters on Amiens Street and Raidió Fáilte is located in newly-built premises in the centre of Belfast.

Both stations broadcast approximately 160 hours of Irish language content a week and provide training to roughly one hundred students in every three month period.

Broadcasts feature a wide and varied range of subjects, interviews with knowledgeable and authoritative figures not often heard on other media as well as a widely diverse choice of music. They have attracted loyal audiences in communities in both cities and around the world through live online broadcasts at [www.raidionalife.ie](http://www.raidionalife.ie) and [www.raidiofailte.com](http://www.raidiofailte.com).

One of the most important aspects of the work of both stations in the community radio sector is the ongoing cooperation between them, seen most clearly in the sharing of items from their schedules.

### **Language planning and Irish language networks**

Under the Gaeltacht Act (2012), Foras na Gaeilge conducted an open application process through which five successful applicants were selected to undertake the preparation of a language plan on behalf of the following areas: Ennis in County Clare, Clondalkin in County Dublin and Loughrea in County Galway in the Southern jurisdiction south and Carntogether in County Derry and West Belfast in Co. Antrim in the Northern jurisdiction. All language plans were approved by the Department in the first quarter of 2020 and Foras na Gaeilge offered a grant to the five Lead Organisations in April. However, the offers had not been accepted by the end of 2020, and discussions are ongoing.

### **Gaeltacht Service Towns**

Under the Gaeltacht Act (2012), Foras na Gaeilge is responsible for administering an application and support process for thirteen of the sixteen towns that have been designated by the government as a Gaeltacht Service Towns (GST). The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media provides dedicated additional funding to Foras na Gaeilge to fulfil its duties under the act. The Department approved a language plan for Letterkenny and the implementation of that language plan began in the last quarter of 2020. Galway City language plan was prepared by the end of 2019 and was being evaluated by the Department during 2020. Work continued in support of language plans in the five Gaeltacht service towns that have already appointed Lead Organisations: Cork, Castlebar, Tralee, Dungarvan and Cahersiveen.

### **Obair thrasphobail**

Leanadh freisin den deontas ilbhliantúil do Mhisean Oirthear Bhéal Feirste ar son an tionscnaimh tacaíochta Gaeilge don phobal Protastúnach ar ar tugadh ‘Turas’ agus maoiníodh clár gníomhaíochtaí le Gaeláras Mhic Ardghail ar an lár le linn 2020 chomh maith.

Is trínár maoiníú do Mhisean Oirthear Bhéal Feirste is mó a thacaíonn Foras na Gaeilge leis an obair thrasphobail. Tá ag éirí go han-mhaith leis an tionscadal sin agus, lena chois sin, bíonn cuid de na gníomhaíochtaí a dhéantar a eagrú faoin Scéim Pobal Gaeilge, faoi Scéim na nOifigeach Gaeilge, faoi Scéim na gCultúrlann agus faoi phleananna bliana na gCeanneagraíochtaí dírithe ar imeachtaí trasphobail.

### **An Scéim Raidió Pobail**

Athfhógraíodh an Scéim Raidió Pobail in 2019 agus ceadaíodh deontas ilbhliantúil eile ó 2020 don dá iarratasóir rathúla, mar atá Raidió na Life i mBaile Átha Cliath agus Raidió Fáilte i mBéal Feirste. Tá Raidió na Life lonnaithe i gceannáras Fhoras na Gaeilge ar Shráid Amiens agus tá Raidió Fáilte suite i bhfoirgneamh úrthógtha i lár Bhéal Feirste.

Craolann an dá stáisiún faoi seach timpeall 160 uair an chloig d’ábhar Gaeilge in aghaidh na seachtaine agus bíonn thart ar chéad mac léinn faoi oiliúint acu faoi seach in aghaidh na ráithe.

Úsáidtear réimse leathan agus domhain ábhair, agallaimh le daoine údarásacha agus eolgaiseacha nach gcloistear ar mheáin eile agus éagsúlacht sa cheol nach bhfuil go hiomlán faoi anáil na gcairteacha le lucht éisteachta dílis a mhealladh sna ceantair phobail thart ar an dá chathair agus ar fud an domhain tríd an ggraolachán beo ar line ag [www.raidionalife.ie](http://www.raidionalife.ie) agus [www.raidiofailte.com](http://www.raidiofailte.com).

Ar na gnéithe is tábhachtaí den obair a dhéanann an dá stáisiún in earnáil an raidió pobail tá an comhoibriú leanúnach eatarthu, arb é malartú sliotán an ghné is feiceálaí de.

### **Pleanáil Teanga & Líonraí Gaeilge**

Faoi réir Acht na Gaeltachta (2012) reáchtáil Foras na Gaeilge próiseas oscailte iarratais faoinar roghnaíodh cúig iarratasóir rathúla le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú ar son na gceantar seo a leanas: Inis i gContae an Chláir, Cluain Dolcáin i gContae Bhaile Átha Cliath agus Baile Locha Riach i gContae na Gaillimhe sa dlínse ó dheas agus dhá cheann ó thuaidh, Carn Tóchair i gContae Dhoire agus Iarthar Bhéal Feirste i gContae Aontroma. D’fhaomh an Roinn na pleananna teanga uile sa chéad ráithe de 2020 agus thairg Foras na Gaeilge deontas do na cúig Cheanneagraíocht i mí Aibreáin. Ní raibh glacadh leis na tairiscintí faoi dheireadh 2020, áfach, agus tá idirghabháil fós ar siúl.

### **Bailte Seirbhíse Gaeltachta**

Faoi réir Acht na Gaeltachta (2012), tá Foras na Gaeilge freagrach as próiseas iarratais agus tacaíochta a riar do thrí cinn déag de na sé bhaile dhéag atá ainmnithe ag an rialtas mar bhailte a d’fhéadfadh aitheantas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) a bhaint amach. Cuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) maoiníú breise faoi leith ar fáil d’Fhoras na Gaeilge leis na dualgais faoin acht a chomhlíonadh. D’fhaomh an Roinn plean teanga do Leitir Ceanainn agus cuireadh tús le cur i bhfeidhm an phlean teanga sa ráithe dheireanach de 2020. Ullmhaíodh plean teanga Chathair na Gaillimhe faoi dheireadh 2019 agus bhí meastóireacht na Roinne ar siúl air le linn 2020. Leanadh den tacaíocht leis na pleananna teanga sna cúig bhaile seirbhíse Gaeltachta ag a bhfuil Ceanneagraíocht ceaptha cheana: Corcaigh, Caisleán an Bharraigh, Trá Lí, Dún Garbhán agus Cathair Saidhbhín.

### **Other work in this area**

County Donegal Language Planning Committee has nominated staff members but the county council did not organise a meeting of the committee during 2020. No nomination has yet been obtained for the other relevant counties.

### **Providing young people with opportunities to use Irish**

Opportunities to use Irish were provided for young people based on agreed priorities with Cumann na bhFiann and Gael Linn and by monitoring agreed plans. The following Lead Organisations were funded to carry out their various responsibilities:

### **Gaeltacht Scholarship Scheme 2020-22**

A new scholarship scheme to provide Gaeltacht scholarships commenced in 2020. This is a three year scheme which was approved in 2019 with a total value of €211,572. The aim of the scheme is to provide young people and adults with an opportunity to attend a Gaeltacht course. The scheme has a particular focus on areas with a high degree of disadvantage as well as Gaeltacht service towns and Irish language networks. Conradh na Gaeilge and Gael Linn are operating as administrators to the scheme for Northern students under eighteen years while Gael Linn administers the scheme for adults throughout the island.

#### ***Amounts provided for scholarships***

Conradh na Gaeilge	€113,841 (€37,947 in 2020, 2021 & 2022)
Gael Linn (under 18)	€85,731 (€28,577 in 2020, 2021 & 2022)
Gael Linn (adults)	€12,000 (€4,000 in 2020, 2021 & 2022)

The 2020 scholarships had been awarded by the administering organisations before the summer colleges were cancelled due to COVID-19 restrictions. Accordingly, Foras na Gaeilge agreed to pay the 2020 provision to the administrators and the recipients of the scholarships were given the opportunity to attend a Gaeltacht course in 2021. It was recognised that colleges would need additional support to attract students back to the Gaeltacht and to ensure full attendance on the courses. It was thought that this decision would make a significant contribution to the learning opportunities of learners and that it would create awareness and confidence in the sector and the Irish language in general.

Cumann an Phiarsaigh was awarded a grant of €10,000 to provide Gaeltacht scholarships to families but the summer courses were cancelled due to COVID-19.

### **Cumann na bhFiann**

This Lead Organisation organised a network of fifty-eight weekly youth clubs which met in each province for twenty-five weeks during the school year. Over 1,800 young people attended these clubs outside of school time under the direction of 150 volunteer youth workers.

In 2020, twelve information nights were held throughout the island to inform children and parents about the various services available. These took place at the end of February and at the beginning of March with an attendance of 274. Cumann na bhFiann were able to host virtual clubs when COVID-19 restrictions came into force. The Lead Organisation also carried out the following projects in the course of 2020:

### **Scléip na hÓige**

As a result of COVID-19 restrictions in 2020, Cumann na bhFiann decided to run a virtual event on 28 and 29 October in conjunction with other youth organisations. Events included:

- A circus skills workshop

### **Obair eile sa réimse seo**

Tá baill foirme ainmnithe ar Choiste Pleanála Teanga Chontae Dhún na nGall ach níor eagraigh an chomhairle contae cruinniú den choiste le linn 2020. Níl ainmniúchán faighte do na contaetha ábhartha eile fós.

### **Deiseanna úsáide a chur ar fáil don óige**

Deimhníodh go soláthraíodh deiseanna úsáidte Gaeilge don óige bunaithe ar thosaíochtaí aontaithe le Cumann na bhFiann agus le Gael Linn trí mhonatóireacht a dhéanamh ar phleananna aontaithe. Tugadh maoiniú do na Ceanneagraíochtaí seo atá luaite thíos le plé leis na freagrachtaí atá luaite leo:

### **Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2020-22**

Cuireadh tús le scéim scoláireachtaí nua in 2020 (scéim trí bliana a ceadáíodh in 2019) ar luach €211,572 san iomlán le scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag an scéim deis a chur ar fáil do dhaoine óga agus fásta freastal a dhéanamh ar chúrsa Gaeltachta. Díríonn an scéim go háirithe ar cheantair a bhfuil líon ard daoine faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí iontu chomh maith leis na bailte seirbhíse Gaeltachta agus na líonraí Gaeilge. Tá Conradh na Gaeilge agus Gael Linn ag feidhmiú mar riarthóirí ar an scéim do dhaltaí ó thuaidh faoi ocht mbliana déag d'aois agus Gael Linn mar riarthóir ar an scéim do dhaoine fásta fud fad an oileáin.

### ***Suimeanna curtha ar fáil do scoláireachtaí***

Conradh na Gaeilge	€113,841 (€37,947 in 2020, 2021 & 2022)
Gael Linn (f/18)	€85,731 (€28,577 in 2020, 2021 & 2022)
Gael Linn (fásta)	€12,000 (€4,000 in 2020, 2021 & 2022)

Toisc go raibh scoláireachtaí 2020 bronnta ag na heagraíochtaí riaracháin sular cuireadh na coláistí samhraidh ar ceal de bharr shrianta COVID-19, d'aontaigh Foras na Gaeilge soláthar 2020 a íoc leis na heagraíochtaí riaracháin agus tugadh deis d'fhaighteoirí na scoláireachtaí freastal a dhéanamh ar chúrsa Gaeltachta in 2021. Aithníodh go mbeadh tacaíocht bhreise de dhíth ar na coláistí le scoláirí a mhealladh ar ais chun na Gaeltachta agus le lánfhreastal ar na cúrsaí a chinntiú. Measadh go gcuirfeadh an cinneadh seo go mór le deiseanna foghlamtha na bhfoghlaimeoirí agus go gcruthódh sé ardú meanman agus feasachta san earnáil agus i saol na Gaeilge trí chéile.

Bronnadh deontas ar luach €10,000 ar Chumann an Phiarsaigh le scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil do theaghlaigh ach cuireadh na cúrsaí ar ceal le linn an tsamhraidh mar gheall ar COVID-19.

### **Cumann na bhFiann**

Reáchtáil an Cheanneagraíocht seo gréasán de chlubanna seachtainiúla, gréasán d'ocht n-ógclub sheachtainiúla chaighdeánacha agus caoga a cuireadh sa siúl i ngach cúige ar feadh cúig seachtaine is fiche i rith na scoilbhliana. D'fhreastail breis agus 1,800 duine óg ar na clubanna seo taobh amuigh d'am scoile faoi stiúir 150 oibrí óige deonach.

In 2020 socraíodh dhá oíche eolais déag timpeall an oileáin le páistí agus tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi na seirbhísí éagsúla atá ar fáil. Cuireadh ar siúl iad ag deireadh mhí Feabhra agus ag tús mhí an Mhárta agus d'fhreastail 274 dhuine orthu. D'éirigh le Cumann na bhFiann clubanna fíorúla a reáchtáil nuair a cuireadh srianta COVID-19 i bhfeidhm. Anuas air sin, thug an Cheanneagraíocht faoi na tionscadail seo a leanas le linn 2020:

### **Scléip na hÓige**

Bheartaigh Cumann na bhFiann, i gcomhar leis na hóg-eagraíochtaí eile, imeacht fíorúil a reáchtáil ar an 28 agus an 29 Deireadh Fómhair mar gheall ar na srianta a bhain le COVID-19 in 2020. I measc na n-imeachtaí bhí:

- Ceardlann scileanna sorcais

- A sean-nós dancing workshop
- A quiz
- A concert with the group Seo Linn
- Finals of 'Slua le Bua'

Around 250 young people attend the Scéip na hÓige festival each year but the number of participants grew dramatically in 2020 due to the fact that the events were available online.

#### ***Project impact***

Impressions	4,671
Interactions	492
Engagements	10,316

#### **Slua le Bua**

Due to COVID-19 restrictions, two talent competitions, 'Slua le Bua' and 'Slua le Bua na nÓg', were run online in 2020 and a comprehensive plan to promote them was put in place. Publicity has contributed significantly to Cumann na bhFiann's online presence and has enhanced communication with stakeholders. 192 applications were received for these competitions from youth organisations, grantees of the Youth Events Scheme, Gaelscoileanna and Gaelcholáistí, Muintearas, and other groups. Some 333 people took part in the competitions. An online voting system was put in place with 9,164 participants. The videos that reached the finals were viewed by 123,861.

#### **School Exhibitions**

Cumann na bhFiann organised exhibitions in the following schools during the first quarter of 2020, before restrictions came into force. The numbers of pupils participating is shown below:

<b>School</b>	<b>Participants</b>
Coláiste CBS, Naas, Kildare	170
Scoil Mhuire, Newbridge, Kildare	200
Bunscoil Naomh Sheosamh, Longford	204
Coláiste Éanna, Rathfarnham, Dublin	105
Cnoc an Teampaill, Virginia, Co Cavan	30
Scoil Náis. Carraig a Bruis, Virginia, Co Cavan	30
Scoil Naomh Cholmcille, Rathfarnham, Dublin	200
Scoil Naomh Pádraig, Rathfarnham, Dublin	280
Bunscoil Naomh Pól, Navan, Co Meath	100
Bunscoil Loreto, Navan, Co Meath	100
Scoil Mháthair Dé, Limerick	75
Coláiste Laurel Hill, Limerick	60
Bunscoil Naomh Mól, Ardagh, an Longford	140
Coláiste Éanna, Rathfarnham, Dublin	210
Coláiste Naomh Aingeal Ursuline, Waterford	60
Bunscoil Droim Conga, Leitrim	40
Scoil na Naomh Uilig, Newbridge, Kildare	160
Bunscoil Naomh Mícheál, Longford	120
Bunscoil an Traonaigh, Fermanagh	30

#### ***Dóchas – a Christmas song***

A Song for Christmas was a new initiative undertaken by Cumann na bhFiann at the end of the year. *Happy Xmas (War is Over)*, a song by John Lennon and Yoko Ono was translated and renamed *Dóchas* ('Hope').

This was done to raise money and promote awareness for the charity ALONE. 312 people took part in the video, which had 8,554 views on

- Ceardlann damhsa ar an sean-nós
- Tráth na gceist
- Ceolchoirm le Seo Linn
- Craobh Slua le Bua

Bíonn tuairim agus 250 duine óg ag freastal ar Scléip na hÓige gach bliain ach d'fhás líon na rannpháirtithe as cuimse in 2020 toisc go raibh an t-imeacht ar fáil ar líne.

#### ***Tionchar an tionscadail***

Radharcanna	4,671
Idirghníomhaíochtaí	492
Teagmhálacha	10,316

#### **Slua le Bua**

Mar gheall ar shrianta COVID-19, cinneadh dhá chomórtas tallainne, Slua le Bua agus Slua le Bua na nÓg, a reáchtáil ar líne in 2020 agus cuireadh pleán cuimsitheach i bhfeidhm le poiblíocht a dhéanamh orthu. Chuir an phoiblíocht go mór le láithreach Chumann na bhFiann ar líne agus d'fhorbair an chumarsáid dá bharr leis na páirtithe leasmhara. Rinneadh 192 iarratas ar na comórtais seo ó óg-eagraíochtaí, deontaithe Scéim na nImeachtaí Óige, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí, Muintearas, agus grúpaí eile nach iad, agus ghlac 333 dhuine páirt sna comórtais. Cuireadh córas vótála ar líne i bhfeidhm le 9,164 rannpháirteach agus 123,861 radharc ar na fiseáin a bhain áit amach sa chraobh.

#### **Taispeántais i Scoileanna**

D'eagraigh Cumann na bhFiann taispeántais sna scoileanna seo a leanas le linn an chéad ráithe de 2020 sular tháinig na srianta i bhfeidhm. Léirítear líon na ndalta scoile a bhí rannpháirteach ann thíos:

<b>Scoil</b>	<b>Rannpháirtithe</b>
Coláiste CBS, Nás, Cill Dara	170
Scoil Mhuire, Droichead Nua, Cill Dara	200
Bunscoil Naomh Sheosamh, An Longfort	204
Coláiste Éanna, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath	105
Cnoc an Teampaill, Achadh an Iúir, An Cabhán	30
Scoil Náis. Carraig a Bruis, Achadh an Iúir, An Cabhán	30
Scoil Naomh Cholmcille, Rath Fearnáin, Baile Átha Cliath	200
Scoil Naomh Pádraig, Rath Fearnáin, Baile Átha Cliath	280
Bunscoil Naomh Pól, an Uaimh, An Mhí	100
Bunscoil Loreto, an Uaimh, An Mhí	100
Scoil Mháthair Dé, Luimneach	75
Coláiste Laurel Hill, Luimneach	60
Bunscoil Naomh Mól, Ardach, An Longfort	140
Coláiste Éanna, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath	210
Coláiste Naomh Aingeal Ursuline, Port Láirge	60
Bunscoil Droim Conga, Liatroim	40
Scoil na Naomh Uilig, Droichead Nua, Cill Dara	160
Bunscoil Naomh Micheál, An Longfort	120
Bunscoil an Traonaigh, Fear Manach	30

#### **Amhrán na Nollaig – *Dóchas***

Thug Cumann na bhFiann faoi thionscnamh nua ag deireadh na bliana Amhrán na Nollag. Rinneadh aistriúchán ar amhrán John Lennon agus Yoko Ono, *Happy Xmas (War is over)*, agus tugadh ainm nua don amhrán, *Dóchas*. Rinneadh seo le hairgead a thiomsú agus feasacht a ardú

YouTube, Instagram and Facebook. There were interactions with 213,567 social media accounts, contributing greatly to awareness of Cumann na bhFiann. €2,008 was collected for the charity.

### Social media and Communications

Cumann na bhFiann focused strongly on the development of social media during 2020, due to COVID-19 restrictions. There was particular focus on Instagram – which has been recognised as the most popular platform among young people – and on Facebook, which has been identified as the most popular platform among parents. The goals set out in the organisation’s communication plan were implemented and new opportunities arose from this work. A new website (óige.ie) has been developed which will be a valuable resource for the youth sector throughout the island. This site will host all kinds of information for youth groups and clubs. The organisation’s YouTube channel has been expanded with guidance for events, games, dances and other resources for groups involved in youth work through the medium of Irish. Various activities have been developed, including a commentary on eight games that are now available for download.

2020 activities included:

- Slua le Bua & Slua le Bua na nÓg
- The Christmas song *Dóchas*
- A virtual Scléip na hÓige festival
- Virtual clubs
- Saturday activities under the title Satharn Sásta
- Thursday activities under the title Caitheamh Siar ar an Déardaoin
- Podcasts
- Inspiration of the Week
- Meme of the week
- Tongue-twister of the week
- County facts
- Spot the differences
- Líon isteach é! ('Fill it in!')
- The Féirín ('little present') competition

### Social media statistics

Facebook	2018	2019	2020
Followers	6,175	6,214	7,172
Likes	856	1,219	15,241
Engagements with accounts	245,532	106,694	1,200,465
Engagements with posts	66,635	8,976	25,804

Instagram	2018	2019	2020
Followers	1,085	1,580	2,065
Likes	7,734	18,633	20,050
Engagements with accounts	N/B	203,708	733,647

don charthanas ALONE. Ghlac 312 dhuine páirt san fhíseán agus bhí 8,554 radharc ag an bhfíseán ar YouTube, Instagram agus Facebook. Rinneadh teagmháil le 213,567 gcuntas shóisialta, rud a d'ardaigh feasacht ollmhór do Cumann na bhFiann chomh maith. Bailíodh €2,008 don charthanas.

### Na Meáin Shóisialta & Cúrsaí Cumarsáide

Dhírigh Cumann na bhFiann go mór ar fhorbairt na meán sóisialta a bhaint amach le linn 2020 mar gheall ar shrianta COVID-19, go háirithe ar Instagram atá aitheanta mar an meán is coitianta i measc daoine óga, agus Facebook atá aitheanta mar an meán is coitianta i measc tuismitheoirí. Cuireadh na spriocanna atá leagtha síos i bplean cumarsáide na heagraíochta i bhfeidhm agus forbraíodh deiseanna nua ag eascairt ón obair sin. Forbraíodh suíomh gréasáin úr (óige.ie) a bheidh ina áis luachmhar d'earnáil na hóige sa todhchaí fud fad an oileáin. Beidh gach eolas ar an suíomh seo do ghrúpaí agus do chlubanna óige. Cuireadh le cainéal YouTube na heagraíochta ar a bhfuil treoir d'imeachtaí, cluichí, rincí, agus tuilleadh do ghrúpaí atá ag plé leis an óige trí mheán na Gaeilge. Forbraíodh gníomhaíochtaí éagsúla, ina measc rinneadh tráchtairacht ar ocht gcluiche atá anois ar fáil le híoslódáil.

I measc na bhfeachtas in 2020 bhí:

- Slua le Bua & Slua le Bua na nÓg
- Amhrán na Nollag, *Dóchas*
- Scléip na hÓige Fíorúil
- Clubanna Fíorúla
- Gníomhaíochtaí don Sathairn - Satharn Sásta
- Caitheamh Siar ar an Déardaoin
- Podchraoltaí
- Spreagadh na Seachtaine
- Méim na Seachtaine
- Rabhlóg na Seachtaine
- Fíricí Contaetha
- Aimsigh na Difríochtaí
- Líon isteach é!
- Comórtas Féirín

### Staitisticí Meán Sóisialta

Facebook	2018	2019	2020
Leantóirí	6,175	6,214	7,172
Is maith liom	856	1,219	15,241
Teagmháil le cuntais	245,532	106,694	1,200,465
Teagmháil le postálacha	66,635	8,976	25,804

Instagram	2018	2019	2020
Leantóirí	1,085	1,580	2,065
Is maith liom	7,734	18,633	20,050
Teagmháil le cuntais	N/B	203,708	733,647



### **Youth Events Scheme**

Under the Youth Events Scheme, Foras na Gaeilge provided 85 grants to the value of €340,308.53 to enable groups to organise Irish language events. Eight applications under the scheme were not successful due to lack of funds. More than 6,800 young people are expected to benefit from opportunities provided under the 2020/2021 Youth Events Scheme.

### **The Investment Fund**

No grant was approved under the Investment Fund for the Establishment of Pre-school and Childcare Procurement during 2020, but the possibility of funding for 2021 was discussed with Comhairle na Gaelscolaíochta and a new preschool committee. The new committee is due to apply to the fund in early 2021.

### **Gael Linn**

Gael Linn organised many extra-curricular events. 2020's highly successful programme of events featured the following:

**Ó Cadhain Debating Competition** – fifty teams participated. Over 300 attended the final at Salthill Hotel, Galway.

**Quiz** – 1,500 pupils from four schools took part.

**Scléip** – thirty seven Irish-medium schools took part in Scléip 2020.

There were four pre-rounds, one in the North, and the final was held at Dublin's Clasach Theatre. The theatre was full, with over 300 in attendance. There was an excellent standard, particularly in the singing competitions. A CD featuring the winners was issued and played on Irish-language radio stations.

**Coirm** – seven schools took part, with 250 pupils attending.

**Abair 2019** – The competition was changed to a video format this year. 10 schools applied. The competition ended in 2020.

**Spraiocheist** – a fun quiz for primary pupils - An online fun quiz was organised on the Kahoot platform. These were held weekly and lasted for one hour each. Primary school children had to engage with vocabulary challenges while enjoying the antics of Giggles the clown. Up to 80 teams took part every week and many returned week after week. Prizes were posted to the winners.

**Teacht le chéile ('Coming Together'** – A 40-minute video featuring musicians, storytellers and poets performing from their homes on Gael Linn's live Facebook page and on YouTube. PDFs of song lyrics were made available and the contributing musicians talked a lot in Irish as well.

With regard to Gael Linn's work in creating opportunities to use Irish at third level, the following results were achieved:

- The finals of Bréagchúirt Uí Dhálaigh 2020 were held online on various platforms used by Gael Linn. A third level debating competition was organised in conjunction with Conradh na Gaeilge and proved very successful. It was held in 2020 on various platforms used by Gael Linn.

## Scéim na nImeachtaí Óige

Trí Scéim na nImeachtaí Óige 2020/2021 chuir Foras na Gaeilge deontais ar luach €340,308.53 ar fáil le haghaidh seacht ndeontas agus ochtó do ghrúpaí chun imeachtaí trí Ghaeilge a chur ar fáil. Níor éirigh le hocht n-iarratas faoin scéim cheal airgid. Trí Scéim na nImeachtaí Óige 2020/2021 tuartar go mbainfidh breis agus 6,800 duine óg tairbhe as na deiseanna seo.

## An Ciste Infheistíochta

Maidir leis an gciste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Réamhscolaíochta agus Cúraim Leanaí, níor ceadaíodh aon deontas faoin gciste le linn 2020 ach rinneadh plé le Comhairle na Gaelscolaíochta agus le coiste naiscoile nua maidir le féidearthachtaí do 2021. Tá an coiste nua chun iarratas a dhéanamh faoin gciste go luath in 2021.

## Gael Linn

D'eagraigh Gael Linn go leor imeachtaí seach-churaclaim. D'éirigh go maith le clár imeachtaí na bliana 2020 agus baineadh amach na spriocanna seo a leanas:

**Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain** – bhí caoga foireann páirteach ann. Bhí breis agus 300 i láthair ag an gcraobh in Óstán Bhóthar na Trá, Gaillimh.

**Tráth na gCeist** – 1,500 dalta as ceithre scoil is fiche a ghlac páirt.

**Scléip** – bhí seacht scoil lán-Ghaeilge agus tríocha páirteach i Scléip 2020. Bhí ceithre réamhbhabhta ann, ceann amháin acu sa tuaisceart, agus bhí an chraobh in Amharclann Clasach i mBaile Átha Cliath. Bhí an tionad lán, le breis is 300 i láthair, agus bhí sárchaighdeán sna comórtais amhránaíochta go háirithe. Eisíodh dlúthdhiosca de na buaiteoirí agus seinneadh sin ar na stáisiúin raidió Ghaeilge.

**Coirm** – bhí seacht scoil páirteach le 250 duine i láthair.

**Abair 2019** – Athraíodh an comórtas i mbliana go comórtas fiseáin ar chuir 10 scoil isteach air. Chríochnaigh an comórtas in 2020.

**Spraiocheist do pháistí bunscoile** - Eagraíodh spraoicheist ar líne ar an ardán Kahoot a lean uair a chloig, uair sa tseachtain. Bhí dúshlán ann do pháistí bunscoile ó thaobh stór focal agus bhí spraoi i gceist leis fear grinn Giggles páirteach. Ghlac suas le 80 foireann páirt gach seachtain agus tháinig cuid mhór daoibh ar ais seachtain i ndiaidh seachtaine. Cuireadh duaiseanna amach sa phost chuig na duaiseoirí.

**Teacht le chéile** - Fiseán 40 nóiméad a cuireadh ar fáil de cheoltóirí, scéalaithe agus filí ag láithriú óna dteach féin ar leathanach beo Facebook Gael Linn, agus ina dhiaidh sin ar YouTube. Nuair is ceoltóirí a bhí i gceist cuireadh PDF d'fhocail na n-amhrán ar fáil agus bhí neart comhrá i nGaeilge uathu chomh maith.

Maidir le hobair Ghael Linn ag cruthú deiseanna úsáide ag an tríú leibhéal baineadh amach na torthaí seo:

- Eagraíodh Craobhchomórtas Bhréagchúirt Uí Dhálaigh Ghael Linn 2020 ar líne ar ardáin éagsúla Ghael Linn.  
Bhí an-rath ar an gcomórtas díospóireachta don tríú leibhéal a eagraítear i gcomhar le Conradh na Gaeilge 2020 a bhí ar líne ar ardáin éagsúla Ghael Linn.

### The Project Fund

The Project Fund was launched by Foras na Gaeilge in 2020. The fund focuses on projects not covered by the current Foras na Gaeilge schemes and grants between €1,000/£900 and €12,000/£10,800 were available. Innovative projects were welcomed, with new concepts, wide impact and ensuring the promotion, cultivation and perpetuation of the Irish language. Here is a summary of the projects developed in 2020:

Organisation name	The Tomás Ó Máille Commemoration Committee (NUI, Galway)
Project name	A commemorative exhibition on Tomás Ó Máille
Project description	A travelling exhibition for the university community in Ireland and overseas and for various centres around the island. It includes digitisation of videos, creation of a high-quality digital facility, and the production and tour of an exhibition. A version will be permanently available online. Funding has also been provided by the Department of the Gaeltacht and National University of Ireland, Galway.
Grant	€12,000

Organisation name	Friends of Sliabh Fuait
Project name	Cultural tourism in the Keady area.
Project description	A self-directed driving trip around historic and heritage sites in the Keady area. Visitors will be provided with information about the history, folklore, place names, natural environment and archaeology of the area.
Grant	£10,800

Organisation name	Project Arts Centre
Project name	Tar Anseo
Project description	A short film based on Clare Island in Cork. The producers will visit the island and talk to the community, collecting stories and exploring language relating to spending and sorrow, friendship and violence. The film will be displayed nationally and internationally at the Dublin International Film Festival, Galway International Film Festival, the Cork Film Festival, the Fastnet Film Festival in Cork, and more.
Grant	€12,000

Organisation name	Coiste Gaeloideachas Chromghlinne/Crumlin Committee for Irish-medium Education
Project name	Caifé na gCrom
Project description	This project is a non-profit social enterprise that will create employment opportunities in the Irish language sector in this semi-rural area. The cafe will encourage excellence in language use by creating a social and informal space that will give the community the opportunity to use, learn and normalise Irish.
Grant	£10,800

### An Ciste Tionscadal

Chuir Foras na Gaeilge tús leis an gCiste Tionscadal in 2020. Diríonn an ciste ar thionscadail nach bhfuil clúdaithe faoi na scéimeanna reatha atá ag Foras na Gaeilge agus bhí deontais idir €1,000/£900 agus €12,000/£10,800 ar fáil. Cuireadh fáilte roimh thionscadail nuálacha, le coincheapa nua, le tionchar leathan agus a chinntigh cur chun cinn, cothú agus buanú na Gaeilge. Seo achoimre ar na tionscadail a forbraíodh in 2020:

Ainm na heagraíochta	Coiste Comórtha Thomáis Uí Mháille (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)
Ainm an tionscadail	Taispeántas Comórtha ar Thomás Ó Máille
Cur síos ar an tionscadal	Taispeántas taistil do phobal na hollscoile in Éirinn agus thar sáile agus d'ionaid éagsúla timpeall an oileáin ina mbeidh digitíú ar fhíseáin, áis dhigiteach ar ardchaighdeán a chruthú, agus taispeántas a léiriú agus a chur ar chamchuart. Beidh leagan ar fáil ar líne go buan. Tá maoiniú curtha ar fáil ag Roinn na Gaeltachta agus ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chomh maith don tionscadal seo.
Deontas	€12,000

Ainm na heagraíochta	Friends of Sliabh Fuait
Ainm an tionscadail	Turasóireacht Chultúrtha i gCeantar an Chéide
Cur síos ar an tionscadal	Turas tiomána féintreoirithe thart ar shuíomhanna stairiúla agus oidhreacht i gceantar an Chéide. Cuirfear eolas ar fáil do chuirteoirí faoi stair, béaloideas, logainmneacha, dúlra agus seandálaíocht an cheantair.
Deontas	£10,800

Ainm na heagraíochta	Project Arts Centre
Ainm an tionscadail	Tar Anseo
Cur síos ar an tionscadal	Gearrscannán bunaithe ar Oileán Chléire i gCorcaigh ina mbeidh lucht léirithe ag tabhairt cuairt ar phobal an oileáin agus ag comhrá leo, ag bailiú scéalta agus ag déanamh iniúchadh ar théarmaíocht chaiteachais agus bhróin, chairdis agus foréigin. Beidh an scannán ar taispeáint go náisiúnta agus idirnáisiúnta ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, Féile Scannán Idirnáisiúnta na Gaillimhe, Féile Scannán Chorcaí, Féile Scannán Fastnet i gCorcaigh, agus eile.
Deontas	€12,000

Ainm na heagraíochta	Coiste Gaeloideachas Chromghlinne
Ainm an tionscadail	Caifé na gCrom
Cur síos ar an tionscadal	Fiontar sóisialta neamhbhrabúsach atá i gceist leis an tionscadal seo, a cruthóidh deiseanna fostaíochta in eamáil na Gaeilge sa cheantar leath-tuaithe seo. Spreagfaidh an caifé seo barr feabhais in úsáid teanga trí spás sóisialta agus neamhfhoirmiúil a chruthú a thabharfaidh deis don phobal Gaeilge a úsáid, a fhoghlaim agus a normalú.
Deontas	£10,800

Organisation name	Conradh na Gaeilge Charn Tóchair
Project name	Animation for children
Project description	A visual app with story-based animations and songs suitable for children aged two to seven years old. It features a mixture of rhymes and songs used at nursery level and common traditional songs. This app is a great resource for parents to learn Irish with their children.
Grant	£10,800

### **The Gaelic Athletic Association in Ulster**

The aim of this project is to consolidate and make permanent the long-established structures for the promotion of the Irish language in Ulster. It aims to improve, develop and promote the use of Irish through defined opportunities within the community and to promote positive attitudes towards the language. GAA clubs are at the heart of the community, parishes and towns throughout Ulster and the organisation has an impact on all age groups, men and women and non-playing members. This project focuses on the target groups identified by Foras na Gaeilge – community schools, community events and youth work.

An Irish language officer was appointed on a thirty-month contract in 2018, a period that was due to end on 24 March 2021. COVID-19 has had a negative impact on the final year of the project, which was to be a valuable and vital period when all the work came together and the long-term results were to be confirmed. Due to the pandemic, the Ulster GAA was not able to develop certain aspects of the work that had commenced. Despite this, the Ulster GAA expressed commitment to the project and the Irish language, for example by adapting the work plan by providing classes online for GCSE and A-level students in the north. The Board of Foras na Gaeilge approved a one-year extension to allow for completion of the project at the December 2020 board meeting. Notably, the Ulster GAA has been able to get a lot of work done in the course of 2020, despite COVID-19 restrictions, including:

- Twelve weeks of online Irish classes with seventeen staff attending.
- Partnership with Glór na nGael on the Gradam Sheosaimh Uí Dhonncha Foundation. Eleven clubs were assessed.
- Ongoing attendance at meetings of the National Irish Language Committee and the Irish Language and Heritage Committee.
- Two online courses lasting six-weeks were provided for Junior Certificate students, for GCSE, Leaving Cert and A-Level students with participants from eight counties in Ulster.
- Ulster GAA have carried out an audit on the clubs. The results have been published and work has started in implementing the recommendations made, including useful phrases for social media and publicising the resources on the website.
- Material was provided for the magazine *Cuaille* on a regular basis.
- A new awareness project, School Profile, was initiated to showcase Irish-medium schools in Ulster and to show their link with GAA. They included Scoil Naomh Éanna, Coláiste Feirste, Gaelscoil Phádraig Naofa and Coláiste na Carraige.
- A video campaign was carried out during Seachtain na Gaeilge, which raised awareness about clubs in the province and their efforts to promote the Irish language.
- Because the Ulster GAA project, Coirnéal na Gaeilge, has been so successful, it was agreed nationally that Coirnéal na Gaeilge will

Ainm na heagraíochta	Conradh na Gaeilge Charn Tóchair
Ainm an tionscadail	Beochan do pháistí
Cur síos ar an tionscadal	Aip fhísiúil le beochaintí bunaithe ar rannta agus amhráin a bheidh feiliúnach do pháistí idir dhá bhliain agus seacht mbliana d’aois. Tá meascán ann idir rannta agus amhráin a úsáidtear ag leibhéal naiscoile agus seanamhráin thraidisiúnta choitianta. Tá an aip seo ina hacmhainn iontach do thuismitheoirí le Gaeilge a fhoghlaim lena gcuid páistí.
Deontas	£10,800

### Cumann Lúthchleas Gael Uladh

Is é sprioc an tionscadail seo comhdhlúthú agus buanú a dhéanamh ar na struchtúir atá fadhbunaithe do chur chun cinn na Gaeilge in Ultaibh, agus tá aidhm ann úsáid na Gaeilge a fheabhsú, a fhorbairt agus a chur chun cinn trí dheiseanna sainithe i measc an phobail agus dearcadh dearfach a chur chun cinn. Tá clubanna CLG i gcroílár an phobail, i bparóistí agus i mbailte Chúige Uladh agus tá tionchar ag an eagraíocht ar gach aoisghrúpa, fir agus mná agus ar bhail a imríonn agus nach n-imríonn na cluichí. Dírionn an tionscadal seo ar na spriocghrúpaí atá aitheanta ag Foras na Gaeilge – scoileanna pobail, imeachtaí pobail agus obair óige.

Ceapadh oifigeach Gaeilge ar chonradh tríocha mí in 2018 agus bhí deireadh le teacht leis an tréimhse sin ar an 24 Márta 2021. D’imir COVID-19 drochthionchar ar bhliain deiridh an tionscadail, tréimhse luachmhar agus fhíorthábhachtach, mar is é seo an tréimhse nuair a bhí an obair ar fad le teacht le chéile agus nuair a bhí na torthaí fadtéarmacha le daingniú. Mar gheall ar an bpaindéim níor éirigh le CLG Uladh forbairt a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den obair a bhí tosaithe. Ina ainneoin seo léirigh CLG Uladh tiomantas don tionscadal agus don Ghaeilge tríd an bplean oibre a fhorbairt agus a chur in oiriúint trí ranganna a chur ar fáil ar líne do dhaltáí TGM agus A-leibhéal ó thuaidh mar shampla. Cheadaigh Bord Foras na Gaeilge síneadh bliana leis an tionscadal a chur i gcrích ag cruinniú boird na Nollag 2020. D’éirigh le CLG Uladh neart oibre a chur i gcrích le linn 2020, áfach, beag bean ar shrianta COVID-19, ina measc:

- Ranganna Gaeilge ar líne ar feadh dhá sheachtain déag le seacht mball foirne déag ag freastal.
- Comhpháirtíocht le Glór na nGael ag obair ar Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha. Rinneadh measúnú ar aon chlub déag.
- Freastal leanúnach ar chruinnithe de Choiste Náisiúnta na Gaeilge agus de Choiste na Gaeilge agus na hOidhreacht
- Cuireadh dhá chúrsa sé seachtaine ar líne ar fáil do scoláirí Teastais Shóisearaigh agus TGM agus scoláirí Ardteiste agus A-leibhéal le rannpháirtithe ó ocht gcontae i gCúige Uladh.
- Foilsíodh torthaí iniúchadh CLG Uladh ar na clubanna agus thosaigh obair leis na moltaí a rinneadh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear frásaí úsáideacha do na meáin shóisialta agus poiblíocht ar na hacmhainní atá ar an suíomh gréasáin.
- Cuireadh ábhar ar fáil go leanúnach don iris *Cuaille*.
- Cuireadh tús le tionscadal feasachta nua, Próifil Scoile, le spotsolas a chaitheamh ar Ghaelscoileanna i gCúige Uladh agus an nasc atá acu le CLG a léiriú. Ina measc bhí Scoil Naomh Éanna, Coláiste Feirste, Gaelscoil Phádraig Naofa agus Coláiste na Carraige.
- Cuireadh feachtas fiseán i gcrích le linn Sheachtain na Gaeilge, rud a d’ardaigh feasacht do na clubanna sa chúige agus na hiarrachtaí atá idir lámha acu leis an nGaeilge a chur chun cinn.

- PDF files have been developed as a resource for coaches in the clubs. They feature relevant terminology relating to areas such as skills, training drills, communication with players, how to encourage young players. Planning for the development of more videos has begun.
- Significant progress was made on a teaching plan that will be available to the clubs in early 2021.

## Promoting writing, publishing & reading in Irish

### Foras na Gaeilge's reading strategy

*Comhar* was nominated to develop a reading strategy for the Irish Language Readers project. The new website [www.léitheoirí.ie](http://www.léitheoirí.ie) was launched and a consultation process with the reading public was launched at the end of 2020.

### Book of the Year Awards

The Oireachtas, in partnership with Foras na Gaeilge, announced the winners of the 2020 Publishing Awards – Gradam Réics Carló (Book of the Year for Young Readers), Gradam de Bhaldraithe (Book of the Year in translation into Irish from another language) and Gradam Uí Shúilleabháin (The Book of the Year for Adult Readers).

The Futa Fata publishing house was presented with the Réics Carlo Award for *An Feileacán agus an Rí* by Máire Zepf, with illustrations by Shona Shirley Macdonald. Leabhar Breac won Gradam de Bhaldraithe with *Ar Luch agus ar Dhuine*, a skilful translation by Colmille Ó Monacháin of John Steinbeck's novel, *Of Mice and Men*. Gradam Uí Shúilleabháin went to the publishing house Móinín for the book *Máchail* by Ré Ó Laighléis. A total prize fund of €17,000 was announced.

Áis manages the scheme with the aim of providing marketing support to the Irish language publishing sector. The Love Leabhar Gaeilge marketing campaign is also organised under this scheme. A new scheme was announced during 2020, covering a period of thirty months between July 2020 and December 2022. This new scheme will be administered in conjunction with Cumann na bhFoilsitheoirí (the Association of Publishers).

### Literary Projects Scheme

Clár na Leabhar Gaeilge provided funding under the Literary Projects Scheme for the following projects to promote Irish language writing, publishing and reading:

- **Gaelchultúr** – ClubLeabhar.com, an online book club.
- **Móinín** – an Scríobhlann, an intensive course in short story and novel writing.
- **Irish Writers Centre** – creative writing bursaries, Writers in Residence (online), The Writer in Residence Scheme (The River Mill).
- **Éigse Éireann/Poetry Ireland** – a series of residencies in Gaeltacht schools (primary and secondary) and in Gaelscoileanna and Gaelcholáistí.
- **Young at Art** – sessions for children with Irish language authors.
- **Ó Bhéal** – a series of bilingual poetry readings with musical accompaniment.
- **NUI Galway** – a conference on Irish language literature and culture which gives PhD students a platform to talk about their research. NUI Galway withdrew from the scheme due to COVID-19.

- De bhrí gur éirigh chomh maith sin le togra CLG Uladh, Coirnéal na Gaeilge, aontaíodh ar bhonn náisiúnta go mbeidh Coirnéal na Gaeilge i bhfeidhm sna staideanna i gCúige Chonnacht le linn 2021 agus i ngach cúige faoi 2022.
- Forbraíodh comhaid PDF mar áis do chóitseálaithe sna clubanna leis an téarmaíocht ábhartha, mar shampla, na scileanna, druileanna traenála, cumarsáid le himreoirí, conas imreoirí óga a spreagadh. Tá tús curtha leis an bpleanáil le físeáin a fhorbairt.
- Rinneadh dul chun cinn sunstasach ar phlean teagaisc a bheidh ar fáil do na clubanna go luath in 2021.

## Scríbhneoireacht, foilsitheoireacht & léitheoireacht na Gaeilge a chothú

### Stráitéis léitheoireachta Foras na Gaeilge

Ainmníodh Comhar le tabhairt faoin stráitéis léitheoireachta a chur i bhfeidhm faoin tionscadal léitheoireachta Léitheoirí na Gaeilge. Seoladh an suíomh gréasáin nua [www.leitheoiri.ie](http://www.leitheoiri.ie) agus cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin i gcomhar le saol na léitheoireachta faoi dheireadh na bliana 2020.

### Gradaim Leabhar na Bliana

D'fhógair an tOireachtas, i gcomhpháirt le Foras na Gaeilge, buaiteoirí Ghradaim Fhoilsitheoireachta 2020 – Gradam Réics Carló (Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg), Gradam de Bhaldráithe (Leabhar na Bliana do shaothar aistrithe go Gaeilge ó theanga eile) agus Gradam Uí Shúilleabháin (Leabhar na Bliana don Léitheoir Fásta).

Is ar an teach foilsitheoireachta Futa Fata a bronnadh Gradam Réics Carló don saothar *An Féileacán agus an Rí* le Máire Zepf agus a mhaisigh Shona Shirley Macdonald. Bronnadh Gradam de Bhaldráithe ar Leabhar Breac don saothar *Ar Luch agus ar Dhuine*, aistriúchán cumasach a rinne Colmcille Ó Monacháin ar an saothar le John Steinbeck, *Of Mice and Men*. Is chuig an teach foilsitheoireachta Móinín a chuaigh Gradam Uí Shúilleabháin don saothar *Máchail* le Ré Ó Laighléis. Fógraíodh duaischiste iomlán €17,000.

Déanann Áis riar ar an scéim le tacaíocht margaióchta a sholáthar d'earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge. Is faoin scéim seo a eagraítear an feachtas margaióchta Love Leabhar Gaeilge. Rinneadh scéim nua a fhógairt le linn 2020, a chlúdóidh tréimhse tríocha mí idir Iúil 2020 agus Nollaig 2022. Déanfar an scéim úr seo a riar i gcomhair le Cumann na bhFoilsitheoirí.

### Scéim na dTionscadal Litríochta

Chuir Clár na Leabhar Gaeilge maoiniú ar fáil faoi Scéim na dTionscadal Litríochta do na tionscadaíl seo a leanas chun scríbhneoireacht, foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge a chothú:

- **Gaelchultúr** – ClubLeabhar.com, club leabhar ar líne.
- **Móinín** – an Scríobhlann, dianchúrsa oiliúna i scríobh an ghearrscéil agus an úrscéil.
- **Áras Scríbhneoirí na hÉireann** – sparántachtaí scríbhneoireachta cruthaithí, Scríbhneoirí ina gCónaí (ar líne), Scéim an Scríbhneora Cónaithe (The River Mill).
- **Éigse Éireann/Poetry Ireland** – sraith cónaitheachtaí i scoileanna Gaeltachta (bunscoileanna agus meánscoileanna), Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí.
- **Young at Art** – seisiúin do pháistí le húdair Ghaeilge.
- **Ó Bhéal** – sraith léamha filíochta dátheangacha, arna dtionlacan ag ceol.



### **ClubLeabhar.com**

The number of followers of ClubLeabhar.com increased in terms of members and Facebook friends and followers. Over 3,700 people are registered with the online club, and, between Facebook and Twitter, more than 3,300 are following on social media.

### **Ó Bhéal**

Poetry readings took place on 11 May with poets Louis de Paor and Caitríona Ní Chléirchín performing on Zoom and Facebook Live. They received great feedback and the video was viewed more than 970 times. Forty people took part in the event.

The organisations are to be commended for the remarkable work they have carried out during the pandemic, in particular on the virtual projects that took place due to ongoing COVID-19 restrictions.

### **Commissions Scheme**

The Commissions Scheme focuses on ensuring satisfactory provision in the various areas of reading. Clár na Leabhar Gaeilge has managed forty-five commissions under schemes 2015, 2017, 2019 and during 2020. Extensions were provided until 2021 for some of the commissions under the schemes 2015 and 2017. The 2019 scheme is on target and will be completed by July 2022.

### **The Mentoring Scheme**

Under the Mentoring Scheme Clár na Leabhar Gaeilge gives new writers an opportunity to get advice on their writing and craft from mentors who are recognised and established writers.

Eleven writers and mentors worked together under the 2019-20 scheme.

Áine Ní Ghlinn, who was appointed Laureate na nÓg in 2020, worked as coordinator of the scheme and provided support to all participating mentors and writers. She organised a weekend workshop at the start of the scheme in a hotel in Portlaoise, and two hour workshops on Zoom at the end of the scheme, due to Covid-19.

21 texts from eight writers under the scheme were reviewed. This was done with discretion, through Clár na Gaeilge, and the writer did not know the identity of the reviewer or critic. It was for the writers themselves to avail of this feedback and they were not obliged to accept the conclusions.

### **Promoting reading in Irish**

Despite limited funds, Clár na Leabhar Gaeilge provided funding for sixty playgroups and preschools and forty-five Gaelscoileanna and Gaeltacht schools in both jurisdictions to increase the provision of Irish language books. This was done to compensate for the absence of literary events in the libraries during the pandemic.

### **Clár na Leabhar Gaeilge Committee**

Clár na Leabhar Gaeilge had three committee meetings during 2020.

### **An Gúm**

A completed text of the talks given at the 90th An Gúm Commemorative Conference in 2016 was published in PDF format on the site.

- **Ollscoil Éireann Gaillimh** – comhdháil ar litríocht agus ar chultúr na Gaeilge do mhic léinn PhD le labhairt faoina gcuid taighde. Tharraing OÉG siar ón scéim mar gheall ar COVID-19.

### **ClubLeabhar.com**

Tháinig méadú ar líon na leantóirí atá ag ClubLeabhar.com, idir bhaill, cairde Facebook agus leantóirí Facebook. Tá breis agus 3,700 duine cláraithe leis an gclub ar líne, agus idir Facebook agus Twitter tá breis agus 3,300 á leanúint ar na meáin shóisialta.

### **Ó Bhéal**

Bhí ócáid léamha filíochta ar an 11 Bealtaine leis na filí Louis de Paor agus Caitríona Ní Chléirchín ar Zoom agus Facebook Live. Fuair siad aiseolas iontach ina leith agus breathnaíodh ar an bhfiseán níos mó ná 970 uaire. Ghlac daichead duine páirt san ócáid.

Tá na heagraíochtaí le moladh as an obair iontach a cuireadh i gcrích le linn na paindéime, go háirithe maidir leis na tionscadail fhíorúla a réachtáladh mar gheall ar shrianta leanúnacha COVID-19.

### **Scéim na gCoimisiún**

Díríonn Scéim na gCoimisiún ar sholáthar sásúil sna réimsí éagsúla léitheoireachta a chinntiú. Rinne Clár na Leabhar Gaeilge bainistíocht leanúnach ar chúig choimisiún agus daichead faoi scéimeanna 2015, 2017 agus 2019 le linn na bliana 2020. Cuireadh sínithe ama ar fáil go dtí 2021 do chuid de na coimisiúin faoi scéimeanna 2015 agus 2017. Tá scéim 2019 ar sprioc agus cuirfear í i gcrích faoi mhí Iúil 2022.

### **An Scéim Meantóireachta**

Faoin Scéim Meantóireachta tugann Clár na Leabhar Gaeilge deis do scríbhneoirí i dtús a ré scríbhneoireachta comhairle faoina gcuid scríbhinní agus faoi cheird na scríbhneoireachta a fháil ó mheantóirí ar scríbhneoirí aitheanta iad.

Bhí aon scríbhneoir déag agus aon mheantóir déag ag obair lena chéile faoin scéim 2019-20.

Bhí Áine Ní Ghlinn, a ceapadh ina Laureate na nÓg in 2020, ag obair mar chomhordaitheoir ar an scéim. Chuir Áine tacaíocht ar fáil do na meantóirí agus na scríbhneoirí go léir faoin scéim. D'eagraigh sí ceardlann deireadh seachtaine ag tús na scéime in óstán i bPortlaoise, agus dhá cheardlann uair a chloig ar Zoom ag deireadh na scéime mar gheall ar Covid-19.

Rinneadh léirmheastóireacht ar 21 ábhar scríbhneoireachta ó ochtar scríbhneoirí faoin scéim. Rinneadh seo ar bhonn discríde, trí Chlár na Gaeilge, agus ní raibh a fhios ag an scríbhneoir cé a rinne an léirmheas ná ag an léirmheastóir cé a scríobh an píosa. Is faoin scríbhneoir féin a bhí sé an deis léirmheastóireachta seo a thapú agus ní raibh aon iallach orthu glacadh leis seo.

### **Cothú na Léitheoireachta Gaeilge**

Chuir Clár na Leabhar Gaeilge maoiniú ar fáil do sheasca naíonraí nó naiscoil agus do chúig cinn is daichead de Ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta sa dá dhlíne faoi chistí teoranta ar mhaithe le cur le soláthar leabhair Ghaeilge in ionad ócáidí litríochta a réachtáil sna leabharlanna le linn na paindéime.

### **Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge**

Eagraíodh trí chruinniú de choiste Chlár na Leabhar Gaeilge in 2020.

### **An Gúm**

Cuireadh téacs iomlánaithe de na cainteanna a tugadh ag Comhdháil Chomórtha 90 bliain an Ghúim in 2016 ar fáil i bhfoirm PDF ar an suíomh.

## **An Gúm**

A completed text of the talks given at the 90th An Gúm Commemorative Conference in 2016 was published in PDF format on the site.

## **Áis**

Áis (an Áisíneacht Dáileacháin Leabhar/the Book Distribution Agency) was established in 1980 as a wholesaler to distribute Irish language publications both nationally and internationally. This is a challenging period in the book business as a whole, but Áis succeeded in surpassing its 2020 target with sales over 8% higher than the previous year. Over 200,000 books were distributed in 2020, with a total value above €1,080,000. During 2020 Áis distributed books to over 260 different shops – 248 on the island of Ireland and twelve in the rest of the world.



## **Colmille – promoting the use of the Gaelic languages**

Work continued on the various aspects of Colmille's programme: the Grant Scheme, Minor Grants Scheme and Bursary Scheme. Work on the Slí Cholmille website was postponed to 2020 to make it ready for the commemoration in 2020 and 2021 – 1,500 years since the birth of Colmille. The Board of Foras na Gaeilge and Bord na Gàidhlig approved the Colmille three-year plan (2019-2021) and it has been submitted to the sponsoring departments.

## **Q-Mark for Irish**

The National Standards Authority of Ireland (NSAI) carried out an annual examination of the processes relating to the Q-Mark developed by Foras na Gaeilge. Once again, they affirmed this accreditation as an ISO 9001:2015 standard. Five more firms were examined by the external auditor during 2020 and will be awarded the Q-Mark for Irish Language in Business in 2021. Nine other companies have been identified to start the audit process in 2021.

## **A strategy for the business sector**

A business strategy jointly agreed with other stakeholders involved in the working group under the direction of Glór na nGael was finalised.

## Áis

Bunaíodh an Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (Áis) in 1980 chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh mar mhórdhioltóir go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is tréimhse dhúshlánach í seo i ngnó na leabhar trí chéile ach d'éirigh le hÁis an sprioc do 2020 a shárú le díolachán a bhí 8% níos airde ná an bhliain roimhe. Dáileadh os cionn 200,000 leabhar san iomlán in 2020, díolachán ar fiú níos mó ná €1,080,000 é. Le linn 2020 rinne Áis dáileadh chuig níos mó ná 260 siopa éagsúil, 248 acu ar oileán na hÉireann agus dhá cheann déag sa chuid eile den domhan.

## Úsáid na dteangacha Gaelacha a chothú, Colmcille

Rinneadh riar ar na gnéithe éagsúla de chlár oibre Cholmcille: an Scéim Deontas, an Scéim Miondeontas agus an Scéim Sparánachta. Cuireadh an obair ar shuíomh gréasáin Shlí Cholmcille siar go dtí 2020 le go mbeadh sé in inmhe don chomóradh in 2020 agus 2021 ar 1,500 bliain ó rugadh Colmcille. D'fhaomh Bord Fhoras na Gaeilge agus Bord na Gàidhlig plean trí bliana Cholmcille (2019-2021) agus tá sé curtha faoi bhráid na ranna coimircíochta.



## Q-Mharc don Gaeilge

Rinne an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) scrúdú bliantúil ar na próisis a bhaineann leis an Q-Mharc faoi stiúir Fhoras na Gaeilge agus d'athdheimhnigh siad an séala aitheantais ardchaighdeán seo mar chaighdeán de chuid ISO 9001:2015. Chuir an t-iniúchóir seachtrach cúig ghnólacht eile faoi scrúdú le linn 2020 agus bronnfar an séala Q-Mharc Gnó le Gaeilge orthu in 2021. Tá naoi ngnólacht eile aitheanta le tús a chur leis an bpróiseas iniúchta in 2021.

## Straitéis i leith earnáil an ghnó

Cuireadh bailchríoch ar an straitéis aontaithe gnó leis na páirtithe leasmhara eile a bhí rannpháirteach sa mheitheal oibre faoi stiúir Ghlór na nGael.

## Ghlór na nGael: comórtas Ghlór na nGael

Ar eagrán speisialta den chlár Barrscéalta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta a craoladh ar an 19 Feabhra 2020, d'fhógair Frainc Mac Cionnaith, Bainisteoir Forbartha, agus Sara Ní Chuireáin, Oifigeach Forbartha Ghlór na nGael, torthaí Chomórtas Náisiúnta Ghlór na nGael 2019. Fógraíodh duaischiste de

### **Glór na nGael competition**

On 19 February 2020, during a special edition of RTÉ Raidió na Gaeltachta's Barrscéalta programme, Frainc Mac Cionnaith, Development Manager, and Sara Ní Chuireáin, Glór na nGael's Development Officer, announced the results of the 2019 Glór na nGael National Competition. Prizes to the value of €80,000 were announced and distributed among Irish language communities throughout the island. The main winner of 2019 was Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, who were presented with the Glór na nGael Trophy.

### **Supporting the use of Irish in the media and multi-media platforms**

A consultation was completed, under the direction of Foras na Gaeilge, on the future of Irish language media. The Board of Foras na Gaeilge agreed on a revised approach to its grant selection process in 2019. The Board of Foras na Gaeilge approved a further extension to complete the appointment process and tenders were completed with the three current providers in December 2020.

### **The Online Newspaper Scheme**

A four-year grant of €1.2 million was approved for tuairisc.ie in 2014. The online news publication was published weekly in 2019 and was read by over 276,000 users until the end of the year, representing a 6% increase in the number of users in 2018. Between 10,000 and 15,000 unique users visited the site per week in 2019 and there were 2,211,189 page views in the course of the year. The Board of Foras na Gaeilge approved the extension of the current contract until December 2020.

### **The Lifestyle Magazine Scheme**

*NOS* was the successful applicant under this scheme to publish an online feature magazine. Monthly editions were published during 2019 with over 66,062 website visitors to the end of the year, a slight decrease of 3.4% on 2018. The number of regular readers rose by 30%. The 2020 NÓS Music Awards were also held under the auspices of [www.nos.ie](http://www.nos.ie). The Board of Foras na Gaeilge approved the extension of the current contract until December 2020.

### **The Scheme for a Printed Irish language Magazine**

*Comhar* was the successful applicant under this scheme to provide a publication devoted to Irish language matters. Twelve editions of the magazine have been published since the beginning of 2019 with 600–700 copies being printed. Developments during the year include the publication of three special commemorative editions and an increase in the number of subscribers to 338. Between 120–220 copies of the magazine are now sold monthly from Easons and other shops on an all-island basis. The extension of the current contract was granted until December 2020.

luach €80,000 agus roinneadh na duaiseanna sin ar choistí pobail Gaeilge ar fud an oileáin. Ba í Cultúrlann McAdam Ó Fiaich príomhbhuaiteoir 2019 ar bronnadh Trófaí Ghlór na nGael orthu.

#### **Tacú le húsáid na Gaeilge sna meáin agus ar na hardáin ilmheán**

Rinneadh comhairliúchán ar thodhchaí scéimeanna na meán Gaeilge atá faoi stiúir Fhoras na Gaeilge agus d'aontaigh Bord Fhoras na Gaeilge ar chur chuige athbhreithnithe maidir le próiseas roghnúcháin deontaithe in 2019. Cheadaigh Bord Fhoras na Gaeilge síneadh ama eile chun an próiseas ceapacháin a chur i gcrích agus rinneadh tairiscintí leis na trí sholáthraí reatha i Nollaig 2020.

#### **An Scéim le haghaidh Nuachtán ar Líne**

Ceadaíodh deontas ceithre bliana de luach €1.2 milliún do Tuairisc.ie in 2014. Foilsíodh an tseirbhís nuachta ar líne gach lá le linn 2020 agus bhain os cionn 338,000 úsáideoir uathúil úsáid as. B'in ardú 22% ar líon na n-úsáideoirí in 2019. Thug idir 12,000 agus 16,000 úsáideoir uathúil cuairt ar an suíomh in aghaidh na seachtaine in 2020. Thug na húsáideoirí sin 1.13 milliún cuairt ar Tuairisc.ie in 2020 agus d'amharc siad ar os cionn 2.55 milliún leathanach le linn na gcuartheanna sin. Cheadaigh Bord Fhoras na Gaeilge síneadh ama ar an gconradh reatha go Nollaig 2020.

#### **An Scéim le haghaidh Iris Stíle Maireachtála**

Ba é *NOS* an t-iarratasóir rathúil in 2014 leis an scéim seo chun gné-iris ar líne a fhoilsiú. Rinneadh eagrán mhíosúla a fhoilsiú le linn 2019 agus bhí os cionn 90,164 cuairteoir ar shuíomh na hirise anuas go deireadh na bliana, sin ardú suntasach de 36% ar 2019. Léigh na daoine sin 260,004 leathanach ar NÓS sa tréimhse seo. An líon is airde amharc leathanaigh riamh i stair na hirise. Eagraíodh Gradaim Cheoil NÓS 2020 faoi scáth [www.nos.ie](http://www.nos.ie) chomh maith. Cheadaigh Bord Fhoras na Gaeilge síneadh ama ar an gconradh reatha go Nollaig 2020.

#### **An Scéim le haghaidh Iris Ghaeilge Chlóite**

Ba é *Comhar* an t-iarratasóir rathúil sa scéim seo in 2014 chun foilseachán ar ábhar Gaeilge a chur ar fáil. Foilsíodh dhá eagrán déag den iris ó thús 2020 agus bhí 600-700 cóip á gcur i gcló. I measc na bhforbairtí a rinneadh le linn na bliana, foilsíodh trí eagrán comórtha/speisialta, ardaíodh líon na síntiúsóirí go 380 agus bhí idir 50-100 cóip den iris á ndíol anois go míosúil ó shiopaí Easons agus eile ar bhonn uile-oileáin. Bhí titim ar dhíolachán irise sna siopaí ach méadú ar líon na síntiúsóirí mar thoradh ar shrianta Covid19 agus iarrachtaí léitheoirí nua a mhealladh le linn 2020. Cheadaigh Bord Fhoras na Gaeilge síneadh ama ar an gconradh reatha go Nollaig 2020.

## CORPORATE OBJECTIVE 4: COMMUNICATION

*To communicate effectively with stakeholders and promote the effective marketing of the Irish language throughout the island of Ireland*

### **Directing the public's attention toward the Irish language**

Various promotional campaigns were organised to support Foras na Gaeilge's projects including Do Ghairm le Gaeilge, #Foras20 (a commemoration of 20 years for Foras na Gaeilge) and a major campaign entitled #LeChéile. #Foras20 was a cross-platform campaign that ended in February 2020 having attracted 1.9 million impressions and 555,400 views. The campaign celebrated major developments since the establishment of Foras na Gaeilge with a series of new videos highlighting the establishment and development of the partnership approach with the six Irish language Lead Organisations. As part of the campaign, the podcast Motherfoclóir was sponsored between November 2019 and February 2020 to raise awareness among listeners.

The impact of the #LeChéile cross-platform campaign upon the online community is evidenced by the 21.6 million impressions achieved during 2020. The number of views on Foras na Gaeilge's accounts increased by 468% as a result of the campaign, which supported the public's use of Irish at home during lockdown.

Activities and advice relating to crafts, sports, reading, mindfulness and many other areas were presented by a series of well-known personalities who took over Foras na Gaeilge's platforms. To support the use of Irish, there was a partnership with a téarma.ie to present a number of new and timely terms, including 'social distancing' and 'remote working'.

The level of activity and the number of followers on Foras na Gaeilge's main social media accounts increased significantly in 2020. The number of followers on Twitter rose by 38.8%. There was a 155% increase in the number of followers on Instagram and a 60% increase in the number of followers on Facebook from 2019.



*Online yoga class as part of the #LeChéile Campaign.  
Rang Ióga ar líne mar chuid d'ócáidí eagraithe faoin bhfeachtas #LeChéile.*

## CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 4: CUMARSÁID

*Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus margatócht éifeachtach na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann a chur chun cinn*

### Aird an phobail a tharraingt ar an nGaeilge

Eagraíodh feachtais phoiblíochta éagsúla le tacú le tionscadail de chuid Fhoras na Gaeilge lena n-áirítear Do Ghairm le Gaeilge, #Foras20 (comóradh 20 bliain d'Fhoras na Gaeilge) agus mórfheachtas #LeChéile. Bhí 1.9 milliún imprisean agus 555,400 amharc ag an bhfeachtas trasardáin #Foras20 a tháinig chun deiridh i mí Feabhra 2020. Rinne an mórfheachtas ceiliúradh ar mhórfhorbairtí a rinneadh ó bunaíodh Foras na Gaeilge agus seoladh sraith fiseán nua a thugann léargas ar bhunú agus ar fhorbairt an chur chuige comhpháirtíochta leis na sé cheanneagraíocht Ghaeilge. Mar chuid den fheachtas, rinneadh urraíocht ar an bpodchraoladh Motherfoclóir idir Samhain 2019 agus Feabhra 2020 le feasacht a ardú i measc éisteoirí.

Léiríonn 21.6 milliún imprisean go ndeachaigh feachtas trasardáin #LeChéile go mór i bhfeidhm ar an bpobal ar líne le linn 2020. Tháinig méadú 468% ar líon na n-amharc ar chuntais Fhoras na Gaeilge mar thoradh ar an bhfeachtas a thacaigh leis an bpobal Gaeilge a úsáid sa bhaile le linn na dianghlása.

Roinneadh seisiúin agus comhairle a bhain le ceardaíocht, spórt, léitheoireacht, aireachas agus go leor réimsí eile trí shraith de phearsana aitheanta a ghlac seilbh ar ardáin Fhoras na Gaeilge. Le tacú le húsáid na Gaeilge, rinneadh comhpháirtíocht le téarma.ie le sraith téarmaí nua agus tráthúla a chur faoi bhráid an phobail, 'scaradh sóisialta' agus 'cianobair' ina measc.

Tháinig ardú suntasach ar an leibhéal gníomhaíochta agus ar líon na leantóirí ar phríomhchuntais Fhoras na Gaeilge ar na meáin shóisialta in 2020. Tháinig ardú 38.8% ar líon na leantóirí ar Twitter, ardú 155% ar líon na leantóirí ar Instagram agus ardú 60% ar líon na leantóirí ar Facebook ó 2019.





### **Large-scale occasions**

Because of COVID-19 restrictions, 2020 was an exceptional year in terms of large-scale events. Even so, many events were organised online.

### **Launch of Concise English-Irish Dictionary**

The launch of the new English-Irish Dictionary was the single biggest event of the year. The President of Ireland, Micheál D. Ó hUiginn, officially launched the *Concise English-Irish Dictionary* at an online event on 30 October. The event involved well-known figures such as Dara Ó Briain, Micheál Ó Muircheartaigh, Mary McAleese and many more, who shared their experiences with the Irish language and their attachment to the national language.

### **Colmcille 1500**

Monday 7 December 2020 saw the beginning of Colmcille 1500, a commemorative celebration of the legacy of St Colmcille 1500 years since his birth.

As part of the commemoration, in association with Bòrd na Gàidhlig, the newly-designed Colmcille site was launched on June 9th, St Colmcille's feast day. The site features a new logo for Colmcille, the partnership programme linking Irish and Scottish Gaelic. The co-hosted site is available in Irish, Scottish Gaelic and English, and is integrated with social media channels ([www.colmcille.net](http://www.colmcille.net)).

### **Book awards**

The Publishing Awards for the Irish Language books of the Year took place. These include Gradam Réics Carló (Book of the Year for Young Readers), Gradam Uí Shúilleabháin (Book of the Year for Adult Readers) and a new award for translated works, titled Gradam de Bhaldraithe in memory of Tomás de Bhaldraithe. This work is done in partnership with Oireachtas na Gaeilge. The importance of the Awards in the context of communication lies in recognising best practice, creativity and presentation at all levels of the process of preparing a book for the market. The 2020 winners are:

- Gradam de Bhaldraithe, *Ar Luch agus ar Dhuine*, translated by Colmcille Ó Monacháin, published by Leabhar Breac.
- Gradam Réics Carló, *An Féileacán agus an Rí* by Máire Zepf, with illustrations by Shona Shirley Macdonald. Published by Futa Fata.
- Gradam Uí Shúilleabháin, *Máchail* by Ré Ó Laighléis, published by Móinín.

### **Coverage and presence in national media**

A very important aspect of Foras na Gaeilge's work is to keep the public informed of projects, relevant news and other activities.

Foras na Gaeilge had regular contact with Irish and English language media during 2020. Representatives were made available for radio, television and newspaper interviews and press releases were issued on an ongoing basis.

Communication plans were put in place to share important information with the media and to explore issues with relevant partners.

During 2020 and COVID-19 restrictions, particular emphasis was placed on ongoing and clear communication with both the media and public through the website and social media.

### **Sponsorships and partnership projects**

Foras na Gaeilge was delighted to provide sponsorship for a wide range of projects, including: Turas Tíre sa Teach with Sadhbh Devlin and Tarsila Krüse (a colouring book and activities for children), a new podcast entitled

## **Mórcáidí**

Bliain eisceachtúil ab ea 2020 ó thaobh mórcáidí de bharr shrianta COVID-19, ach tapáidh deiseanna nua le hócáidí a réachtáil ar líne.

## **Seoladh *Concise English-Irish Dictionary***

Ba í seoladh an fhoclóra nua Béarla-Gaeilge mórcáid na bliana nuair a sheol Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, *Concise English-Irish Dictionary* go hoifigiúil ag ócáid ar líne ar an 30 Deireadh Fómhair. Bhí daoine mór le rá rannpháirteach san ócáid amhail Dara Ó Briain, Micheál Ó Muircheartaigh, Máire Mhic Ghiolla Íosa agus go leor eile nuair a roinn siad linn a gcuid taithí leis an nGaeilge agus an dáimh atá acu leis an teanga náisiúnta.

## **Colmille 1500**

Ar an Luan an 7 Nollaig 2020 cuireadh tús le Colmille 1500, ceiliúradh cuimhneacháin ar feadh bliana ar 1500 ó rugadh Naomh Colmille agus ar a oidhreacht.

Mar chuid den chomóradh, seoladh suíomh nuadheartha Cholmille, i gcomhar le Bòrd na Gàidhlig, ar an 9 Meitheamh, lá féile Naomh Colmille. Ar an suíomh tá lógó nua do Cholmille, an clár comhpháirtíochta a nascann Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban. Tá an suíomh comhóstáilte ar fáil i nGaeilge na hÉireann, i nGaeilge na hAlban agus i mBéarla, agus tá sé comhtháite le cainéil ar na meáin shóisialta ([www.colmille.net](http://www.colmille.net)).

## **Gradaim Leabhar**

Bronnadh Gradaim Foilsitheoireachta Leabhair Ghaeilge na Bliana – Gradam Réics Carló (Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg), Gradam Uí Shúilleabháin (Leabhar na Bliana don Léitheoir Fásta) agus gradam úrnua do shaothair aistriúcháin, Gradam de Bhaldráithe i ndilchuimhne Thomáis de Bhaldráithe. Is i gcomhpháirt le hOireachtas na Gaeilge a dhéantar an obair seo agus is é an tábhacht atá léi, ó thaobh na cumarsáide de go háirithe, go tugann na gradaim seo aitheantas do dhea-chleachtais, do chruthaíocht agus do chur i láthair ag gach aon leibhéal den phróiseas a bhaineann le leabhar a ullmhú don mhargadh. Is iad duaisleabhair 2020:

- Buaiteoir Ghradam de Bhaldráithe, *Ar Luch agus ar Dhuine*, arna aistriú ag Colmille Ó Monacháin, arna fhoilsiú ag Leabhar Breac.
- Buaiteoir Ghradam Réics Carló, *An Féileacán agus an Rí* le Máire Zepf, arna mhaisiú ag Shona Shirley Macdonald, arna fhoilsiú ag Futa Fata.
- Buaiteoir Ghradam Uí Shúilleabháin, *Máchail* le Ré Ó Laighléis, arna fhoilsiú ag Móinín.

## **Clúdach agus láithreacht sna meáin náisiúnta**

Is gné an-tábhachtach é seo d’obair Foras na Gaeilge leis an bpobal a choimeád ar an eolas maidir le tionscadail, nuacht ábhartha agus gníomhaíochtaí eile.

Bhí teagmháil rialta ag Foras na Gaeilge leis na meáin Ghaeilge agus Bhéarla le linn 2020. Cuireadh ionadaithe ar fáil d’agallaimh raidió, teilifíse agus nuachtáin agus eisíodh preaseisiúintí ar bhonn leanúnach. Cuireadh pleananna cumarsáide i bhfeidhm le faisnéis tábhachtach a roinnt leis na meáin agus le ceisteanna ábhartha a chioradh le páirtithe cuí. Le linn 2020, cuireadh béim ar leith ar chumarsáid leanúnach agus shoiléir leis na meáin agus leis an bpobal le linn srianta COVID-19 tríd an suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta.

## **Urraíochtaí agus tionscadail le comhpháirtithe**

Bhí áthas ar Fhoras na Gaeilge urraíocht a chur ar fáil do raon leathan tionscadal agus i measc na dtionscadal bhí: *Turas Tíre sa Teach* le Sadhbh Devlin agus Tarsila Krüse (leabhar dathúcháin agus gníomhaíochtaí do

Comhrá le Ógie with hÓgie Ó Céilleachair and a series of sean-nós videos as part of Togra Tom a' tSeoighe (in association with Molscéal, Cló Iar-Chonnacht and Ealaín na Gaeltachta).

A wide range of awards were sponsored to recognise best practice in using Irish in various fields. These included the Aisling Awards and the Irish Marketing Awards.

### **Feature advertising in the media and other projects**

Printed media remain a very powerful marketing tool. They provide us with a valuable opportunity to spread content and messages widely, not only among the Irish-speaking community but in all of the island's communities.

- Sponsorship was given to a Seachtain na Gaeilge supplement in *the Irish Independent* entitled '*Grá don Ghaeilge!*' ('Love for Irish!') which was included with the newspaper on the 26th of February.
- Foras na Gaeilge's websites were constantly maintained and updated.
- Twitter, Instagram, Facebook, LinkedIn and YouTube were regularly used to publicise Foras na Gaeilge's activities during 2020. Innovative campaigns were held on the various platforms to focus public attention on the work of Foras na Gaeilge, as well as the work of various grantees and the Irish Language Lead Organisations.
- The Concise English-Irish Dictionary was the subject of a major promotional campaign on social and traditional media. Information on the online version of the English-Irish Dictionary was circulated on [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) as a flagship project by Foras na Gaeilge. There was collaboration with PEIG.ie on a Word of the Day campaign.
- The services available on the Irish language portal site were managed under a service contract with the provider.
- A cross-departmental internal working group developed the presence of Foras na Gaeilge on social media and strengthened awareness of Foras na Gaeilge among the community.
- The Do Ghairm le Gaeilge ('Professional Opportunities with Irish') campaign was run in conjunction with Gradireland and PEIG.ie.
- A new series of interviews was filmed with various people working through Irish and made available on social media and on the Foras na Gaeilge YouTube channel.
- The GradIreland Careers Fair took place online on 30 September and 1 October 2020 and staff of Foras na Gaeilge and PEIG.ie were available to advise students on training and employment opportunities through Irish.
- The global Irish language community and Irish language audiences around the world were accommodated by this emphasis on online services, in particular in relation to learning aids available on the Foras na Gaeilge website under An Gúm (<http://www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum>) and the support material associated with the Séideán Sí project (<http://www.seideansi.ie>) and language resources at [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie), [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) and [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie). The Gúm and publishers funded by Clár na Leabhar Gaeilge have published a selection of their work in the form of an e-book which can be accessed around the world. Other funded groups were asked to be aware of the opportunities to serve these international communities, an example being how Raidió na Life and Raidió Fáilte broadcast their programmes online.

leanaí), podchraoladh nua *Comhrá le hÓgie* le hÓgie Ó Céilleachair agus sraith fiseán sean-nóis mar chuid de Thogra Tom a' tSeoighe (i gcomhar le Molscéal, Cló Iar-Chonnacht agus Ealaín na Gaeltachta).

Rinneadh urraíocht ar raon leathan gradam le haitheantas a thabhairt don sárchleachtas trí Ghaeilge i réimsí difriúla. I measc na ngradam bhí Gradaim na hAislinge agus Gradaim Mhargaióchta na hÉireann.

### **Gnéfhógraíocht sna meáin agus tionscadail eile**

Is uirlis iontach láidir mhargaióchta iad na meáin chlóite i gcónaí. Tugann na meáin seo deis luachmhar dúinn ábhar agus teachtaireachtaí a scaipeadh go forleathan, ní hamháin i measc phobal na Gaeilge ach i measc phobal uile an oileáin:

- Rinneadh urraíocht ar fhorlíonadh Sheachtain na Gaeilge in *The Irish Independent* dar teideal *Grá don Ghaeilge!* a cuireadh ar fáil leis an nuachtán ar an 26 Feabhra.
- Rinneadh cothabháil agus nuashonruithe ar shuíomhanna idirlín Fhoras na Gaeilge.
- Baineadh úsáid rialta as Twitter, Instagram, Facebook, LinkedIn agus YouTube le gníomhaíochtaí Fhoras na Gaeilge a phoibliú le linn 2020. Reáchtáladh feachtais nuálacha ar na hárdáin éagsúla le haird an phobail a dhíriú ar obair Fhoras na Gaeilge, deontaithe éagsúla chomh maith leis na Ceanneagraíochtaí Gaeilge.
- Rinneadh mórfeachtas poiblíochta faoin Concise English-Irish Dictionary ar na meáin shóisialta agus sna meáin thraidisiúnta. Scaipeadh eolas maidir leis an leagan ar líne den Fhoclóir Béarla-Gaeilge ar [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) mar thionscadal suaitheanta de chuid Fhoras na Gaeilge. Rinneadh obair i gcomhar le PEIG.ie ar an bhfeachtas Focal an Lae.
- Rinneadh bainistíocht ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil tríd an suíomh tairsigh don Ghaeilge trí chonradh seirbhíse leis an soláthróir.
- Rinne meitheal thras-rannach inmheánach forbairt ar láithreach Fhoras na Gaeilge ar na meáin shóisialta agus feachtas faoi Fhoras na Gaeilge i measc an phobail a threisiú.
- Reáchtáladh an feachtas Do Ghairm le Gaeilge i gcomhar le Gradireland agus Peig.ie.
- Rinneadh scannánú ar shraith nua agallamh le daoine éagsúla atá ag obair trí Ghaeilge atá ar fáil ar na meáin shóisialta agus ar chainéal YouTube Fhoras na Gaeilge.
- Reáchtáladh Aonach Gairmeacha Grad Ireland ar líne ar an 30 Meán Fómhair agus an 1 Deireadh Fómhair 2020 agus bhí foireann Fhoras na Gaeilge agus [peig.ie](http://www.peig.ie) ar fáil le comhairle a chur ar mhic léinn maidir le deiseanna oiliúna agus fostaíochta trí Ghaeilge.
- Rinneadh freastal ar phobal domhanda na Gaeilge agus ar lucht spéise na Gaeilge ar fud an domhain trí bhéim a chur ar sheirbhísí ar líne, go háirithe áiseanna foghlama atá ar fáil ar shuíomh Fhoras na Gaeilge faoin nGúm (<http://www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum>) agus an t-ábhar tacaíochta a bhaineann leis an tionscadal Séideán Sí (<http://www.seideansi.ie>), agus áiseanna teanga ag [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie), [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) agus [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie). D'fhoilsigh an Gúm agus foilsitheoirí atá maoinithe ag Clár na Leabhar Gaeilge rogha oiriúnach dá saothar i bhfoirm ríomhleabhar ar féidir teacht orthu ar fud an domhain. Iarradh ar ghrúpaí eile a gcuirtear maoiniú ar fáil dóibh a bheith airdeallach agus iad i mbun oibre ar na deiseanna atá ann freastal ar na pobail idirnáisiúnta seo, mar shampla an tslí a gcaolann idir Raidió na Life agus Raidió Fáilte a gcuid clár ar líne.

## **CORPORATE OBJECTIVE 5: POLICY, PLANNING & RESEARCH**

*To propose, advise on, implement and monitor policies and programmes of work in order to meet the needs of language promotion in the public and private sectors throughout the island of Ireland*

### **Staff integration and organisational affairs**

COVID-19 has made these aspects of the organisation's work particularly challenging. COVID-19 has added to the workload of human resources in terms of communication and access to offices. Even so, these challenges have been overcome. The business continuity plan has been successful and the organisation continues to operate without interruption in service delivery despite the particular challenges in the areas of human resources and information technology. A dedicated working group has been dealing with the implications of the pandemic for the organisation, highlighting the lessons learned from this emergency and considering how it can best be used to improve working methods when the emergency comes to an end.

Arrangements for flexibility were put in place in both jurisdictions, based on guidance by both governments. These are monitored and revisited on an on-going basis with a view to greater clarity on working methods in the long term.

Three full staff meetings were held virtually to promote the integration of staff from the various offices and to share key information.

Staff performance has been managed through a standardised system across the organisation with personal, departmental and strategic planning informed by the organisation's annual business plan. A system of attendance was put into operation and, as a component of staff development, staff members were given opportunities to work remotely as far as possible.

A report by external consultants on a possible re-adaptation of human resources in the organisation was circulated but, as a result of COVID-19, no discussion started until the last quarter of 2020.

As a result of COVID-19, further work was undertaken to adapt the various financial processes related to claims, payments etc. to the present circumstances (mainly staff working remotely). Additional meetings were held to deal with expenditure that was planned but could not take place because of various circumstances, including of course COVID-19.

### **Statutory duties: annual reports and accounts**

Materials were made available in relation to the 2019 Annual Report and Accounts in fulfilment of statutory obligations in this area.

### **Statutory duties: business plan and corporate plan**

Foras na Gaeilge presented to the sponsoring departments a draft of the 2021 Business Plan and updated drafts of the 2020 Business Plan, along with the Corporate Plan 2020-2022.

### **Other statutory and reporting duties**

Many other tasks relating to statutory and reporting duties were fulfilled: reporting at formal monitoring meetings with the sponsoring departments with written reports on progress on the annual business plan; reporting on all matters within Foras na Gaeilge's areas of responsibility in relation to the Five Year Action Plan prepared by the Department of Tourism, Culture, Arts,

## **CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 5: POLASAÍ, PLEANÁIL & TAIGHDE**

*Polasaithe agus cláir oibre a mholadh, comhairle orthu a thabhairt, iad a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh orthu d'fhonn freastal ar na riachtanais a bhaineann le cur chun cinn na teanga san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar fud oileán na hÉireann*

### **Comhtháthú foirne agus reáchtáil eagraíochtúil**

Bhain dúshlán ar leith leis na ngné seo d'obair na heagraíochta de bharr COVID-19. Bhí obair bhreise ann i réimse acmhainní daonna de bharr COVID-19 i dtaca le cumarsáid agus rochtain ar oifigí de ach sáraíodh na dúshláin a bhí i gceist. D'éirigh leis an bplean leanúnachais gnó sna cúinsí seo agus dá bharr lean an eagraíocht ag feidhmiú gan aon bhriseadh i soláthar seirbhísí in ainneoin na ndúshlán ar leith i réimsí na n-acmhainní daonna agus theicneolaíocht na faisnéise. Bhí meitheal ar leith ag plé go leanúnach le himpleachtaí na paindéime don eagraíocht agus ag tabhairt suntas dá bhfuil foghlamtha ón éigeandáil seo féachaint conas is fearr é a úsáid le modhanna oibre a fheabhsú nuair a bheidh an éigeandáil féin thart.

Bhí socruithe solúbhthachta i bhfeidhm sa dá dhlínse bunaithe ar threoir lárnach ón dá rialtas. Rinneadh monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach orthu ag súil le breis soiléireachta faoin gcur chuige oibre go fadtéarmach.

Reáchtáladh trí ollchruinniú foirne go fíorúil le comhtháthú na foirne ó na hoifigí éagsúla a chur chun cinn agus eolas tábhachtach a roinnt go lárnach.

Rinneadh bainistíocht ar fheidhmíocht na foirne trí chóras caighdeánach ar fud na heagraíochta le pleananna oibre pearsanta, rannóige, stiúrthóireachta a eascraíonn ó phlean gnó bliantúil na heagraíochta. Feidhmíodh córas tinrimh agus tugadh deiseanna don fhoireann tabhairt faoi chianoiliúint ábhartha a oiread agus a bhí indéanta mar ghné den fhorbairt foirne.

Scaipeadh tuairisc a scríobh comhairleoirí seachtracha faoi athoiriúnú féideartha ar úsáid acmhainní daonna san eagraíocht ach de bharr COVID-19 níor tosaíodh ar phlé ar bith faoi go dtí an ráithe dheireanach de 2020.

De dheasca COVID-19 rinneadh obair bhreise leis na próisis airgeadais éagsúla a bhaineann le héilimh, íocaíochtaí etc. a chur in oiriúint do na cúinsí reatha (go príomha an fhoireann a bheith ag obair ó chian). Reáchtáladh cruinnithe breise athdháilte le plé le caiteachas a bhí beartaithe ach nach dtarlódh ar chúinsí éagsúla, COVID-19 ina measc ar ndóigh.

### **Dualgais reachtúla: tuarascálacha bliantúla agus cuntais**

Cuireadh ábhar ar fáil i dtaca le Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2019 de leis na dualgais reachtúla a chomhlíonadh sa réimse seo.

### **Dualgais reachtúla: plean gnó agus plean corparáideach**

Chuir Foras na Gaeilge dréacht de Phlean Gnó 2021 agus dréachtaí nuashonraithe de Phlean Gnó 2020, agus de Phlean Corparáideach 2020-2022 faoi bhráid na ranna coimircíochta.

### **Dualgais reachtúla agus tuairiscithe eile**

Rinneadh freastal ar go leor cúraimí eile a raibh dualgais reachtúla agus tuairiscithe ag roinnt leo: tuairisciú ag cruinnithe foirmiúla monatóireachta leis na ranna coimircíochta trí thuairiscí scríofa a chur ar fáil ar dhul chun cinn ar an bplean gnó bliantúil, tuairisciú ar gach ábhar atá faoi réimsí

Gaeltacht, Sport and Media; appropriate reporting on prompt payments, freedom of information, data protection, publication of minutes, Dáil and Assembly questions and questions from other government departments. Elsewhere in this document, there is a separate description of some of the ways in which statutory advice is given to governments and various other authorities (see, for example, representation on different educational forums).

### **Best practice in language planning**

Co-operation with Údarás na Gaeltachta continued on an organisational basis, particularly regarding an approach to support the language planning process. This included a series of training workshops, planning meetings and development of a number of resources.

Under the auspices of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, and with funding from the same source, Language Planners continued their work as part of the language planning process.

Foras na Gaeilge formally reported on the progress achieved by Foras na Gaeilge during the 2018-2022 action plan (which is a sub-plan for the implementation of the 20 Year Strategy for the Irish Language 2010-2030).

### **Policy, planning and research**

#### ***A Strategic Direction for Foras na Gaeilge***

In 2019 a draft Strategic Direction document was developed covering a period of five years. The various planning streams, both internal (Business Plan and Corporate Plan) and external (the 20 Year Strategy for the Irish Language and the Strategy to Improve and Protect the Development of the Irish Language) were taken into account. The consultation process was extended until the end of January 2020 and the second public consultation event took place in Belfast.

However, due to COVID-19 and the fact that vacancies on the Board remained unfilled (including the Chairperson's role), work on the Strategic Direction could not be progressed as expected in 2020.

#### **Online systems**

Further work on the online application system was carried out in 2020. This will integrate the capture, processing and evaluation of applications and their connection to payment and reporting systems. It is planned that the system will be phased in during 2021.

#### **The Language Development Forum**

Three meetings of the Language Development Forum were held during 2020. During these meetings, the work and plans of Lead Organisations were discussed, and feedback given during meetings of the Partnership Forum. In addition, recommendations were made to Lead Organisations on a wide range of topics. These included proposals on research topics that would benefit the work of the Lead Organisations; gaps identified in the language community in the provision of schemes and proposals; the specific needs of particular target groups; the most effective ways of presenting new projects to the public, the type of support provided at different stages of a scheme or project and the most effective ways to judge the merits of a scheme.

Siuán Ní Mhaonaigh's term as Chairperson ended in December and she was thanked for the work she had done since January 2017.

freagrachta Foras na Gaeilge i dtaca leis an bPlean Gníomhaíochta Chúig Bliana a ullmhaíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, tuairisciú cuí ar phrasiocaíochtaí, saoráil faisnéise, cosaint sonraí, foilsiú miontuairiscí, ceisteanna Dála agus Tionóil agus ceisteanna ó ranna rialtais eile. Tá cur síos ar leith ar roinnt de na bealaí a gcuirtear comhairle reachtúil ar na rialtais agus údaráis éagsúla eile in áiteanna eile sa cháipéis seo (féach, mar shampla, an ionadaíocht a dhéantar ar fhóraitm oideachasúla éagsúla).

### **Dea-chleachtas pleanála teanga**

Leanadh den chomhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta ar bhonn eagraíochtúil agus go háirithe ar chur chuige le tacaíocht a thabhairt don phróiseas pleanála teanga, ina measc sraith de cheardlanna oiliúna, cruinnithe pleanála agus roinnt áiseanna.

Faoi réir agus le maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán lean an Pleanálaí Teanga lena cuid oibre mar chuid den phróiseas pleanála teanga.

Rinne Foras na Gaeilge tuairisciú foirmiúil ar an dul chun cinn a bhí déanta ag Foras na Gaeilge fad is a bhain leis an bplean gníomhaíochta 2018-2022 (atá mar fho-phlean d'fhorfheidhmiú *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*).

### **Polasaí, pleanáil agus taighde**

#### ***Treo Straitéiseach d'Fhoras na Gaeilge***

In 2019 rinneadh forbairt ar an dréacht den Treo Straitéiseach a chlúdódh tréimse cúig bliana. Rinneadh deimhin de go raibh na sruthanna éagsúla pleanála, inmheánacha (Plean Gnó agus Plean Corparáideach ) agus seachtracha (Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus an Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint) curtha san áireamh. Cuireadh síneadh ama leis an bpróiseas comhairliúcháin go dtí deireadh mhí Eanáir 2020 agus réachtáladh an dara hócáid comhairliúcháin phoiblí i mBéal Feirste.

De bharr chúinsí COVID-19, áfach, agus chúinsí an Bhoird (de bharr nár líonadh na folúntais a bhí ar an mBord – folúntas an Chathaoirligh ina measc), níorbh fhéidir an obair ar an Treo Straitéiseach a chur chun cinn in 2020 mar a rabhtas ag súil leis.

#### **Córas ar líne**

Rinneadh obair bhreise ar an gcóras iarratais ar líne in 2020. Déanfaidh sé seo comhtháthú ar ghabháil, phróiseáil agus mheasúnú iarratas agus iad a cheangal le córais íocaíochta agus tuairiscithe. Tá sé i gceist an córas a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn céimnitheach le linn 2021.

### **An Fóram Forbartha Teanga**

Tionóladh trí chruinniú den Fhóram Forbartha Teanga le linn 2020. Le linn na gcrúinnithe sin, rinneadh plé agus scagadh ar obair agus ar phleananna na gCeanneagraíochtaí agus tugadh aiseolas dá réir le linn cruinnithe den Fhóram Comhpháirtíochta. Lena chois sin, tugadh moltaí do na Ceanneagraíochtaí maidir le réimse leathan ábhar. Ina measc, bhí moltaí maidir le hábhair thaighde a rachadh chun sochair d'obair na gCeanneagraíochtaí; bearnaí a aithníodh sa phobal ó thaobh soláthar scéimeanna agus tograí de; sainriachtanais atá ag spriocghrúpaí faoi leith; na bealaí is éifeachtaí le tograí nua a chur i láthair an phobail, an cineál tacaíochta a chuirtear ar fáil ag céimeanna éagsúla de scéim nó de thogra agus na slata tomhais is éifeachtaí le breithiúnas a thabhairt ar fhiúntas scéime.

Tháinig deireadh le tréimhse cheapacháin an Chathaoirligh, Siún Ní Mhaonaigh, i mí na Nollag agus gabhadh buíochas léi as an obair a bhí déanta aici i mbun an chúraitm ó bhí Eanáir 2017 ann.



### **Review of the Partnership Approach**

The arrangements for the Partnership Approach are in place as a result of the North/South Ministerial Council decision of 10 July 2013. On 17 January 2014, Foras na Gaeilge announced the six Lead Organisations that would take responsibility for six major areas of work. This is the first formal review of all arrangements since then and, although the review was resumed in 2019, COVID-19 has substantially affected some of the proposed measures. The report of the reviewer was submitted to the Foras na Gaeilge Board in the first quarter of 2021.

### **Use of Irish in a business context**

Survey-based, all-island research on the use of Irish in a business context was commissioned. The research covered issues of general ability to use the language, questions about the additional advantage of branding goods through Irish and questions about the added monetary value associated with such branding. Comprehensive sampling (1,000+ people in both jurisdictions) was carried out so as to be representative of the entire population. The work has been carried out in a way that ensures consistency and comparison with results from other years. The survey work was carried out by Kantar.

### ***Cad é an Scéal? ('What's the Story?')***

As part of their awareness-raising work in 2020, and as the Lead Organisation responsible for advocacy, Conradh na Gaeilge published *Cad é an Scéal? 2020*, an annual research publication on issues relating to the Irish language.

### ***A Strategic Plan for Irish as a Family Language***

This work is being carried out under the auspices of Glór na nGael, one of the Lead Organisations. Representatives from Foras na Gaeilge participated in the meetings of the joint representative committee preparing a Strategic Plan for Irish as a Family Language. A draft plan has been agreed and the next steps discussed with the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

### **Strategy for Entrepreneurism**

This work is being carried out under the auspices of Glór na nGael, one of the Lead Organisations. Representatives from Foras na Gaeilge participated in the joint committee meetings with other relevant organisations. The joint committee aims to agree on a sectoral strategic plan for encouraging and increasing the use of Irish in the context of business. The work of the joint committee continued throughout 2020.

### **Foras na Gaeilge corporate initiatives**

New resources, publications and online events were regularly advertised on social media.

The dictionary staff gave public talks and lectures and conducted interviews in many different forums, particularly regarding the launch of the printed version of the New English-Irish Dictionary.

The Focal an Lae ('Word for the Day') campaign was carried out in collaboration with PEIG.ie.

Foras na Gaeilge participated in the general assembly of the European Federation of National Language Institutions (EFNIL) held virtually on 20 September and 1 October and decided to run a number of other webinars on Federation projects virtually in 2021.

### **Athbhreithniú ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta**

Tá na socrúithe a bhaineann leis an gCur Chuige Comhpháirtíochta i bhfeidhm de thoradh chinneadh na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas ar an 10 Iúil 2013, agus d'fhógair Foras na Gaeilge ar an 17 Eanáir 2014 na sé Cheanneagraíocht a bhí le freagracht a ghlacadh as sé mhór-réimse oibre. Seo an chéad athbhreithniú foirmiúil a rinneadh ar na socrúithe ar fad ó shin agus cé gur atosáíodh an t-athbhreithniú in 2019, chuir COVID-19 isteach go mór ar roinnt de na céimeanna a bhí beartaithe. Cuireadh tuairisc an athbhreithneora faoi bhráid Bhord Foras na Gaeilge sa chéad ráithe de 2021.

### **Úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs gnó**

Coimisiúnaíodh taighde i modh suirbhé faoi úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs gnó ar bhonn uile-oileáin. Chuimsigh an taighde ceisteanna cumais i gcoitinne, ceisteanna faoin mbuntáiste breise atá ag earraí le brandáil trí Ghaeilge agus ceisteanna faoi luach airgeadúil breise a shamhlaítear leo. Rinneadh sampláil chuimsitheach (1,000+ duine sa dá dhlínse) agus ionadaíocht ar an bpobal uile agus rinneadh deimhin de gur tugadh faoin obair ar bhealach a dheimhnigh leanúnachas ar mhaithe le comparáid a dhéanamh le torthaí ó bhlianta eile. Ba é an comhlacht Kantar a rinne an obair suirbhéireachta dúinn.

### ***Cad é an scéal?***

Tá mionsonraí faoi ghluaiseachtaí sócmhainní seasta leagtha amach i nóta 9 a ghabhann leis na cuntais.

### Taighde & Forbairt

#### Tionchar agus Impleachtaí Covid-19

D'éirigh go han-mhaith le Plean Leanúnachais Gnó Fhoras na Gaeilge agus lean feidhmiú na heagraíochta gan bhriseadh nuair ba ghá don fhoireann uile obair ón mbaile. Tá meitheal ar leith ag plé go leanúnach leis an gceist seo agus ag tabhairt suntais dá bhfuil foghlamtha as an bpaindéim seo féachaint conas is fearr é a úsáid le modhanna oibre a fheabhsú.

#### Athbhreithniú ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta

Tá na socrúithe a bhaineann leis an gCur Chuige Comhpháirtíochta i bhfeidhm de thoradh cinneadh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ar an 10 Iúil 2013 agus gur fhógair Foras na Gaeilge ar an 17 Eanáir 2014 na sé Cheanneagraíocht a bhí le freagracht a ghlacadh as sé mhór-réimse oibre. Seo an chéad athbhreithniú foirmeálta a rinneadh ar na socrúithe ar fad ó shin agus cé gur atosáíodh an t-athbhreithniú in 2019, chuir Covid-19 isteach go mór ar roinnt de na céimeanna a bhí beartaithe. Cuireadh tuairisc an athbhreithneora faoi bhráid Bhord Fhoras na Gaeilge sa chéad ráithe de 2021.

#### Úsáid na Gaeilge i gComhthéacs Gnó

Coimisiúnaíodh taighde i modh suirbhé faoi úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs gnó. Chuimsigh an taighde ceisteanna cumais i gcoitinne, ceisteanna faoin mbuntáiste breise atá ag earraí le brandáil trí Ghaeilge agus ceisteanna faoi luach airgeadúil breise a shamhlaítear leo.

### Forbairtí sa Todhchaí

#### Treo Straitéiseach

In 2019 rinneadh forbairt ar an ndrúacht den Treo Straitéiseach a chlúdódh tréimhse chúig bliana. Rinneadh deimhin de go raibh na sruthanna éagsúla pleanála, inmheánacha (Plean Gnó agus Plean Corparáideach) agus seachtracha (Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus an Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint) curtha san áireamh. De bharr chúinsí Covid-19 agus chúinsí an Bhoird (bhí cúpla folúntas ar Bhord Fhoras na Gaeilge amhail deireadh na bliana – folúntas an Chathaoirligh ina measc), níorbh fhéidir an obair ar an Treo Straitéiseach a chur chun cinn in 2020 mar a rabhthas ag súil leis.

#### Córas Iarratais Deontais ar Líne

Rinneadh obair bhreise ar an gcóras iarratais ar líne in 2020. Déanfaidh sé seo comhtháthú ar ghabháil, phróiseáil agus mheasúnú iarratais agus iad a cheangal le córais íocaíochta agus tuairiscithe. Tá sé i gceist an córas a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn céimnitheach le linn 2021.



### Full time Posts

Of the 70 full-time staff complement approved in principle by the NSMC for Foras na Gaeilge, 58 posts have been approved by the Sponsor and Finance Departments in both jurisdictions for the year ended 31 December 2020.

Details of the average weekly number of employees (full time equivalent) are set out in note 5 to the accounts.

### Corporate Governance

The organisation was re-accredited in 2018 in relation to the SWIFT 3000 Code of Practice for Corporate Governance Assessment in Ireland. The organisation also achieved the On Board “Gold Standard” in 2018, which recognises high standards of corporate governance. Both of these accreditations are valid until 2021.

### Important Events Occurring After The Year End

No important events took place after 31 December 2020 which would affect the accounts.

### Charitable Donations

Foras na Gaeilge made no charitable donations during the financial year ended 31 December 2020.

### Board Members

The functions of Foras na Gaeilge are exercised by the Board. The following served as Board Members of Foras na Gaeilge during 2020.

Pól Ó Gallchóir – Chairperson	Term ended 12/12/2020
Barra Ó Muirí – Deputy Chairperson	
Máire Ní Neachtain	
Conor Mc Guinness	
Mairéad Farrell	Resigned 08/02/2020
Maighréd Ní Chonghaile	
Sorcha Ní Chéide	
Niall Ó Gallochobhair	
Wuraola Majekodunmi	Appointed 27/11/2020
Dáithí Mac Cárthaigh	Appointed 27/11/2020
Dr Neasa Ní Chiaráin	Appointed 27/11/2020
Liam Rushe	Appointed 16/12/2020
Liadh Ní Riada	Appointed 16/12/2020
Kevin Ó hEadhra	Appointed 16/12/2020
Caoimhín Mac Giolla Mhín	Appointed 16/12/2020
Doiminic Ó Brolcháin	Appointed 16/12/2020

There were two vacancies (two southern nominees) on the Board of Foras na Gaeilge at 31 December 2020.

### Payment to Suppliers

Foras na Gaeilge is committed to prompt payment for goods and services received, in accordance with the Irish ‘Late Payments in Commercial Transactions Regulations, 2002’ and ‘Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act 1998’, as amended and supplemented by the ‘Late Payment of Commercial Debts Regulations 2002’ in the UK. Unless otherwise stated in the contract, payment is due within 30 days on receipt of the goods or services, or on presentation of an authorised invoice or similar demand, whichever is required in accordance with legislation. Regular reviews were conducted to measure how promptly Foras na Gaeilge pays its bills and found that in 2020 97% of bills were paid within the standard.

### Health and Safety Policy

Foras na Gaeilge’s Safety Statements (in accordance with the Safety, Health and Welfare at Work Act 2005 and the Safety, Health and Welfare at Work (General Application (Amendment) Regulations 2010) were revised in 2014. A standard review of Foras na Gaeilge’s Occupational Safety & Health management system was satisfactorily concluded by the Health and Safety Authority in December 2017 with no compliance matters arising. The organisation has specifically reviewed its Safety Statement for its Headquarters in Dublin in light of building moves in 2017. A full independent review of all premises was conducted during 2020 in light of the increased regulations and requirements relating to COVID-19.

### Poist Lánaimseartha

As an 70 post lánaimseartha ceadaithe d'Fhoras na Gaeilge i bprionsabal ag an gCATT, tá 58 post díobh faofa ag na Ranna Urraíochta agus Ranna Airgeadais sa dá dhlinse don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020.

Tá sonraí maidir le meánlíon seachtainiúil fostaithe (coibhéis lánaimseartha) i nóta 5 a ghabhann leis na cuntais.

### An Rialú Corparáideach

Bhain an eagraíocht cáilíocht amach arís in 2018 maidir le Cód Cleachtais SWiFT 3000 ar Mheasúnú ar an Rialú Inmheánach in Éirinn. Chomh maith leis sin, bhain an eagraíocht an “Caighdeán Óir” de chuid On Board amach i 2018, caighdeán a aithníonn ardchaighdeán sa rialú corparáideach. Tá an dá cháilíocht seo bailí go dtí 2021.

### Nithe suntasacha a tharla tar éis Dheireadh na Bliana

Níor tharla aon imeacht tábhachtach tar éis 31 Nollaig 2020 a d'imreodh tionchar ar na cuntais.

### Tabhartais Charthanúla

Ní dharna Foras na Gaeilge aon tabhartais charthanúla i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2020.

### Comhaltaí Boird

Is ar Bhord Fhoras na Gaeilge atá sé feidhmeanna Fhoras na Gaeilge a chur i bhfeidhm. D'fhreastail na daoine seo a leanas ar Bhord Fhoras na Gaeilge mar chomhaltaí boird le linn na bliana 2020.

Pól Ó Gallchóir – Cathaoirleach	Comhaltas in éag 12/12/2020
Barra Ó Muirí – Leas-Chathaoirleach	
Máire Ní Neachtain	
Conor Mc Guinness	
Mairéad Farrell	D'éirigh sí as 08/02/2020
Maighréad Ní Chonghaile	
Sorcha Ní Chéide	
Niall Ó Gallochobhair	
Wuraola Majekodunmi	Ceaptha 27/11/2020
Dáithí Mac Cárthaigh	Ceaptha 27/11/2020
An Dr Neasa Ní Chiaráin	Ceaptha 27/11/2020
Liam Rushe	Ceaptha 16/12/2020
Liadh Ní Riada	Ceaptha 16/12/2020
Kevin Ó hEadhra	Ceaptha 16/12/2020
Caoimhín Mac Giolla Mhín	Ceaptha 16/12/2020
Doimín Ó Brolcháin	Ceaptha 16/12/2020

Bhí dhá fholúntas (dhá ainmní dheas) ar bhord Fhoras na Gaeilge amhail 31 Nollaig 2020.

### Íocaíocht le Soláthraithe

Tá Foras na Gaeilge tiomanta d'íocaíocht phras billí le haghaidh earraí agus seirbhísí a fhaightear de réir ‘Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2002’ in Éirinn, agus an ‘Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act, 1998’, arna leasú agus arna fhorlíonadh ag an ‘Late Payment of Commercial Debts Regulations 2002’ sa Ríocht Aontaithe. Mura ndeirtear a mhalairt sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite laistigh de 30 lá ón am a bhfaightear na hearraí nó na seirbhísí, nó ón am a gcuirtear sonras údraithe nó éileamh den sórt céanna isteach, cibé acu atá ag teastáil de réir reachtaíochta. Rinneadh athbhreithnithe rialta lena thomhas cé chomh pras a íocann Foras na Gaeilge a chuid billí agus fuarthas gur íocadh 97% de bhíllí laistigh den chaighdeán sa bhliain 2020.

### Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Rinneadh athbhreithniú in 2014 ar Ráitis Shábháilteachta Fhoras na Gaeilge (de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta (Leasú) 2010). Chuir an tÚdarás Sláinte & Sabháilteachta measúnú caighdeánach ar an gcóras bainistíochta ar Shláinte & Shábháilteacht Cheirde atá in úsáid ag Foras na Gaeilge, a críochnaíodh in 2017 gan aon cheist maidir le comhlíonadh na rialacha a bheith ardaithe aige. Rinne an eagraíocht athbhreithniú ar a Ráitis Shábháilteachta dá Cheannáras i mBaile Átha Cliath i ndiaidh a bhogtha in 2017. Rinneadh athbhreithniú iomlán neamhspleách ar gach fhoirgneamh de chuid Fhoras na Gaeilge i rith 2020 i bhfianaise na dtreoirínte agus riachtanas nua a bhaineann le COVID-19.

### **Equality and Employees with Disabilities**

In the South, Foras na Gaeilge reports on the employment of disabled persons as required by the Disability Act 2005. Every employee and applicant (real or possible) will be dealt with fairly and selections as regards employment, promotion, training or any other benefits will be made on a basis of suitability and ability. An employee survey was conducted in 2020 in which 6.25% of respondents to the survey indicated that they had a disability (in the previous calendar year) as defined in the Disability Act 2005.

In compliance with the requirements of Section 75 of the Northern Ireland Act 1998 the two agencies of The Language Body jointly prepared a revised Equality Scheme in 2013. This was approved by the Equality Commission for Northern Ireland on the 13th of December 2013 which included provision for disabled employees. Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency co-operated on an annual progress report (2015-16) on Equality and Good Relations Duties.

### **Decentralisation**

An office was opened in Gaoth Dobhair on 1 September 2010 with the appointment of the Director for Publishing, Lexicography and Terminology. At 31 December 2020 there were seven employees attached to that office.

### **Employee Involvement**

Employees were members of various trade unions during 2020, namely, SIPTU and FÓRSA. No labour relations difficulties arose during the year. Throughout the year employees were regularly advised of any new developments and were consulted with through formal and informal meetings, at courses and briefings where staff were given every opportunity to contribute or comment on new procedures and policies.

### **Statement of Responsibilities for Board Members**

The role of each Board member is to provide leadership, vision, continuity of purpose and to be accountable to the public. The Board Members are required to:

- Contribute to decision-making and to be jointly responsible for the decisions taken.
- Attend Board meetings on a regular basis and to be well prepared by reading relevant papers in advance.
- Attend training events and keep up-to-date with subjects relevant to the work of the organisation.
- Contribute to the work of Board committees.
- Act at all times with propriety, declaring any interests that may conflict with their responsibilities as a Board Member.

<u>Seán Ó Coinn</u>	<u>13/05/2022</u>
Chief Executive	Date
Foras na Gaeilge	

### **Comhionannas agus Fostaithe atá faoi Mhíchumas**

Ó dheas, tuairiscíonn Foras na Gaeilge ar fhostú daoine atá faoi mhíchumas mar a éilítear faoin Acht um Mhíchumais 2005. Caithfear go cothrom le gach fostaí agus iarrthóir (fíor nó féideartha) agus is ar bhonn oiriúnachta agus cumais a dhéanfar roghanna a bhaineann le fostaíocht, ardú céime, oiliúint nó leas ar bith eile. Le linn 2020, rinneadh suirbhé foirne a léirigh go raibh 6.25% díobh siúd a ghlac páirt sa suirbhé (sa bhliain féilire roimhe) faoi mhíchumas de réir sainmhíniú an Achta um Mhíchumais 2005.

Ag comhlíonadh riachtanas Alt 75 den Northern Ireland Act 1998, d'ullmhaigh an dá ghníomhaireacht den Fhoras Teanga, i gcomhpháirt lena chéile, athbhreithniú ar an Scéim Comhionannais in 2013. Cheadaigh an Coimisiún Comhionannais i dTuaisceart Éireann an t-athbhreithniú seo ar 13 Nollaig 2013 ina raibh foráil d'fhostaithe faoi mhíchumas. Chomhoibrigh Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise ar thuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn (2015-16) ar Chomhionannas agus Dualgais Dhea-Chaidrimh.

### **Dílárú**

Osclaíodh oifig i nGaoth Dobhair ar 1 Meán Fómhair 2010 nuair a ceapadh an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta & Téarmaíochta. Ar 31 Nollaig 2020 bhí seachtar fostaithe nasctha leis an oifig sin.

### **Rannpháirtíocht Fostaithe**

Bhí fostaithe de chuid Fhoras na Gaeilge ina mbaill de cheardchumainn éagsúla le linn 2020, is iad sin: SIPTU agus FÓRSA. Níor tháinig aon deacrachtaí ó thaobh caidreamh tionsclaíoch de aníos le linn na bliana. I rith na bliana, coinníodh fostaithe ar an eolas faoi aon fhorbairtí nua go rialta agus chuathas i gcomhairle leo ag cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, ag cúrsaí agus ag seisiúin eolais, ina raibh deis ag baill foirne cur le nó trácht a dhéanamh ar nósanna imeachta nó polasaithe nua.

### **Ráiteas i leith Freagrachtaí do Chomhaltaí an Bhoird**

Is é ról gach comhalta boird ceannaireacht, fíis agus leanúnachas cuspóra a sholáthar agus a bheith freagrach don phobal. Iarrtar ar chomhaltaí boird:

- Cuidiú le cinnteoireacht agus a bheith freagrach i bpáirt lena chéile as na cinntí a dhéantar.
- Freastal ar chruinnithe boird ar bhonn rialta agus a bheith ullmhaithe go maith dóibh trí na cáipéisí cuí a léamh roimh ré.
- Freastal ar imeachtaí oiliúna agus coinneáil cothrom le dáta le hábhair a bhaineann le hobair na heagraíochta.
- Páirt a ghlacadh in obair na gcoistí boird.
- Feidhmiú i gcónaí mar is cóir, agus aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh teacht salach ar a gcuid freagrachtaí mar chomhalta boird a nochtadh.

<i>Seán Ó Coinn</i>	<i>13/05/2022</i>
Príomhfheidhmeannach	Dáta
Foras na Gaeilge	

## STATEMENT OF RESPONSIBILITIES

### Foras na Gaeilge's Responsibilities

The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and the Department for Communities have directed the Language Body to prepare a statement of accounts for each financial year in the form and on the basis set out in the accounts direction in the appendix to these accounts. The accounts are prepared on an accruals basis and must give a true and fair view of Foras na Gaeilge's state of affairs at the year end and of its income and expenditure, total recognised gains and losses, and cash flows for the financial year.

In preparing the accounts the Body is required to:

- observe the accounts direction issued by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and the Department for Communities, including the relevant accounting and disclosure requirements, and apply accounting policies on a consistent basis;
- make judgements and estimates on a reasonable basis;
- state whether applicable accounting standards have been followed or have not been followed and disclose and explain any material departures in the accounts;
- prepare the accounts on a going concern basis, unless it is inappropriate to presume Foras na Gaeilge will continue in operation.

The Language Body requires Foras na Gaeilge to keep proper accounts and financial records and to prepare a statement of accounts in respect of each year.

### Chief Executive's Responsibilities

The Chief Executive's responsibilities as the Accountable Person for Foras na Gaeilge, including the responsibility for the propriety and regularity of the public finances and for the keeping of proper records, are set out in the Financial Memorandum of Foras na Gaeilge.

<u>Seán Ó Coinn</u>	<u>13/05/2022</u>
Chief Executive	Date
Foras na Gaeilge	

## RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ

### Freagrachtaí Fhoras na Gaeilge

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán agus an Roinn Pobal tar éis treoir a thabhairt don Fhoras Teanga ráiteas cuntais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir do chuntais san aguisín a ghabhann leis na cuntais seo. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhrúithe agus caithfidh siad léargas fírinneach cóir a thabhairt ar staid chúrsaí an Fhorais ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus a chaiteachas, a ghnóthachain agus a chaillteanais aitheanta iomlán, agus a shreabhadh airgid don bhliain airgeadais.

Agus na cuntais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an bhForas Teanga:

- an treoir do na cuntais arna heisiúint ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán agus an Roinn Pobal, lena n-áirítear na ceanglais ábhartha maidir le cuntasáíocht agus faisnéisiú agus beartais chuntasáíochta iomchuí a chomhlíonadh ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnach;
- a rá ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasáíochta infheidhme agus aon difríocht ábhartha sna cuntais a mhíniú;
- na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh Foras na Gaeilge de bheith i bhfeidhm.

Ceanglaíonn an Foras Teanga ar Fhoras na Gaeilge cuntais agus taifid airgeadais chearta a choimeád agus ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliana.

### Freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Leagtar amach na freagrachtaí atá ar an bPríomhfheidhmeannach mar Dhuine Cuntasach Fhoras na Gaeilge, lena n-áirítear an fhreagracht as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as taifid chearta a choimeád, i Meamram Airgeadais Fhoras na Gaeilge.

<u>Seán Ó Coinn</u>	<u>13/05/2022</u>
Príomhfheidhmeannach	Dáta
Foras na Gaeilge	

## STATEMENT ON THE SYSTEM OF INTERNAL CONTROL

### Responsibility for the System of Internal Control

As Chief Executive Officer of Foras na Gaeilge, I acknowledge my responsibility for ensuring that an effective system of internal control is operated and maintained.

The system can only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions are authorised and properly recorded and that relevant errors or irregularities are either prevented or would be detected in a timely period.

### Key Control Procedures

The system of internal control operated is based on detailed administrative procedures, segregation of duties, specific authorisations and monthly management review of reports outlining the actual and budgeted results of programmes operated by Foras na Gaeilge. In particular, it includes the following:

- An established organisational structure with clearly defined lines of responsibility;
- A Programme Manager for Finance and Information Technology who is a qualified accountant and is responsible for the financial procedures of the organisation and reports to Senior Management;
- The Director of Corporate Services is a qualified accountant, who reports to the Audit Committee and the Board;
- Risk assessment and mitigation processes are implemented at a Directorate level and at an Organisational level;
- The implementation of a comprehensive budgeting system, with bespoke software designed to monitor grant expenditure. The Corporate Services Directorate carries out monthly reviews of all budgets. All budgets are reviewed and agreed by the Board at each meeting;
- The Implementation of Conflict of Interest Policy and the associated procedures for both Board and staff;
- The Internal Audit function is outsourced to an accountancy and business advisory firm. The internal audit function reports to the Chair of the Audit Committee and the Chief Executive Officer;
- An Audit Committee consisting of five Board Members (one of whom acts as Chairperson), and two external appointees which met 5 times in 2020 to review the internal auditor's reports and discuss matters arising around the risk register and advised the Board accordingly;
- Outstanding audit recommendations, made by the internal auditor, are tracked and presented at Audit Committee meetings as a standing item on the agenda, they are also presented to Monitoring Meetings with the Sponsor Departments;
- A representative from the Department for Communities occasionally attends Foras na Gaeilge Audit Committee meetings, and receives the relevant documentation;
- Assurance Statements are completed by the Chief Executive in conjunction with the Senior Management Team. They are submitted to the Sponsor Departments and reviewed in detail, along with other relevant matters, at quarterly Monitoring Meetings with the Sponsor Departments. They are also presented for information purposes to the Audit Committee.

### Annual Review of Controls

Foras na Gaeilge is committed to operating an efficient and economic internal control system.

My review of the effectiveness of the System of Internal Control is informed by the work of the internal auditor, the Audit Committee which oversees the work of the internal auditor, the managers within Foras na Gaeilge who have responsibility for the development and maintenance of the control processes and framework and by the comments made by the external auditors in the form of their management letter and other reports. This Statement of Internal Financial Controls was presented for consideration to the Audit Committee in March 2021 and to the Board in April 2021.

I have been advised on the implications of the result of my review of the effectiveness of the system of Internal Control by the Internal Auditor, managers within Foras na Gaeilge and the Audit Committee. No significant control matters occurred during the year.

Steps were taken to ensure its continuous improvement during the year. These include the following:

- A regular review of the risk register, informed by the Senior Management Team, is carried out by the Audit Committee, the Board and Sponsor Departments;
- A report on 2019 grant files of the 6 lead organisations was completed by the Internal Auditor in 2020;
- The following policies were reviewed and updated by the Audit Committee and the Board:
  - the Conflict of Interest Policy;
  - the Whistleblowing Policy;
  - the Fraud Policy; and
  - the Risk Management Policy;
- A report by Internal Audit on 2019 grant payments disclosed to the Government Funded Database was presented to the Audit Committee; and

## **RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚCHÁN INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS**

### **Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais**

Mar Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, admhaím mo fhreagracht as córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a fheidhmiú agus a choimeád.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnta seachas urrús absalóideach a chur ar fáil go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraitear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoshtar nó go n-aimseofaí go tráthúil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

### **Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh a fheidhmítear bunaithe ar nósanna mionsonraithe riaracháin, deighilt dualgas, údaruithe sonracha agus athbhreithniú míosúil bainistíochta ar thuairiscí a thugann breac-chuntas ar thorthaí iarbhir agus buiséadaithe cláir atá á bhfeidhmiú ag Foras na Gaeilge. Áirítear go sonrach na nithe seo a leanas:

- Struchtúr bunaithe eagraíochtúil, le línte soiléire freagrachtaí;
- Clár bainisteoir Airgeadais agus Theicneolaíocht na Faisnéise atá ina chuntasóir cáilithe agus atá freagrach as nósanna imeachta airgeadais na heagraíochta agus a thuairiscíonn don Fhoireann Ardbhainistíochta;
- Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha atá ina chuntasóir cáilithe agus a thuairiscíonn don Choiste Iniúchta agus don Bhord;
- Cuirtear próisis mheasúnaithe agus mhaolaithe rioscaí i bhfeidhm ag leibhéal na Stiúrthóireachtaí agus ag leibhéal na hEagraíochta ina hiomláine;
- Cuirtear córas cuimsitheach i bhfeidhm maidir le buiséadú, le bogearra saincheaptha chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas deontais. Déanann an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha athbhreithnithe míosúla ar gach buiséad. Athbhreithníonn agus faomhann an Bord gach buiséad ag gach cruinniú;
- Cuirtear Beartas um Choimhlint Leasa agus na nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm don fhoireann agus don Bhord;
- Gnó seachtrach cuntasáíochta agus comhairle gnó a chuireann feidhm an iniúchta inmheánaigh ar fáil. Tuairiscíonn an tIniúcháir Inmheánach go comhuaineach do chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus don Phríomhfheidhmeannach;
- Coiste Iniúchta atá comhdhéanta de chúigear comhaltaí boird (duine amháin díobh a fheidhmíonn mar Chathaoirleach), agus de bheirt atá ceaptha go seachtrach. Bhuail an Coiste Iniúchta le chéile 5 huairé sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an Iniúchóra Inmheánaigh, agus le saincheisteanna a tháinig chun cinn maidir leis an gclár rioscaí a phlé agus chuir sé comhairle ar an mBord dá réir;
- Rianaítear moltaí iniúchta an Iniúchóra Inmheánaigh, agus cuirtear na cinn a bhíonn fós le réiteach faoi bhráid an Choiste Iniúchta mar mhír sheasta ar an gclár, cuirtear na moltaí seo faoi bhráid na Ranna Urraíochta ag Cruinnithe Monatóireachta chomh maith;
- Bíonn ionadaí ón Roinn Pobal i láthair ag cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchta ó am go chéile, agus cuirtear an cháipéisíocht chuí ar fáil dó;
- Cuireann an Príomhfheidhmeannach, i gcomhar leis an Fhoireann Ardbhainistíochta, Ráitis Dearbhúcháin le chéile. Cuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchta iad mar eolas, agus faoi bhráid na Ranna Urraíochta iad. Déantar imscrúdú mionsonraithe orthu, mar aon le saincheisteanna ábhartha eile, ag Cruinnithe ráithiúla Monatóireachta leis na Ranna.

### **Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin**

Tá Foras na Gaeilge tiomanta do chóras rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach agus eacnamúil a fheidhmiú.

Tagann eolas i gcomhair m'athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ó obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ón gCoiste Iniúchta a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ó na bainisteoirí laistigh d'Fhoras na Gaeilge a bhfuil an fhreagracht orthu as forbairt agus cothabháil na bpróiseas agus an chreata rialaithe, agus ó na ráitis a dhéanann iniúcháirí seachtracha i bhfoirm a litreach bainistíochta agus tuairiscí eile. Cuireadh an Ráiteas seo maidir le Rialachán Inmheánach Airgeadais faoi bhráid an Choiste Iniúchta i mí an Mhárta 2021 agus faoi bhráid an Bhoird i mí Aibreáin 2021.

Thug an tIniúcháir Inmheánach, bainisteoirí laistigh d'Fhoras na Gaeilge agus an Coiste Iniúchta comhairle dom ar impleachtaí thorthaí m'athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Níor tháinig aon saincheisteanna suntasacha rialúcháin aníos le linn na bliana.

Glacadh céimeanna le feabhsú leanúnach a chinntiú le linn na bliana. Ina measc seo tá na nithe seo a leanas:

- Cuirtear athbhreithnithe rialta ar an gClár Rioscaí, arna chomhairliú ag an bhFoireann Ardbhainistíochta, faoi bhráid an Choiste Iniúchta, an Bhoird, agus na Ranna Urraíochta;
- Chuir an tIniúcháir Inmheánach tuairisc i gcrích a rinne iniúchadh ar chomhaid deontais 2019 na 6 Cheanneagraíocht in 2020;
- Rinne an Coiste Iniúchta agus an Bord athbhreithniú agus uasdátú ar na polasaithe seo a leanas:
  - An Polasaí Coimhlint Leasa,
  - An Polasaí Sceithreachta,
  - An Polasaí Calaoise, agus
  - An Polasaí Bainistithe Rioscaí;
- Cuireadh tuairisc ón Iniúcháir Inmheánach ar íocaíochtaí deontais 2019 a nochtadh ar an mBunachar Maoinithe Rialtas faoi bhráid an Choiste Iniúchta; agus



- A report on the internal audit activities for 2020 was carried out by the Internal Auditor. The systems of internal control were found in their view to be adequate and effective overall. This report was considered by the Audit Committee in March 2021.
- Covid 19:
  - Foras na Gaeilge staff impacted by office closures were enabled to work remotely - to process payments, pay grantees critical funding, pay salary and meet other organisational aims and objectives. Work processes were reviewed and amended as required. All offices were risk assessed prior to phased reopening.
  - Implications and arrangements resulting from the Covid-19 (financial and otherwise) were discussed at meetings of the audit committee, at Foras na Gaeilge board meetings and were reported to sponsor departments.
  - Within the organisation a business continuity group assessed the impact of guidance from both sponsor departments. The group reported to senior management and updated staff on Covid 19 implications and arrangements.

Seán Ó Coinn 13/05/2022  
Chief Executive Date  
Foras na Gaeilge

- Chuir an Tníúchóir Innheánach tuairisc i gcrích ar ghníomhaíochtaí iniúchta sa bhliain 2020. Measadh sa tuairisc go raibh na córais rialaithe innheánacha sásúil agus éifeachtach ar an iomlán. Cuireadh an tuairisc seo faoi bhráid an Choiste Iniúchta i mí an Mhárta 2021.
- Covid 19
  - Cumasaíodh foireann Fhoras na Gaeilge le bheith in ann obair ó chian – le híocaíochtaí a phróiseáil, le maoiniú criticiúil a íoc le deontaithe, le turastail a íoc agus le feidhmeanna eile eagraíochtúla a chomhlíonadh. Rinneadh uasdátú agus athbhreithniú ar phróisis oibre de réir mar ba ghá. Cuireadh measúnuithe rioscaí i gcrích ar gach oifig sular athosclaíodh iad go céimnitheach;
  - Pléadh impleachtaí agus socruithe ag eascairt as Covid-19 (cinn airgeadais nó eile) ag cruinnithe den Choiste Iniúchta, den Bhord, agus tuairiscíodh iad do na Ranna Urraíochta.
  - Laistigh den eagraíocht rinne meitheal leanúnachais gnó measúnú ar impleachtaí na treorach ón dá Roinn Urraíochta. Thuairiscigh an meitheal seo don Fhoireann Ardbhainistíochta agus rinne sí uasdátaithe don fhoireann ar shocruithe agus impleachtaí fad is a bhain le Covid-19 de.

Seán Ó Coinn 13/05/2022  
Príomhfheidhmeannach Dáta  
Foras na Gaeilge

**FORAS NA GAELIGE**
**STATEMENT OF INCOME & EXPENDITURE FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2020**

	Notes	2020 €	2020 Stg£	2019 €	2019 Stg£
<b>INCOME</b>					
Revenue from Departments	2	15,917,815	14,162,080	16,082,858	14,117,531
Deferred funding for Pensions	15.4.4	1,613,000	1,435,086	1,239,000	1,087,594
Release from Capital Grant Reserve	13	43,734	38,910	49,373	43,340
Income from Book Distribution and Sales		1,081,835	962,509	996,438	874,673
Other Operating Income	4	167,900	149,381	157,821	138,536
<b>Total Income</b>		<b>18,824,284</b>	<b>16,747,966</b>	18,525,490	16,261,674
<b>EXPENDITURE</b>					
Staff Costs & Board Remuneration	5	5,619,213	4,999,413	5,167,704	4,536,211
Grants expended by Foras na Gaeilge	8	9,617,978	8,557,114	9,754,227	8,562,261
Other Operating Costs	7	2,565,683	2,282,689	2,975,029	2,611,481
Direct Printing and Distribution Costs	3	694,361	617,773	811,022	711,915
Depreciation	9	43,734	38,910	49,373	43,340
<b>Total Expenditure</b>		<b>18,540,969</b>	<b>16,495,899</b>	18,757,355	16,465,208
<b>Surplus / (Deficit) for the Year</b>		<b>283,315</b>	<b>252,067</b>	(231,865)	(203,534)
Surplus carried forward from previous year		1,450,985	1,234,492	1,682,850	1,505,306
Currency Translation Adjustment	1.11	-	72,576	-	(67,280)
<b>Surplus transferred to Revenue Reserves</b>		<b>1,734,300</b>	<b>1,559,135</b>	1,450,985	1,234,492

**STATEMENT OF COMPREHENSIVE INCOME FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2020**

	Notes	2020 €	2020 Stg£	2019 €	2019 Stg£
<b>Surplus / (Deficit) for the Year</b>		<b>283,315</b>	<b>252,067</b>	(231,865)	(203,534)
Experience (Loss) / Gain	15.4.3	(253,000)	(225,000)	436,000	383,000
Gain / (Loss) due to currency movements	15.4.3	131,000	117,000	(99,000)	(87,000)
Loss on change of financial assumptions	15.4.3	(4,435,000)	(3,946,000)	(3,862,000)	(3,390,000)
Actuarial Loss on the pension liabilities		(4,557,000)	(4,054,000)	(3,525,000)	(3,094,000)
Adjustment to deferred pension funding		4,557,000	4,054,000	3,525,000	3,094,000
<b>Recognised Surplus / (Deficit) for the Year</b>		<b>283,315</b>	<b>252,067</b>	(231,865)	(203,534)

The notes 1 to 24 form part of these accounts.

Regina Uí Chollatáin 13/05/2022  
Chairperson Date  
Foras na Gaeilge

Seán Ó Coinn 13/05/2022  
Chief Executive Date  
Foras na Gaeilge

**FORAS NA GAELIGE**

**RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

	Nótaí	2020 €	2020 Stg£	2019 €	2019 Stg£
<b>IONCAM</b>					
Ioncam ó na Ranna	2	15,917,815	14,162,080	16,082,858	14,117,531
Cistiúchán iarchurtha pinsin	15.4.4	1,613,000	1,435,086	1,239,000	1,087,594
Scaoileadh ó chúlchiste deontais chaipitil	13	43,734	38,910	49,373	43,340
Ioncam ó dháileadh agus ó dhíol leabhar		1,081,835	962,509	996,438	874,673
Ioncam oibriúcháin eile	4	167,900	149,381	157,821	138,536
<b>Ioncam iomlán</b>		<b>18,824,284</b>	<b>16,747,966</b>	18,525,490	16,261,674
<b>CAITEACHAS</b>					
Costais foirne & luach saothair an bhoird	5	5,619,213	4,999,413	5,167,704	4,536,211
Deontais íoctha ag Foras na Gaeilge	8	9,617,978	8,557,114	9,754,227	8,562,261
Costais oibriúcháin eile	7	2,565,683	2,282,689	2,975,029	2,611,481
Costais dhíreacha phriontála agus dáilte	3	694,361	617,773	811,022	711,915
Dímheas	9	43,734	38,910	49,373	43,340
<b>Caiteachas iomlán</b>		<b>18,540,969</b>	<b>16,495,899</b>	18,757,355	16,465,208
<b>Barrachas / (Easnamh) don Bhliain</b>		<b>283,315</b>	<b>252,067</b>	(231,865)	(203,534)
Barrachas a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe		1,450,985	1,234,492	1,682,850	1,505,306
Coigeartú aistrithe airgeadra	1.11	-	72,576	-	(67,280)
<b>Barrachas arna aistriú chuig cúlchistí ioncaim</b>		<b>1,734,300</b>	<b>1,559,135</b>	1,450,985	1,234,492

**RÁITEAS AR GHNÓTHACHÁN AGUS AR CHAILLTEANAS CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

	Nótaí	2020 €	2020 Stg£	2019 €	2019 Stg£
<b>Barrachas / (Easnamh) don Bhliain</b>		<b>283,315</b>	<b>252,067</b>	(231,865)	(203,534)
(Caillteanas) / Gnóthachan ó thaithí	15.4.3	(253,000)	(225,000)	436,000	383,000
Gnóthachan / (Caillteanas) ó mhalartú airgeadra	15.4.3	131,000	117,000	(99,000)	(87,000)
Caillteanas maidir le hathruithe sna toimhdí airgeadais	15.4.3	(4,435,000)	(3,946,000)	(3,862,000)	(3,390,000)
Caillteanas achtúireach ar an scéim pinsin		(4,557,000)	(4,054,000)	(3,525,000)	(3,094,000)
Leasú ar mhaoiniú pinsean iarchurtha		4,557,000	4,054,000	3,525,000	3,094,000
<b>Barrachas / (Easnamh) aitheanta don Bhliain</b>		<b>283,315</b>	<b>252,067</b>	(231,865)	(203,534)

Is cuid de na cuntais seo na nótaí 1 go 24.

Regina Uí Chollatáin 13/05/2022  
Cathaoirleach Dáta  
Foras na Gaeilge

Seán Ó Coinn 13/05/2022  
Príomhfheidhmeannach Dáta  
Foras na Gaeilge

**FORAS NA GAEILGE**  
**STATEMENT OF FINANCIAL POSITION AS AT 31 DECEMBER 2020**

	Notes	2020 €	2020 Stg£	2019 €	2019 Stg£
<b>FIXED ASSETS</b>					
Tangible assets	9	70,269	63,172	87,805	74,703
<b>CURRENT ASSETS</b>					
Stocks	10	680,203	611,502	556,476	473,450
Receivables due within one year	11	628,757	565,253	621,237	528,549
Cash at bank and in hand	14.2	709,396	637,746	568,387	483,577
		<b>2,018,356</b>	<b>1,814,501</b>	1,746,100	1,485,576
<b>CURRENT LIABILITIES</b>					
Creditors (amounts falling due within one year)	12	(284,057)	(255,367)	(295,117)	(251,086)
<b>NET CURRENT ASSETS</b>					
		<b>1,734,299</b>	<b>1,559,134</b>	1,450,983	1,234,490
Total Asset less current liabilities before pension		<b>1,804,568</b>	<b>1,622,306</b>	1,538,788	1,309,193
Deferred pension funding balance	15.4.6	37,139,000	33,387,961	30,705,000	26,123,814
Pension liability	15.4.2	(37,139,000)	(33,387,961)	(30,705,000)	(26,123,814)
<b>TOTAL ASSETS LESS CURRENT LIABILITIES</b>					
		<b>1,804,568</b>	<b>1,622,306</b>	1,538,788	1,309,193
<b>FINANCED BY:</b>					
<b>CAPITAL AND RESERVES</b>					
Revenue Reserve		1,734,300	1,559,135	1,450,985	1,234,492
Capital Grant Reserve	13	70,268	63,171	87,803	74,701
		<b>1,804,568</b>	<b>1,622,306</b>	1,538,788	1,309,193

The notes 1 to 24 form part of these accounts.

Regina Uí Chollatáin 13/05/2022  
Chairperson Date  
Foras na Gaeilge

Seán Ó Coinn 13/05/2022  
Chief Executive Date  
Foras na Gaeilge

**FORAS NA GAEILGE**  
**RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2020**

	Nótaí	2020 €	2020 Stg£	2019 €	2019 Stg£
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>					
Sócmhainní inláimhsithe	9	70,269	63,172	87,805	74,703
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>					
Stoic	10	680,203	611,502	556,476	473,450
Féichiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin	11	628,757	565,253	621,237	528,549
Airgead sa bhanc agus ar láimh	14.2	709,396	637,746	568,387	483,577
		<b>2,018,356</b>	<b>1,814,501</b>	1,746,100	1,485,576
<b>DLITEANAIS REATHA</b>					
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	12	(284,057)	(255,367)	(295,117)	(251,086)
<b>GLANSÓCHMHAINNÍ REATHA</b>					
		<b>1,734,299</b>	<b>1,559,134</b>	1,450,983	1,234,490
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh pinsean					
		<b>1,804,568</b>	<b>1,622,306</b>	1,538,788	1,309,193
Iarmhéid maoiniúcháin phinsin iarchurtha	15.4.6	37,139,000	33,387,961	30,705,000	26,123,814
Dlitéanas pinsin	15.4.2	(37,139,000)	(33,387,961)	(30,705,000)	(26,123,814)
<b>SÓCMHAINNÍ SAN IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA</b>					
		<b>1,804,568</b>	<b>1,622,306</b>	1,538,788	1,309,193
<b>ARNA AIRGEADÚ AG:</b>					
<b>CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ</b>					
Cúlchiste ioncaim		1,734,300	1,559,135	1,450,985	1,234,492
Cúlchiste deontais chaipitil	13	70,268	63,171	87,803	74,701
		<b>1,804,568</b>	<b>1,622,306</b>	1,538,788	1,309,193

Is cuid de na cuntais seo na nótaí 1 go 24.

Regina Uí Chollatáin 13/05/2022  
 Cathaoirleach Dáta  
 Foras na Gaeilge

Seán Ó Coinn 13/05/2022  
 Príomhfheidhmeannach Dáta  
 Foras na Gaeilge

**FORAS NA GAEILGE**  
**STATEMENT OF CASH FLOWS FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2020**

	Notes	2020 €	2020 Stg£	2019 €	2019 Stg£
<b>NET CASH INFLOW / (OUTFLOW) FROM OPERATING ACTIVITIES</b>	14.1	<b>141,009</b>	<b>154,169</b>	(72,062)	(89,301)
<b>CAPITAL EXPENDITURE AND FINANCIAL INVESTMENT</b>					
Payments to acquire Tangible Fixed Assets	9	<b>(26,199)</b>	<b>(23,309)</b>	(42,676)	(37,461)
<b>NET CASH INFLOW / (OUTFLOW) BEFORE FINANCING</b>		<b>114,810</b>	<b>130,860</b>	(114,738)	(126,762)
<b>FINANCING</b>					
Capital Grant Received	13	<b>26,199</b>	<b>23,309</b>	42,676	37,461
<b>INCREASE / (DECREASE) IN CASH AND CASH EQUIVALENTS</b>	14.2	<b>141,009</b>	<b>154,169</b>	(72,062)	(89,301)

The notes 1 to 24 form part of these accounts.

**FORAS NA GAEILGE**  
**RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

	Nótaí	2020 €	2020 Stg£	2019 €	2019 Stg£
<b>SREABHADH / (EIS-SREABHADH) GLAN AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN</b>	14.1	<b>141,009</b>	<b>154,169</b>	(72,062)	(89,301)
<b>CAITEACHAS CAIPITIÚIL AGUS INFHEISTÍOCHT AIRGEADAIS</b>					
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	9	<b>(26,199)</b>	<b>(23,309)</b>	(42,676)	(37,461)
<b>SREABHADH / (EIS-SREABHADH) GLAN AIRGID ROIMH MHAOINIÚ</b>		<b>114,810</b>	<b>130,860</b>	(114,738)	(126,762)
<b>MAOINIÚ</b>					
Deontas caipitil faighte	13	<b>26,199</b>	<b>23,309</b>	42,676	37,461
<b>MÉADÚ / (LAGHDÚ) AR AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID THIRIM</b>	14.2	<b>141,009</b>	<b>154,169</b>	(72,062)	(89,301)

Is cuid de na cuntais seo na nótaí 1 go 24.



## FORAS NA GAELIGE – Notes to the accounts

### 1. Accounting Policies

The principal accounting policies, which have been adopted in the preparation of the accounts, are as follows:

#### 1.1 Accounting Convention

The accounts have been prepared in accordance with the historic cost convention. The accounts have been prepared in accordance with the Accounts Direction given by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and the Department for Communities with the approval of the respective Finance Departments, in accordance with the North/South co-operation (implementation bodies Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999. The accounts have been prepared in accordance with FRS 102.

#### 1.2 Statement of Compliance

The Financial Statements of Foras na Gaeilge for the year ended 31<sup>st</sup> December 2020 have been prepared in accordance with FRS 102, the financial reporting standard applicable in the UK and Ireland issued by the Financial Reporting Council (FRC), as promulgated by Chartered Accountants Ireland.

#### 1.3 Critical Accounting Judgements and Estimates

The preparation of the financial statements requires management to make judgements, estimates and assumptions that affect the amounts reported for assets and liabilities as at the balance sheet date and the amounts reported for revenues and expenses during the year. However, the nature of estimation means that actual outcomes could differ from those estimates. The following judgements have had the most significant effect on amounts recognised in the financial statements.

#### 1.4 Fixed Assets

a) Tangible Fixed Assets are entered at their cost to Foras na Gaeilge.

b) Depreciation is calculated to write off the cost or re-evaluated amounts of fixed assets within their useful life. The following are the methods and rates used each year:

Motor Vehicles	25% straight line
Fixtures and Fittings	10% straight line
Computer Equipment	33.33% straight line
Office Equipment	15% - 20% straight line

c) Impairment of Fixed Assets

Assets that are subject to amortisation are reviewed for impairment whenever events or changes in circumstances indicate that the carrying amount may not be recoverable. An impairment loss is recognised for the amount by which the asset's carrying amount exceeds its recoverable amount. The recoverable amount is the higher of an asset's fair value less cost to sell and value in use. Fixed assets that suffered impairment are reviewed for possible reversal of the impairment at each reporting date.

#### 1.5 Receivables

Receivables are recognised at fair value, less a provision for doubtful debts. Foras na Gaeilge currently doesn't hold a provision for doubtful debts. Write-offs for doubtful debts are recognised in the statement for Income & Expenditure.

#### 1.6 Pension Costs

The North/South Pension Scheme was established by the North/South Implementation Bodies and Tourism Ireland Limited with effect from 29 April 2005. It is a defined benefit pension scheme which is funded annually on a pay as you go basis. The scheme is administered by an external administrator. Funding is provided to Foras na Gaeilge from the Irish Government by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and from the Northern Ireland Executive by the Department for Communities.

As per the requirements of FRS 102, pension liabilities represent the present value of future pension payments earned by staff to date. Deferred pension funding represents the corresponding asset to be recovered in future periods from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (DTCAGSM) and the Department for Communities (DfC).

Pension costs reflect pension benefits earned by employees in the period. An amount corresponding to the pension charge is recognised as income to the extent that it is recoverable, and offset by grants received in the year to discharge pension payments. Pension liabilities represent the present value of future pension payments earned by staff to date.

From 2012, the current service cost is recognised gross of members' contributions. The accounting treatment in prior years had been to recognise members' contributions separately within the pension's note.

Actuarial gains or losses arising from changes to actuarial assumptions and from experience surpluses and deficits are reflected in the Statement of Comprehensive Income and a corresponding adjustment is recognised in the amount recoverable from the Northern Ireland Executive and the Irish Government.

## **FORAS NA GAELIGE - Nótaí a ghabhann leis na cuntais**

### **1. Beartais Chuntasaíochta**

Is iad seo a leanas na príomhbheartais chuntasaíochta ar glacadh leo agus na cuntais á n-ullmhú:

#### **1.1 Coinbhinsiún Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh na cuntais de réir choinbhinsiúin an chostais stairiúil. Ullmhaíodh na cuntais de réir treoraithe cuntasaíochta tugtha ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán agus ag an Roinn Pobal, le faomhadh ó na Ranna Airgeadais faoi seach, de réir Ordú Comhaontas Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaisceart Éireann) 1999 agus Comhaontú na Breataine/na hÉireann 1999.

#### **1.2 Ráiteas Comhlíonta**

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais Fhoras na Gaeilge don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 de réir FRS 102, an caighdeán tuarascála airgeadais i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus atá eisithe ag an gComhairle Tuarascála Airgeadais (Financial Reporting Council – FRC), agus curtha i bhfeidhm ag Chartered Accountants Ireland.

#### **1.3 Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta**

Agus na ráitis airgeadais á gcur le chéile, bíonn ar an bhfoireann bainistíochta breithiúnais agus tuairimí a thabhairt, agus meastacháin a ríomh maidir le haon rud a d'fhéadfaí cur isteach ar na méideanna fógartha i gcomhair sócmhainní agus dlíteanas le linn na bliana. Mar sin féin, is é nádúr an mheastacháin ná go bhféadfadh méideanna fíora a bheith éagsúil lena meastacháin sin. Bhí an tionchar is mó ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna aitheanta ar na ráitis airgeadais.

#### **1.4 Sócmhainní Seasta**

a) Cuirtear luach a gcostais ar Fhoras na Gaeilge le Sócmhainní Seasta Inláimhsithe.

b) Ríomhtar dímhéas chun costas nó méideanna athluacháilte sócmhainní seasta a dhíscríobh laistigh dá saolré úsáideach. Is iad seo a leanas na modhanna a ghlactar agus na rátaí a úsáidtear gach bliain:

Mótarfheithiclí	25% de réir líne chothrom
Daingneáin agus feistis	10% de réir líne chothrom
Trealamh ríomhaireachta	33.33% de réir líne chothrom
Trealamh oifige	15% - 20% de réir líne chothrom

c) Lagú Sócmhainní Seasta

Déantar athbhreithniú i gcomhair lagaithe sa chás go dtagann amúchadh i bhfeidhm ar shócmhainní. Déantar an t-athbhreithniú seo uair ar bith a athraíonn coinníollacha nó a tharlaíonn eachtraí a thugann le fios nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear an difríocht idir an tsuim ghlanluacha agus an tsuim in-aisghabhála mar chaillteanas amúchta. Is í an tsuim in-aisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas a díolta agus luach a feidhmiú. Déantar athbhreithniú ag gach dáta tuarascála ar shócmhainní seasta ar tháinig amúchadh i bhfeidhm orthu i gcomhair malartú féideartha ar an amúchadh sin.

#### **1.5 Infháltais**

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide soláthar i gcomhair fiacha amhrasacha. Ní dhéanann Foras na Gaeilge soláthar i gcomhair fiacha amhrasacha faoi láthair. Aithnítear díscríobhanna ar fhiacha amhrasacha sa ráiteas um Ioncaim agus Chaiteachais.

#### **1.6 Costais Phinsin**

Bhunaigh na Forais Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Tourism Ireland Limited an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas le héifeacht ó 29 Aibreán 2005. Is scéim pinsin sochair shainithe í a chistítear go bliantúil ar bhonn íoctar-mar-a-úsáidtear. Bíonn an scéim á riaradh ag riarthóir seachtrach. Cuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán maoiniú ó Rialtas na hÉireann ar fáil agus cuireann an Roinn Pobal maoiniú ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ar fáil.

Faoi réir riachtanais FRS102, cuimsíonn dlíteanas phinsin an luach reatha d'íocaíochtaí pinsin na todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dáta. Is ionann maoiniú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le héileamh sa todhchaí ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán (RTCEGSM) agus ar an Roinn Pobal (RP).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin tuillte ag fostaithe sa tréimhse. Aithnítear méid atá cothrom leis an muirear pinsin mar ioncam a mhéad is a bheidh sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain le híocaíochtaí pinsin a chomhlíonadh. Is ionann dlíteanas phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo, tuillte ag baill foirne go dáta.

Ó 2012, is é costas seirbhíse reatha comhlán aitheanta ranníocaíochtaí na mball. An cur chuige cuntasaíochta a bhíodh ann roimhe seo ná ranníocaíochtaí na mball a aithint ar línte ar leith sa nóta pinsin.

Léirítear gnóthachain nó cailteanas achtúireacha a tharlaíonn de bharr athruithe ar thiomhdí achtúireacha agus de bharr taithe ar bharrachais agus ar easnaimh sa Ráiteas faoi na Gnóthachain agus na hEasnaimh Aitheanta Iomlána agus aithnítear coigeartú dá réir sa tsuim in-aisghabhála ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann.

### **1.7 Deferred Pension Funding**

In accordance with accounting practice for non-commercial State bodies in the Republic of Ireland, Foras na Gaeilge recognises an asset representing resources to be made available by the UK and Irish Exchequers for the unfunded deferred liability for pensions on the basis of a number of past events. These events include the statutory backing for the superannuation schemes, and the policy and practice in relation to funding public service pensions in both jurisdictions including the annual estimates process. While there is no formal agreement and therefore no guarantee regarding these specific amounts with the funding bodies, Foras na Gaeilge has no evidence that this funding policy will not continue to progressively meet this amount in accordance with current practice. This treatment is inconsistent with accounting practice for UK Non-Departmental Bodies, where, due to the absence of a formal guarantee, a funding liability is not recognised until the commitment falls due.

### **1.8 Stocks**

Stocks comprise of books and other published material held for resale. Stocks are stated at the lower of cost and net realisable value after making due allowance for obsolete and slow-moving stocks.

### **1.9 Leases**

